www.gaelsceal.ie

Forlíonadh 8 leathanach saor in aisce! - nós*



Súil Siar ar Spórt 2010

L. 38

ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 40

Gaelscéal

Nollaig Shona dár léitheoirí go léir

24.12.2010

Straitéis Stairiúil don Ghaeilge Seolta

Le Maebh Ní Fhallúin i mBaile Átha Cliath

BHÍ Ionad Preasa an Rialtais lán do sheoladh Straitéis 20 Bliain na Gaeilge De Céadaoin ainneoin na gcúinsí artacha san ardchathair.

Ba dheas fothain a fháil ón síobadh sneachta lasmuigh ach faraor, níor chuir fógraí an Taoisigh agus an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta maidir lena bplean uileghabhálach don Ghaeilge ola ar chroíthe gach éinne a bhí i láthair. Os comhair slua iriseoirí agus feidhmeannach ó na heagraíochtaí Gaeilge, dúirt an tAire Pat Carey gur cúis chéiliúrtha a bhí sa phlean nua don Ghaeilge agus gur fúinne agus fúthu a bhí sé a chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm é.

Dúirt an Taoiseach Brian Cowen gur ardaigh sé a chroí an Straitéis a sheoladh agus gur "cúis dóchais agus mhisnigh don Ghaeilge í."

I ndiaidh an tseolta áfach, chuir gníomhairí teanga fáilte fhuarchúiseach roimh an Straitéis Oifigiúil, ag cur in iúl go bhfuil an iomarca doiléireachta agus soirbhis a baint léi.

I measc a n-ábhair buartha, leag duine amháin béim ar an easpa ceannasaíochta a bheidh ar fheidhmiú na Straitéise. Sa cháipéis, luaitear Coiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht, a dhéanfaidh maoirseacht ar dhul chun cinn na Straitéise agus a gheobhaidh tacaíocht ó Ghrúpa Oifigeach Sinsearach ó na Ranna Rialtais.

Ar lean ar leathanach 2

An Aimsir

TÁ na taifid is fuaire aimsire faighte againn an geimhreadh seo ón uair a thosaigh taifead aimsire sa tír.

Tá muid i dtaithí ar shneachta, ceo reoite agus teochtaí chomh híseal le -15° le mí anuas ach níl aon bhaol ann go mbeidh aon athrú air seo go ceann seachtaine ar a laghad.

Beidh Lá Nollag iontach fuar, idir -12° agus -7° ar maidin leis an teocht ag ardú go dtí idir -3° agus +2° sa tráthnóna. Beidh an lá gaofar le roinnt tréimhsí geala. Bí ag súil le báiste ar Lá Fhéile Stiofáin.

Tar éis tréimhse fhuar chomh fada againn caithfear ciall ár seanfhocail a cheistiú, 'Olc síon an sioc, is fearr sioc ná sneachta agus is fearr sneachta ná síorbháisteach'.

Camscéimeanna ríomhphoist trí Ghaeilge

Cá bhfios dóibh gur Gael thú : An bhfuil Gaeilgeoirí ag cuidiú leo?

Treasa Bhreathnach

TÁ camscéimeanna ríomhphoist thart chomh fada agus atá ríomhairí iad féin thart, ach ní go dtí le deanaí atá siad ag díriú ar Ghaeilgeoirí. Mar aon le gach duine eile sa tír an t-am seo bliana, tá an sparán beagnach folamh agus bheadh beagán níos mó airgid go deas.

Mar sin féin, ní hé sin le rá go gceapaim go bhfuil sé sin chun tarlú, ach sin é go díreach an mhuinín sa gcine daonna a bhfuil na daoine a dhéanann camscéimeanna ríomhphoist ag brath air.

Seo é an ríomhphost is deanaí i nGaeilge atá ag ofráil tairiscint iasachta do Ghaeilgeoirí, go deimhin fuair mé féin ar mo r-phost pearsanta é arú inné.

Ar lean ar leathanach 4

Clann an tsneachta

(PIC. LEON FARRELL PHOTOCALL IRELAND)

Deirfiúracha agus dearthháireacha Faye Mooney (10), Ella (7), Jake (13) agus Alex (5) ar a mbealach abhaile sna sneachta trom ar Clárchosán i mBaile Átha Cliath i rith na seachtaine.

RÉIGIÚNACH 8
TUAIRIMÍ 12
CÚRSAI SAOIL 16
nós* FORLÍONADH
IDIRNÁISIÚNTA 18
TEIC & GNÓ 20
BEATHA 23
OIDEACHAS 26
I measc an phobail 28
SPÓRT 29

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

1 NUACHT NÁISIÚNTA

Ag tréaslú nó ag easaontú le Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge?

Treasa Bhreathnach

FAOI dheireadh thiar thall, tar éis staidéir, coistí, comhchoistí agus fochoistí ar na comhchoistí tá an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge foilsithe. Bhí muid ag fanacht timpeall bliana leis an Straitéis seo ach an gciallaíonn sé sin gurb é seo an Straitéis atá ag teastáil uainn agus a bheidh mar shlánaitheoir don teanga?

Ba é Conchúr Ó Giollagáin duine de na daoine a rinne an Staidéar Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht arb é is cúis le réiteach na Straitéise seo. Deir sé, **"Táthar ag glacadh le moltaí an Staidéir i bprionsabal ach céard iad na beartais a bhfuil siad ag díriú orthu? Tá an Straitéis doiléir mar atá sé agus teastaíonn soiléiriú ó thaobh réimsí an teaghlaigh agus an oideachais. Is straitéis teanga í seo don Stát amháin atá dírithe ar fhoghlaimeoirí Gaeilge seachas cainteoirí baile agus tá neart straitéisí ann cheana féin d'fhoghlaimeoirí."** Mar chuid den straitéis tá spriocanna leagtha amach chun líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a ardú ó 83,000 go dtí 250,000 ach síleann Conchúr go bhfuil na spriocanna seo, "soineanta mar go dtagann líon na gcainteoirí as teaghlach a labhraíonn Gaeilge." Bhí an Dréacht-Straitéis againn ar feadh tamall fada ach deir Conchúr, "Níl mórán difríochta idir Dréacht 1 agus Dréacht 2 (den straitéis), is tar éis go bhfuair Comhchoiste an Oireachtais moltaí ón phobal a cuireadh i gcrích an Straitéis, ach gan mórán difríochta eatarthu - céard a bhí ar bun acu agus cén fáth nár tógadh moltaí an chomhchoiste ar bord?"

Tá impleachtaí móra ag an Straitéis do na heagraíochtaí uile Gaeilge, na heagraíochtaí bunmhaoinithe, Foras na Gaeilge féin agus Údarás na Gaeltachta a bheidh á athrú go hÚdarás na Gaeilge agus na Gaeltachta. I ráiteas foilsithe ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, deir siad gur **"gá tógáil anois ar na gealltanais atá luaite sa Straitéis agus plean feidhmithe a chur i dtoll a chéile, d'fhonn na spriocanna céimnithe atá leagtha síos sa Straitéis a bhaint amach."**

Ní raibh aon ráiteas le déanamh ag an Aire Nelson McCauland i leith na tagartha a rinneadh do Thuaisceart Éireann sa Straitéis:

Mar a tugadh ar aird thuas, leanfaidh an Rialtas ag obair freisin le go gcuirfear tiomantais ó thaobh na Gaeilge a bhaineann le Rialtas na Breataine agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i bhfeidhm ina n-iomláine, lena n-áirítear Acht Teanga don Ghaeilge a thabhairt isteach agus an Ghaeilge a fheabhsú, a chosaint agus a fhorbairt i dTuaisceart Éireann.

Chuireamar ceist ar dhaoine ar Facebook faoina mbarúlacha faoin Straitéis - ar fiú é a dhéanamh, an cur i gcéill atá ann nó fíor-iarracht? Is é seo a bhí le rá agaibhse. Deir Seán Ó hAdhmaill, **"Deis caillte..."** Dar le Conchubhar Ó Liatháin, **"Ní thuigim an teanga ina bhfuil sí scríte? An Ghaeilge í? Cathain a bheidh an leagan Ghaeilge ar fáil?"** Tá pointe tábhachtach ardaithe ag Irial Mac Murchú: "Go breá," a deir sé, **"má cheadaíonn an IMF an caiteachas chun é a chur i bhfeidhm."**

Go raibh maith agaibh!

Bronnadh Plaic ar Stáisiún Dóiteáin Bhaile Phib, i mBaile Átha Cliath, ó Andrew agus Miriam Gillick chun a mbuíochas a ghabháil as ucht saol a bpaistí a shábháil nuair a rugadh orthu in am, i rith na seachtaine. Sa phictiúr tá Rachel Lee, comhraiceoir dóiteáin, le tuismitheoirí an chúpla Ben agus Jonathan ar rugadh orthu in am i mí Aibreáin 2010. (Pic. Sasko Lazarov/Photocall Ireland)

Straitéise Stairiúla don Ghaeilge Seolta

Ar lean ó leathanach a haon

Ansin luaitear Aonad Straitéise atá á bhunú sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta le treoir a thabhairt d'fheidhmiú na Straitéise agus a dhréachtóidh reachtaíocht nua do bhunú Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Anuas ar sin, tá an tÚdarás nua le bheith freagrach as an Straitéis a sheachadadh ach is cosúil go leanfaidh Foras na Gaeilge ag tabhairt faoina ghnáthfhreagrachtaí reachtúla maidir leis an nGaeilge. "Galar na gcoistí arís", a d'osnaigh duine taobh liom.

Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil sé iomlán doiléir cé go baileach a bheidh freagrach as an Straitéis seo a chur i bhfeidhm, ach níl idirdhealú ar bith déanta idir cúraimí an Údaráis nua-mholta agus na n-eagraíochtaí uilig eile atá ar an bhfód.

Chomh maith le freagracht a ghlacadh ar ghnóthaí Gaeilge ar fud an Stáit, deirtear linn go gcoinneoidh an tÚdarás nua feidhm fiontraíochta a réamhtheachtaí. Ach le laghdú ollmhór i gcaiteachas caipitil Údarás na Gaeltachta do 2011 agus gan ach €1.5m curtha ar leataobh le bunstruchtúr na Staitéise seo a fhorbairt, tá baol ann nach mbeidh sé réalaíoch a cheapadh go mbeidh dóthain acmhainní ag an Údaras nua chun feidhmiú go héifeachtach ná go hinniúil.

Cuireadh an cheist a bhí chun tosaigh in aigne gach uile dhuine le linn an tseisiúin ghairid ceisteanna agus freagraí , ceist an olltoghcháin.

Thagair an Taoiseach agus an tAire Carey araon don tacaíocht shuntasach atá faighte ag an straitéis ó na páirtithe eile sa Dáil agus, cé go bhfuil siad dóchasach go gcuirfidh an chéad rialtas eile príomhghnéithe na straitéise i bhfeidhm, is beag ráthaíocht gur féidir leo a thabhairt go ndéanfar amhlaidh.

Ag deireadh a óráide chuir an tAire Carey fáilte ar leith roimh na meáin Bhéarla a bhí i láthair, dream a mhothaigh sé nár chaith go cothrom ná go dáiríre leis an teanga go minic. Ní túisce a bhí críoch leis an bhabhta ceisteanna faoin Straitéis ná go raibh na hiriseoirí céanna síos chuige le maidhceanna ag lorg ráitis uaidh faoi úsáid drugaí in RTÉ.

Bhí TD Fhine Gael, Frank Feighan, i láthair chun tacaíocht a pháirtí siúd don Straitéis a dheimhniú ach is beag eolas eile a bhí aige maidir le seasamh oifigiúil Fhine Gael ar cheist na Gaeilge mar ábhar ardteiste, ceist criticiúil do phobail agus do thodhchaí na Gaeilge. D'admhaigh sé nach bhfuil comhaontú sroichte fós ag an bpáirtí ach go bhfógrófar é roimh an olltoghchán.

Chuir an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, fáilte fhaichilleach roimh an Straitéis, ag rá go raibh an chuid dheacair den jab le déanamh anois - í a chur i bhfeidhm. D'aithin sé eilimintí maithe sa Straitéis ach tá gnéithe eile dar leis go bhféadfadh a bheith níos láidre. Dúirt sé gur lá stairiúil a bhí ann mar sin féin agus mhothaigh sé níos dóchasaí anois go bhfuil plean don Ghaeilge ar an saol.

Bhí daoine eile níos géire ina gcáineadh. Locht mór a shonraigh duine amháin ná príomhsprioc na Straitéise maidir le líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú ó 83,000 go 250,000. Dúirt an té a bhfuil saineolas aige ar chúrsaí sochtheangeolaíochta nach bhfuil loighic ná bunús acadúil ar bith leis an fhigiúr seo. Cinneadh eile ar chúis aiféala é do dhaoine áirithe ná nár bronnadh cumhachtaí breise ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus gur gá dóibh leanacht lena ról comhairleoireachta.

Ag deireadh a óráide chuir an tAire Carey fáilte ar leith roimh na meáin Bhéarla a bhí i láthair, dream a mhothaigh sé nár chaith go cothrom ná go dáiríre leis an teanga go minic. Ní túisce a bhí críoch leis an bhabhta ceisteanna faoin Straitéis ná go raibh na hiriseoirí céanna síos chuige le maidhceanna ag lorg ráitis uaidh faoi úsáid drugaí in RTÉ.

Tá plean cuimsithitheach don Ghaeilge againn den chéad uair ó bunaíodh an Stát. Agus daoine ag tabhairt aghaidh ar an bhfuacht arís tar éis an tseolta, is ag déanamh breithiúnais ar an tseirbhís atá déanta ag an rialtas seo ar an teanga a bhí siad.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Uimhir Oifige :
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Straitéis gan Straitéis

Níos mó ceisteanna ardaithe na freagartha ag an Rialtas leis an bPlean 20 Bliain

Anailís

le Trevor Ó Clochartaigh

"Plean gníomhaíochta chun mórsprioc nó aidhm fhadtéarmach a bhaint amach" - sin is ciall leis an bhfocal 'Straitéis' dar leis an bhfoclóir. Tá sprioc fhadtéarmach ag an 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge' a d'fhoilsigh an Rialtas inné, ach ní léir go bhfuil Plean Gníomhaíochta le dealramh ag dul leis.

Mar sin, an 'Straitéis gan Straitéis' ba chóir a thabhairt air? Nó, leis an bhéim a chuirtear ar úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla inti an 'Straitéis Dátheangachais' atá ann i ndáiríre.

Ní miste a rá nach bhfuil cothromaíocht dhá tabhairt ag tráchtairí áirithe ar a bhfuil leagtha amach sa cháipéis áfach.

Tá cuid mhaith gníomhartha fiúntacha luaite sa doiciméad, ach an locht atá air ná nach léirítear cén chaoi a gcuirfear i bhfeidhm iad, nó cén chaoi a bhainfidh siad amach an sprioc atá leagtha síos sa tréimhse ama atá luaite.

Dá mba 'Straitéis Eacnamaíoch' nó 'Cruthú Fostaíochta' a bheadh sa cháipéis a d'fhoilsigh an Rialtas inné bheadh muid ag súil go mbeadh sé sonraithe go cruinn. Má bhí líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge le méadú ó 83,000 go dtí 250,000 tríd sraith de bheartais agus gníomhaíochtaí éagsúla, cén chaoi a dtángthas ar an bhfigiúr sin? Bheadh tú ag súil go ndéanfaí cur síos beacht ar an suimiú a rinneadh sa Roinn chun teacht ar fhigiúr chomh huaillmhianach leis.

Tá roinnt buncheisteanna le cur maidir leis an mbunfhealsúnacht taobh thiar den 'Straitéis' chomh maith. Mar shampla, cén chaoi a bhfuiltear chun dul i ngleic leo siúd sa Ghaeltacht nach mian leo an Ghaeilge a úsáid ina ngnáth-shaol laethúil?

Nó, an bhfuil an iomarca béime ar fhoghlaimeoirí, seachas freastal trí Ghaeilge mar is ceart orthu siúd gur mian leo saol a chaitheamh trí mheán na teanga?

An botún nó buntáiste atá ann go mbeadh muid ag cur ár gcuid uibheacha ar fad i gciseán Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta, seachas a bheith ag cur ina luí ar na heagrais agus ranna stáit ar fad go gcaithfidh siad a gcuid dualgais i leith na Gaeilge a chomhlíonadh.

Déantar cuid mhaith cainte ar 'normalú' na Gaeilge i measc an phobail sa Straitéis, ach an bhfuil an Straitéis féin ag 'imeallú' na Gaeilge sna Ranna agus Forais Ghaelacha den chuid is mó? Má tharlaíonn sin, nach bhféadfadh Rialtas teacht chun cinn nach bhfuil báúil don teanga - a gheobhadh réidh leis an Roinn áirithe sin,? Cá bhfágfadh sin muid?

An bhfuil an cur chuige atá in úsáid sa 'Straitéis' ró-shimplíoch don tsochaí chasta atá againn?

Mar shampla, tá riachtanais sláinte, leasa shóisialaigh, oideachais, siamsaíochta, comhshaoil, teanga agus eile ag Gaeilgeoirí ar aon dul le daoine in aon teanga eile. Ar féidir iad seo a dheighilt ar bhunús teangeolaíoch agus seirbhís éifeachtach a chur ar fáil do dhaoine go fóill?

Céard faoi Shiondróim Dingle/Daingean Uí Chúis? Nuair a fheicfidh Béarlóirí sa Ghaeltacht go



bhfuil 'soláthar breise' dar leo, á dhéanamh ar dhaoine toisc go bhfuil Gaeilge acu, nó go bhfuil seirbhís 'dhá ceilt' orthu féin toisc gur Béarlóirí iad, dar leo, an dtarlóidh scoilteadh pobal dá bharr?

Tá roinnt mhaith beartas sa Straitéis a bhfuil fáilte fhorleathan dhá cur rompu. Maidir le stádas Gaeltachta deirtear go bhfuiltear a bheag nó a mhór chun na critéir a leagadh síos sa Staidéar Cuimsitheach a leanúint, is é sin an Ghaeltacht a roinnt ina gCeantair A, B & C, chun an Ghaeltacht a shainmhíniú agus go mbeidh ar cheantar a chruthú go bhfuil sé dlite dóibh stádas Gaeltachta a bheith acu nó go gcaithfear amach iad.

Ó thaobh oideachais de, tá sé ráite go gcuirfear Aonad Sealbhaithe Teanga ar bun sna trí mhór-réigiún Gaeltachta, go mbunófar Ionad Acmhainní Oideachais i mBaile Bhuirne agus beartais eile le cur le líon agus cumas múinteoirí leis an teanga a theagasc. Tá díomá ar dhaoine le bearnaí eile sna moltaí áfach, nach dtugtar riachtanais faoi leith na gcainteoirí líofa san áireamh ó thaobh curaclam Gaeilge na meánscoile de, mar shampla.

Dearbhaíonn an 'Straitéis' go mbeidh Aireacht Shinsearach agus Roinn faoi leith ag plé leis an Ghaeilge. Má tá tacaíocht traspháirtí ag an 'Straitéis' an bhfuil na páirtithe sin ar fad chun dearbhú go bhfuil siad ar a shon seo chomh maith?

D'fhéadfaí an cheist chéanna a ardú faoin Ghaeilge éigeantach ag leibhéal na hArdteistiméireachta agus stádas na díolúine do dhaltaí nach bhfuil Gaeilge acu.

Tá an taithí atá ag daoine agus eagrais éagsúla ar doicheall na Roinne Oideachais i leith na Gaeilge diúltach go leor agus in ainneoin an dóchais a léirítear sa 'Straitéis', tá amhras ann nach gcuirfear na baill foirne agus acmhainní cui ar fáil chun na beartais oideachais a luaitear inti a chur i gcrích.

Bheifeá den tuairim go mbeadh cáipéis den chineál seo mar ábhar inspioráide ag lucht teanga i dtír ar bith, gur lá mór bróid agus ceiliúrtha a bheadh ann. Ach is soiniciúlacht agus amhras is mó atá le brath ó dhaoine i leith na 'Straitéise' áirithe seo.

Tá an obair seo ar bun le deich mbliana le fírinne, ó céad bhunaíodh 'Coimisiún na Gaeltachta', ansin bhí an 'Staidéar Cuimsitheach' againn agus anois an 'Straitéis'. Tá go leor daoine tuirseach den chaint agus den díospóireacht acadúil seo ar fad.

Má tá teanga le slánú an mbeadh tú ag súil go mbeadh béim níos mó ar ealaín, rac-cheol, scannáin, na hilmheáin is araile. Má tá glúin óg Gaeilgeoirí le mealladh i dtreo na teanga an mbeadh sé níos éifeachtaí béim a chur ar shaoráidí do dhaoine óga, naisc idir phobail Ghaelacha, an ceol agus an drámaíocht mar mheán teagaisc teanga, agus cruthú fostaíochta i gceantar Gaeltachta le bunadhGaelach na Gaeltachta a choinneáil ansin?

Cuma cé acu slí a roghnófá, le go nglacfaí gur 'Straitéis' dháiríre atá ann ba chóir go mbeadh an mhór-sprioc briste síos ar bhealach eolaíoch éigin, chun léiriú cé as a dtáinig an figiúr.

Ina éagmais sin, tá sé deacair gan smaoineamh nach as an aer a piocadh é, agus más amhlaidh atá, cén mhuinín gur féidir a chur sa phlean atá mar bhunús aige?

25,000 Bábóg Babies díolta

Ciarán Dunbar

IS minic bás na Gaeilge mar theanga bhaile tuartha fara-or ach an Nollaig seo tá rud dóchais le fáil ann in áit nach mbeadh duine ar bith ag súil leis go dtí seo, agus ní i mbeart de chuid an rialtais é.

Is é sin go bhfuil breis is 25,000 den chéad bhéirín lán-Ghaeilge díolta, gan é a bheith ar an mhargadh ach ar feadh cúig mhí.

Tá "an-iontas" ar chruthaitheoir na Bábóige, Adrian Devane, ní raibh sé ach ag súil go ndíolfaí 10 míle de.

Dar leis go bhfuil "Bábóg Babies ina gcónaí agus ag cothú na Gaeilge in Alasca, i Nua-Eabhrac, i Sydney, i Franfurt agus i mBeising."

Tuigtear go ndíolfar amach an béirín roimh an Nollaig. Díoladh an chuid is mó acu ar líne in Éirinn agus díoladh go maith é i Smyths, Arnotts agus Easons.

Tá Adrian ag súil go mbeidh leagan den bhéirín ar fáil le Gaeilge na hAlban, le Breatnais agus le Béarla agus i seacht dteanga eile ina dhiaidh sin sa bhliain atá romhainn.

Tá sé ag súil go mbeidh táirgí úra ar an mhargadh aige an bhliain seo chugainn chomh maith, le bábóg a bhfuil abairtí iomlána aici, fón le frásaí agus leabhar / dlúthdhiosca idirghníomhach.

Deir sé fosta gurbh fhéidir leis a bheith ag smaoineamh anois faoin Bábóg Baby a dhéanamh in Éirinn seachas thar sáile.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Nollaig, 2010

Camscéimeanna ríomhphoist trí Ghaeilge

Ar lean ó leathanach a haon

An bhfuil tú fear nó bean ghnó? An bhfuil tú i Airgeadais aon strus nó a dhéanann tú?

An riachtanas is gá cistí chun tús a chur le do ghnó féin? An bhfuil tú riachtanas is gá a réiteach do Fiach iasacht nó ar do bhillí a íoc as nó gnó a thosú go deas? An bhfuil tú íseal scór creidmheasa agus má tá tú Lorg sé deacair a fháil ar iasacht ó na bainc áitiúla agus institiúidí airgeadais eile? Bhfuil gá agat ar iasacht nó ar aon Maoiniú Cúis

Mar shampla: Iasacht) Pearsanta, Leathnú Gnó. b) Gnó Nua-thionscanta agus Oideachas. c) Comhdhlúite Fiach. Cuirimid iasacht ag ráta úis íseal agus le nach sheiceáil creidmheasa, cuirimid iasacht Pearsanta, iasacht comhdhlúthaithe fiach, comhfhiontar asacht gcaipiteal gnó,, Oideachas Iasachta, baile iasacht NÓ "iasacht ar chúis ar bith!."

Nóta: Ba chóir aon iarratasóirí a bhfuil suim acu a fháil ar ais chugainn trí ríomhphost le haghaidh tuilleadh eolas ar ár gclár iasacht.

Ar ndóigh tar éis a leithéid a fháil, bhí orm roinnt ceisteanna a chur agus is i nGaeilge a chuir mé iad. An féidir leat beagán eolais a thabhairt dom mar gheall ar na rátaí úis a bheidh i gceist leis seo? Cé chomh fada a bheadh agam lena íoc ar ais? An bhfuil tú mar chuid de chomhlacht nó cén áit a bhfuil tú lonnaithe?

Samhlaigh m'iontas nuair a tháinig sé ar ais le freagraí mo cheisteanna taobh istigh de chúpla uair a chloig.

Fuair mé do ríomhphost. De réir mo bhealach de réamhrá cuí, tá mé ag Mr COLLINS CLARK Snr. Stiúrthóir agus Príomhfheidhmeannach. Tá mé dlisteanach agus cáil ar iasacht Iasachtóra Lonnaithe i Londain, An Ríocht Aontaithe mé cúnamh dinimiciúil airgeadais. cistí ar iasacht mé amach do dhaoine aonair gá acu le cúnamh airgeadais, a bhfuil creidmheas olc nó airgead a bhfuil gá acu le billí a íoc nó chun infheistíocht a dhéanamh ar ghnó.

Ba mhaith liom an Ghaeilge a úsáid a chur in iúl duit go bhfuil muid ag sholáthar cúnamh iontaofa agus tairbhí a bheith sásta a thairiscint duit ar iasacht. Faoi láthair mé féin ar 45% de na scaireanna i CGP (Grúpa Caipitil PLC, Londain) an rialtas ceadaithe Airgeadais Institiúid.

Tá mé ag leagan síos ar bun faoi láthair le scéim i bhfoirm fála Iasacht chun cabhrú le daoine aonair éagsúla, chomh maith le heagraíochtaí a bhfuil ar intinn ag athchóiriú, chomhdhlúthú fiach, athmhaoiniú chomh maith le gnó a bhunú outfits. Tá mé an fear gnó idirnáisiúnta agus Iasachtóra go bhfuil Iasachtaí a thairgtear do aonair sin éagsúla agus gnólachtaí san Eoraip, san Áise, san Afraic agus in áiteanna eile ar domhan. thabhairt muid amach ár Iasacht i USD ($) agus GBP (£) ....

Má fhaigheann tú aon ríomhphost gan iarraidh ag ofráil comhairle airgeadais duit nó/agus ag iarraidh ort do chuid sonraí pearsanta a thabhairt dóibh, tá roinnt comhairle ag na Gardaí duit.

Ná bac le ríomhphost gan iarraidh, má tá aon amhras ort déan fiosrúcháin agus smaoinígí, má shamhlaíonn tú go bhfuil tairiscint rómhaith le creidiúint, go hiondúil bíonn.

Dúirt saineolaí teanga le Gaelscéal, "cheapfainn ón droch-Ghaeilge gur Google translate amháin a bhí in úsáid," ach cá bhfios don dream seo go bhfuil Gaeilge agam sa chéad dul síos, sin an t-ábhar imní is mó faoi, go háirithe nuair nach léir sin ó ainm mo r-phoist.

Sin é an cheist is mó. An é go bhfuil Gaeilgeoirí ag cuidiú leo?

An tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, ag Áras an Uachtaráin leis an Tánaiste Mary Coughlan, an Taoiseach Brian Cowen, Mary Davis, an t-iarThaoiseach Bertie Ahern, Anastasia Crickley agus an tOllamh Denis Moloney. (Pic. Leon Farrell Photocall Ireland)

Bille na Baincéireachta sínithe

Treasa Bhreathnach

SHÍNIGH Uachtarán na tíre Máire Mhic Giolla Íosa bille nua conspóideach go reachtaíocht Dé Céadaoin (22ú) a thabharfaidh cumhachtaí láidre ar na bainc don Aire Airgeadais Brian Lenihan.

Is léir go raibh ceisteanna aici féin faoin mbille seo mar gur ghlaoigh sí an Chomhairle Stáit chun comhairle a chur uirthi mar gheall ar.

Níl anseo ach an 15ú huair ar chas an Chomhairle Stáit le chéile le hos cionn 70 bliain agus bhí súil go mbeadh moill ar an mbille dá bharr, nó go seolfadh an tUachtarán an bille chuig an chúirt uachtarach chun a bhunreachtúlacht a chinntiú.

De réir na reachtaíochta úire beidh sé de chumhacht ag an Aire Airgeadais a chinntiú go gcloítear le polasaí baincéireachta an rialtais agus beidh sé in ann a iarraidh ar bhainc a gcuid sócmhainní a dhíol.

Mar gheall go mbeidh an bille seo ag tabhairt an oiread sin cumhachta don Aire Airgeadais, tá imní agus buaireamh léirithe ag an mBanc Ceannais Eorpach go mbeidh an iomarca cumhachta reachtaíochta ag fear amháin.

Táthar ag tabhairt rabhaidh chomh maith go bhféadfadh an bille seo impleachtaí a bheith aige ar neamhspleáchas Bhanc Ceannais na hÉireann.

Chuir siad ráiteas 7 leathanach ar a suíomh idirlín a deir gur cheart do gach tír taobh istigh de limistéar an euro oibriú as lámha a chéile lena chinntiú nach mbeadh difríochtaí ollmhóra idir phleananna náisiúnta, rud a bheadh fritorthúil. Faoi Phlean Téarnaimh cheithre bliana an rialtais iarrtar ar rialtas na hÉireann an córas baincéireachta a athstruchtúrú faoi mhí an Mhárta.

Faoin bhille nua beidh cead ag an rialtas tuilleadh maoinithe a thabhairt do AIB roimh dheireadh na bliana, rud a chiallaíonn go mbeidh úinéireacht de 92% acu ar an bhanc. Beidh cead ag an rialtas deireadh a chuir le hAnglo Irish Bank chomh maith.

Is ar feadh tréimhse dhá bhliain a bheidh na cumhachtaí seo ag an Aire Airgeadais.

Global Gaeilge

IS comórtas speisialta ealaíne é 'Global Gaeilge' a bhíonn á reáchtáil ag Glór na nGael le tacaíocht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha. Tríd an chomórtas seo tugtar aitheantas dóibh siúd thar lear a dhéanann iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn ina gceantar féin.

Iarradh ar rannpháirtithe faoi 16 bliain d'aois agus daoine fásta, cártaí Nollag a dhearadh ag déanamh comóradh ar 50 bliain de Ghlór na nGael.

Ba iad na buaiteoirí fásta ná: Jeanie Rose Carter as Londain i Sasana, Tara Cunningham san Astráil, agus Seosamh Ó Raghallaigh as Cheshire, Sasana. Ba iad na buaiteoirí óga ná: Liam Birtill as Cheshire, Sasana, Molly Kavanagh as Londain agus Rosa Kavanagh as Londain. Deir ceannasaí Ghlór na nGael, Lorcán Mac Gabhann, "Seo é an dara bliain den chomórtas seo agus is ábhar sásaimh dúinn go bhfuair muid an líon mór iontrálacha agus a fuair.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na hiontrálaithe agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha as ucht a gcuid tacaíochta."

Caitheann McCausland amhras ar an Fhoras

Anton Mac Cába

Chaith Nelson McCausland, Aire Cultúir, Spóirt agus Fóillíochta an Tuaiscirt, amhras ar Fhoras na Gaeilge agus é ag tabhairt freagra an tseachtain seo caite sa Tionól ar cheist ó Leslie Craig, ball dá pháirtí féin, an DUP.

I bparlaimint ar bith, glactar leis gur ar mhaithe leis an Aire a leithéidí de cheist.

Chuir Craig ceist ar McCausland faoin dá fhoras tras-teorann teangan, Bord na Gaeilge agus an Boord o' Ulster Scots. An dtugann siad "seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil", agus an bhfuil slí ann le go mbeadh siad níos éifeachtúla?

Dúirt McCausland go raibh imní air faoi chomh héifeachtach agus a bhí an dá fhoras: "I have asked my officials to work up short- and long-term options to address my concerns as a matter of urgency in order to provide public confidence about value for money in both agencies."

Chuir ar dhúirt McCausland imní ar náisiúnaigh. Tá Barra Mac Giolla Duibh ó Shinn Féin ina chathaoirleach ar choiste na roinne.

"Is é mo bharúlsa go bhfuil rún ag Nelson McCausland a mhéid dochair agus a thig leis a dhéanamh don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach," arsa Mac Giolla Duibh.

Tá Declan O'Loan ón SDLP, leas-chathaoirleach choiste na roinne, chun ceisteanna a chur faoi ráiteas McCausland. "Feictear domsa go bhfuil bagairt sa mhéid a dúirt sé," ar seisean.

Shéan urlabhraí thar ceann an DUP go raibh an tAire ag iarraidh fáil réidh leis an bhForas. "Tá rún ag an DUP go mbeadh achan earnáil den rialtas éifeachtach agus éifeachtúil," arsa an t-urlabhraí.

Droch-íde an Tuaiscirt le fiosrú

Anton Mac Cába

TÁ údaráis an Tuaiscirt le droch-íde a rinneadh thar na blianta ar pháistí in ionaid cónaithe a fhiosrú. D'fhógair Céad-Aire agus LeasChéad-Aire an Tuaiscirt, Peter Robinson agus Martin McGuinness, go mbeadh fiosrúchán ann.

Deir ráiteas uathu go bhfuil tascfhórsa idir-rannach le bunú. Cuirfidh sin moltaí maidir leis an bhfiosrúchán faoi bhráid an Fheidhmeannais faoin samhradh seo chugainn. Ina dhiaidh sin, socróidh an Feidhmeannas an saghas fiosrucháin a bhunófar.

Mar a tharla ó dheas, chuaigh cuid mhór páistí trí na hionaid cónaithe ó thuaidh. Ní hionann agus an méid a tharla sa chuid eile den tír, níor gabhadh leithscéal le híobartaigh; ní bhfuair siad cúiteamh.

Bhí ceangal idir eachtraí ar an dá thaobh den teorainn. Bhí oird rialta i mbun cuid de na hionaid cónaithe.

D'fheidhmigh na hoird seo ar bhonn uile-Éireannach. Ar ndóigh, tharla mí-úsáid in ionaid de chuid an stáit chomh maith. Cionntaíodh triúr as mí-úsáid ghnéasach a dhéanamh sna 60í agus na 70í ar bhuachaillí in Kincora, ionad cónaithe in oirthear Bhéal Feirste.

Tá idir íobartaigh agus dlíodóirí s'acu ag fanacht ar níos mó eolais faoin bhfiosruchán.

D'fhulaing Patrick Murphy, ón tSrath Bán i dTír Eoghain, mí-úsáid in ionad de chuid na mBráithre De La Salle ag Cill Ghobáin, Co. an Dúin. "Tá súil agam go dtiocfaidh rud éigin as," ar seisean. "De ghnáth nuair a thagann na rudaí seo amach, cuirtear ar ais sa talamh iad, ní chluineann tú níos mó faoi."

Chuir Joe Rice, duine de na dlíodóirí atá ag gníomhú thar ceann íobartach, fáilte chúramach roimh fhógra an Fheidhmeannais. "Ba mhaith liom níos mó práinne a fheiceáil leis," arsa Rice. Tá imní ar Rice nach mbeidh tús leis an bhfiosrúchán go dtí deireadh na bliana seo chugainn. Mar sin, tá baol ann go bhfaighidh íobartaigh aosta bás sula bhfaighidh siad a gcearta.

"Tá sé tábhachtach go ndéanfaí scrúdú ar an ról a bhí ag sean-rialtas Stormont," arsa Rice." Bhí cigireacht (fá choinne na n-ionad) acu. Sa chás is fearr, ní raibh sin ag obair mar is ceart. Sa chás is measa, rinne sé neamhaird. Chuir cúirteanna na páistí seo chuig na hionaid. Ní thig leis an rialtas freagracht s'aige a shéanadh."

Go dtí seo, d'eisigh níos mó ná céad íobartach eascairí in éadan na Ranna Sláinte agus Oideachais. Ní fios an líon iomlán íobartach a chuaigh fríd na hionaid. Ní raibh Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ábalta a rá cé mhéad ionad cónaithe a bhí ann.

Peter Robinson agus Martin McGuinness

Bernadette Harrington, Bainisteoir Siopaí Barnardos, a raibh rath iontach ar a scéim 'Barnardos Toy Appeal' i mbliana. Thug GLS, comhlacht seachadadh pacáistí, cabhair don charthanas na pacáistí a bhailiú sna 150 ionad atá acu agus iad a sheachadadh saor in aisce ar fud na tíre. (Pic. Mark Stedman/Photocall Ireland)

Bean 33 bliana d'aois, Blathnaid Timothy, in easnamh

Treasa Bhreathnach

TÁ na Gardaí ag lorg cabhair ar bith ina gcuid fiosrúchán faoi bhean óg atá in easnamh i mBaile Átha Cliath ón 17 Nollag. Is í Blathnaid Timothy atá 33 bliain d'aois atá á lorg acu, tar éis go ndearna a cara, atá ina cónaí léi, tuairisc do na Gardaí Síochána go raibh sí in easnamh.

Tá a cairde, a muintir agus na Gardaí iontach imníoch dá sábháilteacht. Tá a fhios acu gur úsáid sí a huathchárta bainc ag an mBanc Éireannach Náisiúnta ar Ché Sir John Rogerson i mBaile Átha Cliath 2 ag 8in ar an Mháirt an 14 Nollaig. Ina dhiaidh seo ghlaoigh sí ar thacsaí ar an tsráid (ceaptar gur Mercedes Dubh a bhí ann) agus thiomáin siad i dtreo na cathrach. Ba mhaith leis na Gardaí teagmháil a dhéanamh le tiománaí an tacsaí seo nó aon duine eile a chonaic í.

Bhí Blathnaid ag caitheamh cóta olla dubh ¾ ar fhad, le jíons dorcha agus ceaptar go raibh scairf dhubh agus dhearg á caitheamh aici.

Má tá aon eolas in aon chor agat, iarrtar ort dul i dteagmháil leis na Gardaí ag Ardán Fhearchair ar (01) 666 9500 nó teagmháil a dhéanamh le do Stáisiún Gardaí áitiúil.

Foras na Gaeilge

SCÉIMEANNA MAOINITHE 2011

Tá Foras na Gaeilge ag glacadh le hiarratais do na scéimeanna a leanas:

- Scéim - An Ghaeilge sa Phobal
- Scéim um Ábhair Dhátheangacha/Ghaeilge
- Scéim um Chomharthaíocht Dhátheangach/Ghaeilge
- Scéim na gCampaí Samhraidh
- Scéim na nImeachtaí Óige
- Scéim na bhFéilte
- Scéim na gComplachtaí Drámaíochta

TUILLEADH EOLAIS
www.gaeilge.ie/sceimeanna
T: +353 1 639 8400

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Nollaig, 2010

Daoine a bhíodh ag tabhairt deontais do Chumann Naomh Uinseann de Pól anois i gcruachás iad féin

Labhraíonn **Treasa Bhreathnach** le **Mairéad Bushnell** – an chéad uachtarán mná ar Chumann Naomh Uinseann de Pól le 160 bliain

Mairéad Bushnell

Ba í Maireád Bushnell an chéad uachtarán mná ar Chumann Naomh Uinseann de Pól. Tá sí ag obair leis an gcumann ó go luath sna 1980í ar aghaidh, í ina ball den chomhdháil áitiúil ar feadh timpeall scór bliain.

Deir sí, "I dtús báire chuas ag obair leo thar an Nollaig ós rud é go mbíonn níos mó oibre ar bun acu agus níos mó cúnaimh de dhíth orthu i gcónaí thar an Nollaig, agus ó shin i leith choinnigh mé orm ag obair leofa. Mar sin, ní hé go raibh aon smaointe mór i gceist nó a leithéid ar dtús."

Bunaíodh an Cumann in 1833 sa Fhrainc agus cé go bhfuil an t-éiteas céanna i gceist sa lá atá inniu ann, mar sin féin is eagraíocht dhifriúil é sa lá atá inniu ann in Éirinn. Is eagraíocht Chaitliceach é a bunaíodh chun dul i gcabhair ar na boicht agus is é sin an phríomhaidhm atá acu fós.

Is é Cumann Naomh Uinseann de Pól an eagraíocht charthanachta is mó in Éirinn sa lá atá inniu ann le 9,500 ball ag obair ar a son siúd atá i gcruachás fud fad na tíre. Tá an Cumann briste suas ina 13 chuid agus toghadh Mairéad Bushnell mar uachtarán ar an gCumann i gCorcaigh in 2003; toghadh ina huachtarán náisiúnta í in 2007. Atoghadh í i mbliana le haghaidh an dara tréimhse uachtaránachta aici, tréimhse a leanfaidh ar aghaidh go dtí deireadh mí Bhealtaine 2012. De réir rialacha an chumainn, ní féidir í a atoghadh arís ina dhiaidh sin.

"Sílim go bhfuil sé ceart nach bhfuil an rogha agat an tríú tréimhse a dhéanamh mar uachtarán. Beidh mé fós bainteach le mo chomhdháil áitiúil féin in áit ar bhonn náisiúnta tar éis mo thréimhse uachtaránachta, agus ar aon nós beidh mé 75 bliain d'aois in 2012."

Tá timpeall 500 duine fostaithe go lánaimseartha ag an gCumann, mar sin cén chaoi gur féidir le daoine a bheith cinnte de go bhfuil a gcuid deontas ag dul chucu siúd atá i gcruachás, in áit i dtreo costas riaracháin?

"Tá ceangal orainn anois de réir na reachtaíochta méid áirithe daoine proifisiúnta a fhostú, cuntasóirí agus foireann acmhainní daonna agus mar sin de. Ní bheadh an Cumann in ann feidhmiú gan na daoine seo. Tá an t-uafás acu fostaithe i mbrúnna agus in ionaid tithíochta saoire, áiteanna nach mbeadh in ann feidhmiú gan fostaithe proifisiúnta. Bíonn deontas á fháil againn gach bliain ón rialtas a chabhraíonn le costas na dtuarastal a íoc.

Ní féidir liom a rá go díreach cén céatadán a thugtar don Chumann agus dóibh siúd atá i gcruachás, ach is féidir liom a rá go bhfanann airgead a thugtar go háitiúil sa cheantar sin, agus d'fhéadfainn gealltanas a thabhairt go dtugtar os cionn 90% den airgead a thugtar mar dheontas dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu. Chomh maith leis sin, má tá deontas airgid á thabhairt dúinn ar mhaithe le cúis áirithe caitear é ar fad ar an gcúis sin. Mar shampla an t-airgead uile a tugadh le haghaidh na dtuilte anuraidh, scríobhadh seiceanna beagnach láithreach."

Is é ceann de na comharthaí is suntasaí den ghéarchéim eacnamaíochta go bhfuil a lán daoine a bhíodh ag tabhairt deontais do Chumann Naomh Uinseann de Pól anois i gcruachás iad féin agus iad ag baint úsáide as an tseirbhís. "Luíonn sé le réasún go bhfuil méadú ar líon na ndaoine atá ar thóir cabhrach de réir an mhéadaithe ar líon na ndaoine atá dífhostaithe, go mór mhór iad siúd a bhí féinfhostaithe. Níl siadsan i dteideal aon íocaíochtaí stáit in aon chor," a deir Mairéad. "Ó thaobh an bhuiséid de, beidh a lán daoine a bhí in ann maireachtáil ar shochair leasa shóisialaigh anois i gcruachás níos measa. Má tá tú ar thuarastal maith, ní aireoidh tú uait 8 nó 10 Euro in aghaidh na seachtaine; ach daoine

atá ar €190 nó €200 in aghaidh na seachtaine, beidh siad i dtrioblóid. Is í an fhadhb ná go bhfuil na daoine seo in ann maireachtáil ar an airgead sin ó sheachtain go seachtain ach níl dada fágtha chun déileáil le himeachtaí móra mar an Nollaig. Is é seo ceann de na fáthanna go bhfuil muid chomh gnóthach thar an Nollaig. Déanann muid ár ndícheall a chinntiú go mbeidh bia ar an mbord i ngach teach, go mbeidh teas sa teach céanna agus má táthar ag súil go dtiocfaidh Santa go dtiocfaidh sé."

Bíonn achainí amháin in aghaidh na bliana ag Cumann Naomh Uinseann de Pól agus tháinig ceann na bliana seo chun críche an tseachtain seo caite. Cé nach bhfuil na figiúirí ar fáil d'achainí na bliana seo tá Mairéad dóchasach gur éirigh go maith léi. Bhíothas ag súil go mbeadh laghdú ar dheontais an phobail anuraidh ach ní mar sin a tharla. Bíonn an achainí le cloisteáil ar an raidió agus ar an teilifís chomh maith le taobh amuigh de gheataí shéipéil na tíre.

Is cuid lárnach é an creideamh de Chumann Naomh Uinseann de Pól, an oiread is go ndeir siad paidreacha ag tús agus ag deireadh a gcruinnithe seachtainiúla áitiúla comhdhála. An raibh aon éifeacht ar an gCumann ag na scannail san eaglais Chaitliceach agus an mhímhuinín atá léirithe ag pobal na hÉireann le blianta beaga anuas aisti; an mbítear ag caitheamh leis an gCumann ar bhealach difriúil mar gheall orthu? "Níl aon taithí agam ar dhaoine a bheith ag caitheamh go dona linn mar gheall ar na scannail seo agus níl aon scéalta dá leithéid cloiste agam ach oiread. Tá roinnt neamhshuime léirithe ag an bpobal ach bheifeá ag súil leis sin sa lá atá inniu ann. Tá aithne ag daoine orainn ag an bpointe seo agus tuigeann daoine go dtugann muid dár gcuid ama agus dínn féin go flaithiúil. Tá an eagraíocht féin oscailte d'aon duine atá sásta glacadh lenár ráiteas misin: 'Tacaíocht agus cairdeas, daoine leochaileacha a chosaint agus cearta sóisialta agus an fhéindóthain a chur chun cinn'. Is cuma cén creideamh atá agat."

Tá Éire breac le heagraíochtaí carthanachta agus clú orthu ar fud an domhain. Níl i gCumann Naomh Uinseann de Pól ach ceann acu siúd. Chuir mé ceist ar Mhairéad ar cheart níos lú eagraíochtaí a bheith sa tír agus níos mó maoiniú stáit a bheith ar fáil dóibh? "Is pipe dream é faoi láthair agus don am atá le teacht tuilleadh maoinithe reachtúil a fháil. Bíonn na heagraíochtaí ag obair as lámha a chéile ó am go ham ach ní fhógraíonn muid é."

Beidh Mairéad féin ag tabhairt cuairte ar suas le 20 nó 30 teaghlach in aghaidh na seachtaine thar tréimhse na Nollaig lena comhdháil agus beidh cuairt á tabhairt ar suas le 150 clann i gceantar Chorcaí suas go dtí Oíche Nollag. Cén áit a mbeidh an Nollaig á caitheamh aici féin? "Beidh mé sa bhaile le mo cheathrar garpháistí atá ar fad faoi thrí bliana go leith d'aois agus mo pháistí féin agus a gcuid páirtithe agus ban céile." Le gáire ina glór deir sí, "Beidh an teach chomh lán thar an Nollaig go raibh orainn dhá leaba inséidte suas a cheannach."

Gaeilge beo beathaíoch in Oileán Mhanann i gcónaí

Labhraíonn **Ciarán Mac Fhearghusa** le **Brian Stowell**, duine de na gníomhairí is éifeachtaí i saol na Gaeilge i dtír ar bith le caoga bliain anuas.

Tá muid anois ag staid in éabhlóid an chine dhaonna ina bhfuil scrios á dhéanamh ar theangacha ar fud an domhain ag ráta níos sciobtha ná riamh. Tá teangeolaithe á dtuar nach mbeidh ach 10% den 6,000 teanga atá á labhairt inniu fós in úsáid ag deireadh an chéid má leanann an treocht mar atá.

Ach tá pobail agus eagraíochtaí ar fud na cruinne ag obair go díograiseach ag iarraidh taoide an aistriú teanga seo a aisiompú ar mhaithe lena gcultúir agus a dteangacha féin a thabhairt slán ón mbás. Tá sé ráite ag teangeolaithe go bhfuil an rás rite ag breis agus 3,000 teanga cheana féin toisc nach bhfuil siad á sealbhú ag páistí.

Ach tá cás eisceachtúil amháin i measc na dteangacha Ceilteacha atá tar éis beocht as an nua a aimsiú cé go raibh sí ina 'teanga mharbh' a raibh a rás rite, dar le UNESCO.

Is dea-scéal é go bhfuil Gaeilge Mhanann anois aitheanta mar theanga atá tar éis an taoide a chasadh. In ainneoin go bhfuair an cainteoir dúchais deireanach bás sna 1970í is ábhar dóchais go bhfuil, ní hamháin úrscéalta á scríobh, ach go bhfuil páistí á dtógáil le Manainnis den chéad uair le céad bliain.

Is scríbhneoir, pearsa raidió agus laoch teanga é Brian Stowell atá aitheanta mar dhuine de cheannródaithe na hathbheochana. Tá breis agus leathchéad bliain caite aige ag saothrú ar son na teanga agus níl rian den searbhas nó den túirsiúlacht le haithint ina ghlór. Agus é ag déanamh tagartha don mhodh oibre atá ag na Manannaigh leis an teanga a chur chun cinn deir sé "gur cineál controlled anarchy atá againn ar an oileán" agus é ag gáire.

"Tá sé deacair rialacha dochta daingne a chur in áit don teanga toisc nach maith linn rialacha." Fear umhal agus cairdiúil é a dhéanann iarracht an greann a aimsiú i gcónaí.

"Is gluaiseacht ón mbun aníos í seo. Is ón bpobal féin a tháinig sí. Bhí an pobal sásta airgead a chaitheamh léi agus an obair a dhéanamh cé go raibh na polaiteoirí sásta ligean di bás a fháil. Ach tá an scéal sin athraithe anois. Fuair na polaiteoirí amach nach raibh sé críonna a bheith ag caitheamh aníos ar an teanga. Anois tugann an rialtas tacaíocht airgid d'fhoghlaim na teanga agus d'fhéilte cultúrtha."

Thosaigh Brian féin ag foghlaim na Manainnise go foirmiúil agus é mar mhac léinn sa bhliain 1953. In ainneoin é a bheith mar an t-aon duine sa rang níor chuir sé sin stop leis. Chaitheadh sé an deireadh seachtaine ag seachadadh torthaí do dhaoine thart timpeall an oileáin lena chara Douglas Fargher agus ag labhairt Manainnise amháin leis. "Deis a bhí ann dom an teanga a úsáid agus a chleachtadh leis na seanchainteoirí dúchais chomh maith." Rinne sé taifead ar chuid de na cainteoirí seo sa bhliain 1964. Tá clú agus cáil ar na taifid a rinne sé ar Ned Mandrell, fear atá aitheanta mar an cainteoir dúchais deireanach agus a fuair bás sa bhliain 1974. "Ach tá míthuiscint ann a bhaineann le bás Ned," dar leis. "Bhí cainteoirí líofa ann i gcónaí. Cé go raibh an teanga fíorleochaileach ní raibh sí riamh marbh."



An Dr. Brian Stowell.

Le linn na tréimhse leochailí seo, áfach, tháinig méadú ar an spéis sa teanga. Chuir Brian an nuachtlitir Mhanainnise Credjue (Creideamh) i gcló agus d'fhoilsigh sé leagan Manainnise de Buntús Cainte a chuidigh go mór le ranganna do dhaoine fásta. Léirigh na daonáirimh gur tháinig méadú de 72% ar líon na gcainteoirí Manainnise ó 165 sa bhliain 1961 go 284 sa bhliain 1971 i ngeall ar na hiarrachtaí seo. Lean *Yn Cheshaght Ghailckagh* (An Cumann Gaelach) orthu ag cruthú tacaíochta don teanga agus bhí toradh na hoibre le feiceáil i suirbhé de chuid an rialtais féin ar chaighdeán maireachtála na tíre sa bhliain 1990. Chuir 36% den phobal in iúl go raibh siad i bhfabhar an teanga a bheith mar ábhar roghnach ar scoil. Ní líon beag í seo nuair a chuirtear é i gcomhthéacs an naimhdis a bhí ann roimhe.

Mar thoradh ar an suirbhé tugadh Gaeilge Mhanann isteach mar ábhar roghnach i scoileanna áirithe agus fostaíodh Brian Stowell mar Oifigeach Manainnise, chomh maith le beirt eile, mar chuid den Aonad Teanga a bhí freagrach as an teanga a mhúineadh sna scoileanna.

Ned Madrell, an 'cainteoir dúchais' deireannach in Oileán Mhanainn.

"Tá na mílte daoine tar éis a bheith ag foghlaim na teanga ó shin. Is rud míorúilteach é go bhfuil na daltaí ag iarraidh an teanga a fhoghlaim. Tá Albanaigh, Sasanaigh agus fiú Filipínigh á roghnú mar ábhar scoile as a stuaim féin." Ach is é an t-éacht is mó atá déanta ó thaobh cúrsaí oideachais de ná bunú an Bunscoill Ghaelgah. "Tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí ó 55 go 66 i mbliana agus tá an scoil anois lán don bhliain seo chugainn. Táthar ag súil go mbunófar meánscoil amach anseo chomh maith."

"Tá sí an-lag óna thaobh seo de," a deir sé "ach is fada an lá ó bhí an méid sin cainteoirí óga againn. Tá páistí ag teacht ar ais ón scoil anois agus iad ag gáire agus ag magadh faoin gcineál Manainnise atá ag a dtuismitheoirí. Tá feachtas á dhéanamh againn le go dtógfar níos mó clann le Manainnis amach anseo."

Is cinnte go raibh tionchar dearfach ag an ról a tugadh don teanga sa chóras oideachais ar thorthaí dhaonáireamh 2001. Chuir 1,527 duine in iúl go raibh siad in ann an teanga a labhairt. Is ionann é sin agus 2.2% den daonra ag an am. Meastar, áfach, nach bhfuil ach 500 acu siúd in ann an teanga a labhairt le líofacht áirithe. Is gá a aithint chomh maith nár bunaíodh an Bunscoill Ghaelgagh go dtí an bhliain 2001 agus nach mbeidh a tionchar ar dhaonáireamh le feiceáil go dtí an bhliain seo chugainn (2011). Níl aon dabht faoi gur dul chun cinn mór é seo ón 165 cainteoir a bhí i ndaonáireamh 1961.

Tugadh aitheantas do ról Brian nuair a bronnadh Gradam Tynwald air, an gradam is airde go bhféadfaí a bhronnadh ar shaoránach de chuid na



tíre, ar Lá Fhéile Tynwald. "Ní bhacaim le rudaí mar sin i ndáiríre ach táim bródúil faoi ag an am céanna," ar sé agus é ag gáire go geanúil.

In ainneoin an dul chun cinn ar fad aithníonn sé go bhfuil go leor fós le déanamh lena chinntiú go mbeidh an Ghaeilge sa 10% sin de theangacha a mheastar go mbeidh siad fós beo ag deireadh an chéid. Ach is comhartha é de láidreacht teanga ar bith an ról a thugtar di mar theanga an teaghlaigh. "Tá sí an-lag óna thaobh seo de," a deir sé "ach is fada an lá ó bhí an méid sin cainteoirí óga againn. Tá páistí ag teacht ar ais ón scoil anois agus iad ag gáire agus ag magadh faoin gcineál Manainnise atá ag a dtuismitheoirí. Tá feachtas á dhéanamh againn le go dtógfar níos mó clann le Manainnis amach anseo." Tharraing sé aird ar dhúshlán eile a eascraíonn as cainteoirí cumasacha a chruthú tríd an gcóras oideachais. Is é sin conas an teanga a leathnú amach ón scoil go suímh ina mbeidh sí in úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i gcomhthéacsanna sóisialta. "Cé nach bhfuil ach dhá chlub óige bunaithe tuigeann muid go bhfuil sé riachtanach do thodhchaí na teanga go gcruthófar deiseanna úsáide taobh amuigh de gheataí na scoile agus tá súil againn forbairt a dhéanamh ar an ngné chriticiúil seo go luath."

Creideann sé go bhfuil sé íorónta go bhfuil an próiseas domhandaithe tar éis na Manannaigh a spreagadh chun dul i ngleic le cultúr agus teanga a muintire. "Tá daoine ag iarraidh a bheith aitheanta mar Mhanannaigh agus go mbeadh an teanga acu fiú más cúpla focal atá i gceist. Is comhartha dearfach é go bhfuil spéis á léiriú sa teanga ag na daoine atá tagtha as tír isteach. Agus anois le mórchuid den bhunstruchtúr in áit le haghaidh tuilleadh forbairtí teangeolaíocha tá gach cosúlacht ar an scéal go leanfar leis an mborradh atá tagtha ar an bhféiniúlacht Mhanannach nuabhunaithe."

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Mhaigh Eo

Le Piaras Ó Raghallaigh

Bliain éachtach chlub CLG Bhaile an Tobair ar TG4

BEIDH an bród agus an paisean a léirigh club CLG Bhaile an Tobair nuair a bhain siad Craobh Sinsear Peile Mhaigh Eo in 2010 den chéad uair le feiceáil ar chlár faisnéise léargasach speisialta ar TG4 an Nollaig seo. Léireofar sa chlár 'Baile an Tobair - Bliain an Bhua' an turas dochreidte a rinne foireann shinsear peile Bhaile an Tobair ó pheil shóisear roinnt blianta ó shin le bheith ina seaimpíní peile sinsear i gContae Mhaigh Eo in 2010.

Nochtar an scéal iontach seo agus an club, atá lonnaithe faoi scáth Mhainistir Bhaile an Tobair agus a bunaíodh in 1910, ag ceiliúradh céad bliain a mbunaithe i mbliana. Tugann 'Baile an Tobair - Bliain an Bhua' léargas ar shaol gach club CLG sa tír le rath agus teip, briseadh croí agus ríméad, pian agus paisean ar fad tugtha le chéile in aon chlár amháin.

"Is pobal beag comhaontaithe é seo a bhfuil tragóid agus bua araon feicthe aige le blianta beaga anuas ach is é an spiorad pobail agus an spórt a choinnigh ag imeacht é," a dúirt stiúrthóir an chláir Priscilla Moore ó Maigh Eo Media.

"Tá an clár bunaithe ar na daoine, ar an bpaisean agus ar an mbród agus an dílseacht iontach atá acu don chlub agus don phobal. Tá áthas agus brón araon le feiceáil sa chlár seo. Tá ceiliúradh agus cairdeas ann chomh maith le braistint éachta síos tríd," a dúirt sí.

Beidh agallaimh thuairimeacha le feiceáil sa chlár le bainisteoir nuacheaptha fhoireann shinsear Mhaigh Eo, Séamas Ó hÓráin, le réalta an chlub, Cillian Ó Conchúir, agus le comhaltaí an chlub Micheál Ó Dufaigh, Antóin Ó Conchúir, Art Ó Suilleabháin agus Nóra Bn Uí Chonraoi.

Craolfar 'Baile an Tobair - Bliain an Bhua' ar TG4 Dé Céadaoin 29 Nollaig ag 9.15in.

'The Legend of Gráinne Mhaol' in Óstán Chathair na Mart

BEIDH an seó ceoil thraidisiúnta 'The Legend of Gráinne Mhaol', a bhfuil an-tóir air, ar ais in Óstán Chathair na Mart Dé Céadaoin 29 Nollaig ar feadh oíche amháin. "Theastaigh ó go leor daoine go rithfimis an seó thar tréimhse na Nollag toisc go raibh an oiread daoine as baile i rith an tsamhraidh agus ní raibh an deis acu an seó a fheiceáil i gCathair na Mart.

Beidh teaghlaigh, gaolta agus cairde sa bhaile an Nollaig seo agus shocraíomar go gcuirfimis seó speisialta de 'The Legend of Gráinne Mhaol' ar siúl i rith na Nollag do na daoine sin," a dúirt stiurthóir an tseó Mairéad Ní Mhaolchiaráin as Cathair na Mart.

Tá an seó bunaithe ar shaol an fhoghlaí mara Grace O'Malley nó Gráinne Mhaol agus ba chóir do dhaoine a bheidh i gCathair na Mart nó sa cheantar máguaird an Nollaig seo dul ag féachaint air.

Déanann an seó, a bhí díolta amach i rith an tsamhraidh, ceiliúradh ar cheol, amhránaíocht agus damhsa na hÉireann agus is eipic spreagúil í, a thugann léargas ar shaol an bhanlaoich Gráinne Mhaol anuas tríd na blianta.

Tá scoth na gceoltóirí agus na ndamhsóirí as gach áit san iarthar le feiceáil sa seó. Beidh Cora Smyth, an fidléir ó Lord of the Dance, mar bhuaicphointe sa seó.

Ar na daoine eile a bheidh ann tá James Kilbane a bhí mar iomaitheoir i gcraobh ceannais an chomórtais You're a Star, Pollyanna Guedes as Meiriceá Laidineach, Darragh Healy, curadh uile-Éireann ar an mbosca ceoil, agus muintir Uí Chuinneagáin as Conamara, na damhsóirí seannóis is cumasaí agus is fearr aithne orthu in Éirinn.

Cosnaíonn ticéid don seó aonuaire seo €25 agus tá siad ar fáil ó Óstán Chathair na Mart ag (098) 25122.

Scéalta na Gaillimhe

Treasa Bhreathnach

Gradaim an Mhéara 2010

IS é Oíche Chinn Bliana an dáta deiridh ag muintir Chathair na Gaillimhe iad siúd a bhfuil onóir tuillte acu dá gcuid oibre deonaí a ainmniú do Ghradaim an Mhéara. Tá foirmeacha le fáil ó Halla na Cathrach, in oifigí na gComhar Creidmheasa sa chathair nó is féidir iad a fháil ar www.galwaycity.ie. Táthar ag lorg ainmniúchán ó dhaoine atá ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe do dhaoine aonair nó d'eagraíochtaí. Tá 7 gcinn de ghradaim aonair i gceist agus bronnfar trófaí déanta as Criostal na Gaillimhe agus seic €700 ar gach buaiteoir; bronnfar teastas ar gach duine a ainmneofar do na gradaim. Is iad an seacht gcatagóir atá i gceist ná an Gradam Ealaíon, Cultúir, Oidhreachta agus Gaeilge, an Gradam Comharsanachtaí agus Áitritheoirí, an Gradam Seirbhísí Sóisialta agus Pobail, Gradam d'Oibrí Deonach Spóirt na Bliana, an Gradam as Tacaíocht do Leanaí agus don Óige, Oibrí Deonach Óg na Bliana, Oibrí Deonach na Bliana. Tá trí Chomhar Creidmheasa i gcathair na Gaillimhe, Naomh Columba, Naomh Pádraig agus Naomh Antóin agus an Cladach, tar éis teacht le chéile mar urraitheoirí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Ghradaim an Mhéara 2010 ó www.galwaycity.ie nó trí ghlaoch ar 091-536406.

Is í Gaillimh an chathair is fearr sa tír, lonnaithe sa chontae is measa sa tír

TÁ daoine tar éis vótaí a chaitheamh do na bailte agus cathracha is fearr in Éirinn ar an suíomh idirlín likeplace.ie.

Is cosúil gurb é Gaillimh an baile is fearr in Éirinn agus go bhfuil sé suite sa chontae is measa sa tír. Fuair Cathair na Gaillimhe ráta de 4/5 i gcomparáid le cathracha nó bailte eile in Éirinn nach bhfuair ach 3.5/5 ar an mheán. Dúirt duine amháin faoi Thuaim go bhfuil 'na sráideanna lofa le bruscar i ngach áit. Tá áiteanna lofa feicthe agam ach is mór an náire é Tuaim.'

Ar an taobh eile dúirt duine eile gur cathair í Gaillimh atá 'spleodrach, éagsúil le fáilte mhór romhat inti, le neart siamsaíochta agus imeachtaí cultúrtha agus neart deiseanna a bheith páirteach i ngrúpaí áitiúla.'

Tá James Kilbane, Cora Smyth, Dara Healy agus Brian Cunningham ar bís don Seó Nollaig 'The Legend of Gráinne Mhaol'. Beidh an seó ceoil traidisiúnta 'The Legend of Gráinne Mhaol' a bhfuil an-tóir air ar ais in Óstán Chathair na Mart Dé Céadaoin an 29 Nollaig ar feadh oíche amháin. Cosnaíonn ticéid don seó aonuaire seo €25 agus tá siad ar fáil ó Óstán Chathair na Mart ag (098) 25122

Ruairí agus Cillian Ó Conchúir le príomhóide Scoil Náisiúnta Bhaile an Tobair Brian Mac Conaill agus iad ag taifead do TG4 an tseachtain seo

Connemara View ag machnamh athrú ó nuachtán míosúil go nuachtán ráithiúil

Treasa Bhreathnach

TAR éis a bheith ar an bhfód le hos cionn 6 bliana mar fhoilseachán míosúil, tá cinntí deacra le déanamh ag eagarthóir an '*Connemara View*' anois an mbeidh orthu laghdú go foilseachán ráithiúil.

Deir Ellen McDonough, eagarthóir an '*Connemara View*', "Is mar gheall ar an titim i ndíol fógraíochta atá muid ag breathnú ar an gcinneadh seo a dhéanamh. Thit díolacháin fógraíochta 25% in 2009 agus mar an gcéanna in 2010 agus dá mbeadh muid ag breathnú ar an fhigiúr céanna in 2011 bheadh fadhb againn.

Nílim ag iarraidh dul taobh amuigh de Chonamara d'fhógraíocht mar b'fhearr liom an gnó a choinneáil áitiúil, mar sin is gnólachtaí beaga den chuid is mó a thógann fógraíocht linn. Faoi láthair is foilseachán 40 leathanach atá ann, mar sin beidh orainn breathnú ar na roghanna atá againn, an méid leathanaigh a laghdú nó breathnú ar mhúnla eile don pháipéar. Más é an nuacht an t-ábhar is luachmhaire den pháipéar b'fhéidir gur fiú dúinn breathnú ar an idirlíon ach le timpeall 75% de dhul i bhfód ar an margadh idirlín agus an easpa idirlín sciobtha i gConamara tá neart ceisteanna le freagairt ar dtús. Tá muid ag breathnú ar chinneadh a dhéanamh i mí Feabhra."

Is as an gClochán athair Ellen agus as Tiobraid Árann a máthair ach tógadh í féin i mBostún sular bhog sí go hÉirinn timpeall 14 bliain ó shin. Tá cúlra gnó aici le céimeanna i nGnó agus in Iriseoireacht agus tréimhse caite aici ag obair i bhfógraíocht sna 70idí agus mar Ollamh le Margaíocht agus Fógraíocht i Meiriceá ar feadh tamaill.

Deir sí, "Níl aon rogha againn ag an bpointe seo ach breathnú ar athrú múnla mar ní chreidim gur cheart d'aon nuachtán a bheith fóirdheonaithe. Ba cheart go mbeadh deighilt idir iriseoireacht agus an stát."

Is í Ellenan t-aon fhostaí lánaimseartha ar an bpáipéar faoi láthair tar éis gur gearradh uaireanta na bhfostaithe lánaimseartha eile i rith na bliana.

Deir sí chomh maith, "Ní hé an '*Connemara View*' an t-aon fhoilseachán a bhíonn á dhéanamh againn, tá leabhar againn darb ainm '*Historical Sketchbooks*' atá ar fáil ar an suíomh idirlín agus atá ainmnithe do ghradam oidhreachta na Gaillimhe agus tá iris turasóireachta againn a thagann amach sa samhradh. Ach, is í an '*Connemara View*' an páipéar is mó ó thaobh brandála de atá againn." I láthair na huaire bíonn 7,500 cóip den pháipéar á ndáileadh fud fad Chonamara gach mí.

Liatroim

Club Leabhar Chora Droma Rúisc

Anton Mac Cába

TÁ 'Club Leabhar' anois i gCora Droma Rúisc, Co Liatroma. Tagann léitheoirí Gaeilge lena chéile gach coicís le leabhair Ghaeilge a phlé. Is ar an chéad agus an tríú Máirt den mhí ag 8.30 a tharlaíonn, ag an chaifé sa phictiúrlann.

Dúirt Patrice Uí Ghallchóir go bhfuil Gaeilge d'achan leibhéal ag na daoine a dhéanann freastal. "Tá daoine atá líofa," ar sise, "agus tá daoine eile, agus fíor-bheagán acu. Níl ann ach seans ag daoine Gaeilge a labhairt, gan eagla orthu má dhéanann siad botún."

Ag an bhomaite, tá an club ag léamh Gafa le Ré Ó Laighléis. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Patrice ag 071 9650805.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Céilí Oíche Chinn Bhliana

Treasa Bhreathnach

BEIDH céilí chinn bhliana á reáchtáil ag Cultúrlann na hÉireann le damhsa céilí agus seite agus ceol ón mbanna céilí 'Fódhla'. Is cuma cén caighdeán damhsa seite atá agat mar go mbeidh Jimmy Brennan ar fáil chun cabhair a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil iomlán muiníneach ina gcuid damhsa nó nár bhain triail as damhsa seite cheana. Is sa chultúrlann i mBaile na Manach a bheidh an céilí á reáchtáil agus cuirfear tús leis ag a 9in ar an oíche úd. Tá costas de €10 ar thicéad agus más gá duit tuilleadh eolais a fháil faoin imeacht seo téigh chuig comhaltas.ie nó téigh i dteagmháil le Jimmy Brennan féin ag 087 2711862.

Siúlóidí Eanáir na gCnocadóirí

Treasa Bhreathnach

DÓIBH siúd a d'ith an iomarca cáca, turcaí, milseán agus eile thar an Nollaig tá siúlóid á reáchtáil ag Na Cnocadóirí ar an 2 Eanáir chun cabhrú leat fáil réidh le haon mheáchan sa bhreis. Is club iad Na Cnocadóirí a bunaíodh in 2003 agus é i gceist acu cnocadóireacht trí Ghaeilge a chur chun cinn. Bíonn meascán de leibhéil siúlóide ar bun acu a bheadh feiliúnach do chách agus is gnáthshiúlóid a bheidh á reáchtáil acu ar an 2 Eanáir a mhairfidh timpeall 4-4.5 uair an chloig. Beifear ag tabhairt isteach Slí Chaoimhín, Cam an Doire, Cnoc an Turlaigh, Gleann Abhlach agus Bealach na Mianadóirí. Beidh an tsiúlóid ag tosú ag Ionad na gCuairteoirí Ghleann Dá Loch sa charrchlós íochtarach ag 11.45rn. Nó más i lár na cathrach ba mhaith leat bualadh leis an ngrúpa téigh chuig oifigí BSL i Sráid Mhic Liam ag 10.30rn. Téigh chuig cnocadoiri.com chun an liosta den trealamh agus den fheisteas a bheidh riachtanach don tsiúlóid a aimsiú mar níl tú ag iarraidh a bheith thuas sna cnoic gan an t-éadach cuí ort.



Peter Kavanagh i bpáirt Sheosaimh, Emma O'Reilly i bpáirt Mhuire agus Katie Harling i bpáirt Íosa óig ag seoladh an Beithilín Beo in Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath le déanaí. (PIC: PEARL PHELAN)

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Nollaig, 2010

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Doineann

TÁ daoine éirithe bréan agus bailithe den aimsir fhuar. Baineadh spórt agus go leor caitheamh aimsire as an sneachta ar dtúis, ach tá an nuaíocht sin imithe agus an fuacht fean-naideach ag cur as go mór don ndaonra, ainmhithe agus éanlaith.

Meastar go mbeidh, tá súil againn, faoiseamh éigin ag deireadh na seachtaine seo ach níl aon chin-nteacht ná go mbuailfidh an sneach-ta agus an sioc arís.

Bhíos i mo gharsún óg sa bhliain 1962-3 nuair a bhí breis agus dhá mhí chrua dhubha reoite againn. Is beag mairg a chuir sé ar mo leithéidí seo.

Ach ní mar sin a bhí ag feirmeoirí, bhíodar ag breith chucu féin.

Luigh sé go mór ar oirthear na tíre agus bhí sráideanna reoite Bhaile Átha Cliath bagarthach máchaileach. Bhí uafás ar dhaoine ar feadh tamaill. Bhí éanlaith an aeir thíos go mór leis agus cailleadh stoc le hocras agus morán caorach sna maid-hmeanna sneachta. Thánathas as.

Ní deirtear mórán fé 1964-5 ach bhí brat geal sneachta ann ón Nollaig go Feabhra ach ní raibh an sioc chomh dian. Is cuimhin liom go maith é mar le linn dom a bheith i scoil áirithe bhí an tUachtarán dar le scata againn urramach d'uaisle Shasana.

Thug sé sinn go léir isteach le féachaint ar shochraid Winston Churchhill. Ní mó ná sasta a bhí sé nuair a bhaineas ramsach as an dteil-ifís le cnapán breá sneachta. B'shin deireadh le sochraid

Churchill ar an dteilifís úd. Níor sceith aon duine! Ní cuimhin liom 1947 ach go ndeirtear go raibh sé fuar go maith agus gur lean sioc agus sneachta ar feadh sé seachtaine.

Ach ba é sioc mór na mblianta 1739-41 a dhein an rabach. Tá sé ráite go raibh an meánteas bliantúil fé 6°C san am. Thosnaigh an sioc agus an sneachta i

lár na Samhna agus isteach fé dheireadh mhí na Nollag bhí abha na Laoi i gCorcaigh reoite. Lean an sioc agus an fuacht feannaideach gan ach corr-lá bog seachas bogadh a bhí i mí Mheán Fómhair 1740. Ní tháinig fuascailt cheart dtí Bealtaine 1741. Má tá san scanrúil ba scanrúla fós gur cailleadh den ocras, duine as gach ochtar den 2.4 milliún [nó 12.5%] daonra a bhí sa tír, sarar bhuail an t-anaithe fuar mí-thró-caireach iad.

Chonac ar nuachtán Sasanach gur tharla scrios ansúd leis mar ná raibh aon taithí acu ar an aimsir reoite agus ná raibh aon réiteach déanta in aon chor.

Measaim gur bhuail gálaí gaoithe iad siúd chomh maith. Ach má leanann an sioc agus an sneachta atá againn fé láthair, bheidh earraí agus bia a bhí éirithe saor ag dúbailt i gcostas de gheit.

Beidh daoine ag guí ná tarlóidh agus más amhlaidh go ndeineann, beidh mallachtaí ag teacht go tiubh te. Beidh bogadh sara fada dar liom.

'Leabhar Mór' seolta

SEOLADH an 'leabhar mór', Corca Dhuibhne, Liam Ó Néill , i Músaem Bhaile an Fhirtéaraigh ar an Satharn seo caite. Bhí slua breá i láthair nuair a chuir an file Dónal Mac 'n tSítigh gaoth i seolta an leabhair thaibhsigh seo.

Ag tagairt don 100 pictiúr de chuid Liam atá sa leabhar, dúirt Dónal go raibh ana-shuim ag Liam i gcapaill agus gur cuid dá dhúchas é mar go raibh ceárta ag gaol dá chuid i bparóiste Fhionntrá. "Tugann tú fé ndeara más capaill atá ag treabhadh nó feirmeoir ag baint choirce le speal, súil ghéar Liam. Tugann sé aird ar gach fearas treafa. Léiríonn sé mar atá an capall gafa, nó baill éadaigh an fheirmeora atá ag speal-adóireacht. Tá siad ina steille bheathaidh', dar le Dónal.

Mhol sé leis na stráicí eolais atá sa leabhar fé ealaín agus cultúr a bhí aontaithe leis an údar agus atá scríofa ag Brenda Ní Shúilleabháin Mhic Ghinneá.

Tagraíonn Brenda do chultúr agus pearsana ó Chorca Dhuibhne agus pearsana tábhachtacha eile mar Sheán Ó Riordáin a thaithigh an ceantar. Is í Brenda a scríg an Focal Brollaigh.

Dar leis an Sítheach go bhfrea-graíonn na cúntais dos na pictiúirí. Is bean eolgaiseach go maith í Brenda ar chúrsaí ealaíon.

Ocht gcéad cóip den leabhar a cuireadh i gcló. Clódoirí Bhréanainn sa Daingean a dhein an gaisce. Tá an leabhar ar díol ar €99.

Dúirt Liam Ó Néill linn go raibh sé ana-shásta leis an líon leabhar a bhí díolta cheana féin.

'Tá', ar sé, 'suas le trí chéad cean-naithe cheana féin'.

Is léir ná fuil aon tionchar gur fiú trácht air ag an lagtrá eacnamaíochta ar obair ghreanta Liam.

Is ó Chathair Scoilbín i bparóiste Chill Chuáin [Mórdhadh a deirtear go minic] do Liam. Tá a cháil mar ealaíontóir aitheanta forleathan le roinnt blianta.

Drochscéal um Nollaig ó An Post do mhuintir Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh

Seán Ó Loingsigh

TÁ drochscéal um Nollaig tagtha ó An Post do mhuntir Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh mar go bhfuil cuma air nach mbeidh seirbhísí dá gcuid ar fáil sa tsráidbhaile Gaeltachta faoi cheann dheireadh mhí Eanair.

Tá sé dearbhaithe ag An Post nach bhfuil aon iarratas fachta acu maidir le folúntas chonradh ghníomhaireacht poist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh a fógraíodh le déanaí.

Ba é an 17 Nollaig an sprioc-dháta maidir le hiarratais a bhí á lorg ó dhaoine go mbeadh suim acu áitreabh do ghníomhaireacht poist a chur ar fáil i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Ós rud é nach bhfuil aon iarratas tagtha chun cinn, tá cuma air faoi láthair nach mbeidh seirbhísí oifige de chuid An Post ar fáil i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh nuair a dhúnfaidh Oifig an Phoist an tsráidbhaile i ndeireadh mhí Eanair, tráth a mbeidh an máistir poist atá i mbun gnó ansan ag éirí as.

Dúirt urlabhraí de chuid An Post go leanfaidís lena n-iarrachtaí chun gníomhaireacht poist a chur ar fáil i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh, ach go rabhthas ag féachaint anois ar an bhféidearthacht maidir le seirbhísí a bhogadh go gearrthréimhseach "ar a laghad" go hÍnse Geimh-leach, atá sé mhíle ón tsráidbhaile, agus go hoifigí poist eile i gceantar Mhúscraí.

"The plan is still to continue to provide services there through a postal agency, but obviously that is difficult now because we haven't got any applicants in," a dúirt an t-urlabhraí.

"We will certainly re-advertise," a thug sé le fios.

I gcás nach mbeadh gníomhaireacht poist curtha ar fáil ag deireadh mhí Eanair, bheadh ar chustaiméirí a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus pinsin i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh aistriú go hoifigí poist eile. Níltear sásta i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh leis an ngníomhaireacht poist atá beartaithe mar go bhfuil sé ar intinn ag An Post seirbhísí teoranta a chur ar fáil i siopa.

Tá sé curtha in iúl ag lucht siopa i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh nach fiú dul i mbun an chonartha atá á ofráil ag An Post, agus tá feachtas ar bun chun na seirbhísí a choimeád san Oifig an Phoist atá ann faoi láthair.

Tuigtear go bhfuil daoine ann go mbeadh suim acu dul i mbun conartha in Oifig an Phoist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh, agus go mbeadh an chlann gur leo í toil-teanach an áis a ligean ar cíos.

Tá sé ráite ag An Post nach fiú conradh Oifig an Phoist Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh a athnuachan de bharr an méid gnó a bheadh ar bun ann.

Tá imní ar leith i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh maidir leis na seirb-hísí íosghrádaithe a bheadh ar fáil sa ghníomhaireacht poist mar nach mbeadh seirbhís baincéireachta ina measc agus nach mbeifí in ann bearta a chur sa phost ann de bharr nach mbeadh aon áis chun iad a mheá.

Tá míshuaimhneas chomh maith i measc an phobail go mbeadh íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus pinsin á n-íoc thar cuntar istigh i siopa.

Bhí cruinniú poiblí maidir le ceist Oifig an Phoist le bheith i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh oíche Dé Luain seo caite, ach cuireadh é ar athló de bharr na drochaimsire. Tá sé socraithe anois go dtionólfar an cruinniú tar éis na Nollag.

Éileamh i gcoinne nascadh le Luimneach

TÁ feachtas síniúchán agus sto-caireachta ar bun ag Seirbhísí Oideachais [Coiste Gairmoideachais] Chiarraí, ag éileamh ná déanfaí iad a chónascadh le Coistí Chathair agus Chontae Luimnigh.

Measaid gur beartas mí-thuis-ceanach beartas na Roinne Oideachais agus an Rialtais. Fiú má mheasann tuarascáil McCarthy go sábhálfar €3 mhilliún as na beartais seo, is léir dar leo ná tuigtear an slad a dhéanfar ar chúrsaí oideachais dá bharr.

Duine des na daoine is mó nach n-aontódh le beartais comhnasctha seo na gCoistí Gairmoideachais, ná Priomhfheidhmeannach Choiste Chiarraí, Barney Ó Raghallaigh. Ach is gearr go mbeidh an Raghallach ag éirí as a phost agus ag scor. Meastar go bhfágfaidh sé slán is beannacht ag Seirbhísí Oideachais Chiarraí, go praiticiúil, an tseachtain seo agus go hoifigiúil ag deireadh na míosa. Fear fuinnimh agus ceannródaíochta ba ea Barney. Bhí sé ana-dhílis don nGaeilge.

Measann cairde don Raghallach, gur ó Chlár Chlainne Mhuiris dó ó dhúchas, go mbeidh sé i mbun pinn ar leabhar fé oideachas go luath.

Ghnóthaigh sé céim PhD as a thaighde ar stair an chórais ghair-moideachais in Éirinn tamall de bhlianta ó shin.

Comhghaird-eas do Chlann Uí Ghearailt

Deineadh comhgháirdeachas agus moladh go hard na spéire Chlann Uí Ghearailt ó Chathair Scoilbín i gCor-ca Dhuibhne as a fheabhas a chruthaíodar thar ceann chumann caide na Gaeltachta sa chraobh-chomórtas ar an gclár ceisteanna fén GAA [CLG] a bhí á chur i láthair ag Hector Ó hEochagáin ar TG4 an Domhnach seo caite. Sa chraobh-bhabhta bhí foireann na hEaglaise ó Thír Eoghain agus na Gearaltaigh ar comhtharrac ar deireadh. An chéad fhoireann a d'fhreagródh an chéad cheist bhreise i gceart, bheadh an bua acu.

Bhí an lá leis an Eaglais. Ana-chomórtas agus dhá fhoireann a bhí thar barr. Bhí na ceisteanna ana-chruaidh ach freagraíodh a bhformhór i gceart. Nuala, bun-mhúinteoir i Scoil Náisiúnta Lios Póil, agus a beirt mhac Éanna agus Conall, a bhí ar fhoireann na Gaeltachta.

An Dreoilín

TÁ dreoilíní ar fuaid Chorca Dhuib-hne á réiteach féin don lá mór, Lá San Stiofán. Tá siad ag súil ná beidh sé ina chlagarnach bháistí.

Seo dream gur beag beann acu ar shioc ná sneachta.

Is sa Daingean a bhíonn an chuid is mó de na 'Dreoilíní Móra' ach bíonn scata buíonta fén dtuath, cuid acu ana-cheolmhar agus cuid eile gan bheith thar mholadh beirte. Is gnáthach le tamall de bhlianta gur ar son cúis charthanachta a bhíonn scata des na Dreoilíní Móra amuigh ach bíonn 'oíche' mar chuid de lea-gan amach grúpaí éagsúla.

Is trua é mar scéal ach ní bheidh Muiris Ó Rócáin, ceannródaí Fhéile Willie Clancy, le Dreoilíní Shráid Eoin, a shráid dúchais, i mbliana, mar a bhí le blianta fada.

Tá Muiris, an fear geanúil galánta, ag teacht chuige féin tar éis taom trom gan choinne breoiteachta. Fuascailt ar do chás a Mhuiris na cleachtan.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Cruinniú le bheith ag trádálaithe Ghaeltacht Dhún na nGall

Danny Brown

TÁ cruinniú le bheith ag trádálaithe Ghaeltacht Dhún na nGall roimh an Nollaig le tús a chur le feachtas in aghaidh Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

Tá míshástacht orthu go bhfuil rátaí arda á n-íoc acu leis an Chomhairle agus nach bhfuil siad ag fáil seirbhísí ar bith ar a son.

Dúirt Éamonn Mac Giolla Bhríde, Cathaoirleach Chumann Trádála Ghaoth Dobhair go bhfuil rudaí go dona anois agus nach féidir le cuid acu coinneáil ag gabháil mar atá.

Tá deacrachtaí millteanacha ag roinnt comhlachtaí sa cheantar de bharr na droch-aimsire le seachtain nó dhó anuas agus, ó tharla an babhta is déanaí sneachta agus oighir, tá bail níos measa ar na bóithre.

An tseachtain seo, mar shampla, níor cuireadh salann ar bhóthar ar bith i gCloch Cheannfhaola, Gaoth Dobhair nó na Rosa, cé gur leagadh grean agus gaineamh ar na príomhbhóithre.

Níor leor sin do ghnónna i nDún Lúiche, áfach.

Cuireadh comharthaí in airde ag ceann bhóthar cúil na hEaragaile ag rá nár leagadh grean ná salann ar an bhóthar sin agus, dá thairbhe sin, ní raibh trácht ag dul tríd an bhaile beag.

Dúirt Ciarán Ó Rabhartaigh, a bhfuil garáiste aige i nDún Lúiche, gur thit gnó s'aige 90% an mhí seo cionn is nach raibh trácht ag dul thart leis an gharáiste.

Tógadh an garáiste, bialann agus siopa roinnt blianta ó shin agus tá morgáiste mór air.

De réir Chiaráin, tá na rátaí le híoc in aghaidh na míosa agus fuair sé comhairle óna chuntasóir nach féidir leis na híocaíochtaí a choinneáil ag gabháil.

Tá 15 oibrí, idir lán-aimseartha agus pháirt-aimseartha, fostaithe ag Ciarán ina ghnó agus tuigtear go bhfuil na poist sin i mbaol má choinníonn an Chomhairle ag diúltú salann a chur ar bhóthar cúil na hEaragaile.

Cé gur cuireadh rún trí chruinniú na Comhairle go laghdófaí na rátaí le 5%, meastar nach mbeidh na trádálaithe sásta leis sin agus go ndíreoidh siad ar stailc rátaí de chineál éigin mar agóid in éadan mhí-éifeacht na Comhairle.

Meastar go bhfuil áiteacha in iarthuaisceart na Contae ina bhfuil 72% de na gnónna i riaráiste.

De réir Éamoinn Mhic Giolla Bhríde, níl sin inmharthana.

Ní droch-scéala uilig atá ag teacht amach as an cheantar, áfach.

Tuigtear go bhfuil ollmhargaí ag trádáil go maith ar an ábhar nach bhfuil daoine ábalta taisteal go dtí na bailte móra.

Rinne siopadóirí Leitir Ceanainn gearán an tseachtain seo faoin droch-bhail atá ar na bóithre sa bhaile agus dúirt gur beag gnó a rinneadh sa bhaile ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart, ceann de na deirí seachtaine is gnóthaí sa bhliain de ghnáth.

Is é an toradh air seo ná go bhfuil muintir an iarthuaiscirt ag déanamh a gcuid siopadóireacht Nollag sna siopaí áitiúla in áit dul isteach go Leitir Ceanainn.

Níl a oiread daoine ag fágáil na contae i mbliana le siopadóireacht a dhéanamh i nDoire nó ar an tSrath Bán.

Tá dhá chúis leis seo.

Tá an punt Sterling iontach láidir i gcomparáid leis an Euro.

Agus an diabhal sneachta!

Imeachtaí in 2011 do Chlubanna CLG Ard Mhacha

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH deis ag clubanna CLG Ard Mhacha dul in adharca a chéile go luath sa bhliain úr ar an 7 Eanáir nuair a reáchtálfar Tráth na gCeist Gaeilge. Is féidir le club ar bith sa chontae ceathrar a chur isteach ar Thráth na gCeist agus bronnfar na chéad bhoinn den bhliain nua ar na buaiteoirí. Tosóidh Tráth na gCeist ar 8.30in agus beidh sé ar siúl i gclubtheach Chláirsigh Ard Mhacha in Ard Mhacha féin. Má tá sibh ag machnamh ar bhua na gcomharsan i gcraobh 2010 oraibh, seo an seans agaibh tús maith a chur le 2011 agus díoltas a bhaint amach ó fhíorthús na bliana.

Chomh maith le Tráth na gCeist beidh seimineár cultúir ar siúl ar an 22 Eanáir i gclubtheach Phiarsaigh Óga Ard Mhacha. Cuirfear tús leis an seimineár ar 11.00rn le caint ó Uachtarán Chomhairle Uladh, Aogán Ó Fearghail agus bronnfar teastais ar na daltaí bunscoile a ghlac páirt sa scéim Gaeilge a shocraigh Coiste Cultúir CLG Ard Mhacha i mbunscoileanna na cathrach. Labhróidh Fergal O'Brien ar na comórtais Scóir agus déanfaidh Réamonn Ó Ciaráin cur i láthair ar chanúint an Bhéarla a labhraítear sa cheantar. Tá an Coiste Cultúir i ndiaidh liosta de gach baile fearainn i gcontae Ard Mhacha a thiomsú chomh maith le bunchiall ainm an bhaile fearainn i mBéarla agus beidh cur i láthair ó Kevin Murphy ar a thábhachtaí atá sé ainmneacha na mbailte fearainn sin a chaomhnú. Beidh an seimineár ar tosú thart ar 2.15in. Tá fáilte roimh chách ar an dá lá sin.

Tá an drochaimsir ar ais arís ar fud na tíre, ach is é an Tuaisceart an áit is fuaire ar an oileán. Thit an teocht faoi bhun -18°C i dTír Eoghain i rith na seachtaine. Cuireadh moill ar roinnt eitiltí agus cuireadh roinnt acu ar ceal.

Suirbhé: Dún na nGall mar an contae is fearr sa tír

le Danny Brown

DE RÉIR suirbhé atá déanta ag suíomh idirlín, is é Dún na nGall an contae is fearr sa tír le bheith i do chónaí ann.

Chaith 3,500 duine vóta don chontae ar an suíomh www.likeplace.ie agus ghnóthaigh sé scór 4.1 as 5.

Is scéala maith don chontae é seo agus é faoi bhrat sneachta agus oighir, gan faoiseamh ar bith i ndán go dtí i ndiaidh na Nollag.

Ní hamhlaidh an scéal ag Contae na Gaillimhe, áfach.

Is é Gaillimh an contae is measa sa tír le maireachtáil ann de réir an tsuirbhé.

Níor ghnóthaigh sé ach 3.6 as 5 mar mharc.

I measc na gcontaetha eile a fuair scór ard sa suirbhé tá Sligeach, Maigh Eo, Corcaigh agus Ciarraí.

Ach tá dea-scéala sa suirbhé do mhuintir na Gaillimhe fosta mar bhain Cathair na Gaillimhe an chéad áit amach sa chomórtas don bhaile mhór is fearr in Éirinn, ag gnóthú 4.5 as 5.

Is é Bré i gContae Chill Mhantáin an baile is measa sa tír de réir an tsuirbhé le scór de 3.1 as 5.

Ar ndóigh, níl ann i ndairíre ach píosa craice mar is féidir na figiúirí a ionramháil go furasta.

Tithe do shuíomh 'Fruit of the Loom'

Anton Mac Cába

TÁ 38 teach le tógáil ar shuíomh mar a mbíodh ceann de na monarchana ba mhó i nDún na nGall. Thug Comhairle Bhaile-Cheantair Bhun Crannchа cead pleanála na tithe a thógáil ar chuid de shuíomh mhonarcha Fruit of the Loom ag Ballymacarry ar imeall an bhaile. Bhí beagnach 600 ag obair sa mhonarcha níos lú ná deich mbliana ó shoin.

Monarcha éadaigh a bhí ann. Aistríodh an táirgeadh chun na Maróice.

Thug an Chomhairle an cead pleanála do Rishton Teoranta. Is é Pat 'Big Hill' Doherty an stiúrthóir is aitheanta ar an chomhlacht seo. Tá Doherty ina stiúrthóir ar 57 comhlacht eile, ina measc Harcourt Developments, Lough Swilly Transport, Park West Hotels agus Letterkenny Shopping Centre. Is iad Ann Reddington, Robert Langdon agus Paddy Power na stiúrthóirí eile ar an chomhlacht.

De réir doiciméidí a comhdaíodh san Oifig um Chlárú Cuideachtaí, chaill Rishton €3,358,256 sa bhliain 2009. Chaill an comhlacht €3,0166,161 sa bhliain roimhe.

San iarratas pleanála, deirtear go bhfuil rún ag Rishton forbairt tráchtála a thógáil ar an chuid eile den suíomh. Bheadh miondíoltóireacht mar chuid den fhorbairt seo. San iarratas, ní dúradh cathain a bheadh an t-iarratas pleanála fána choinne seo dá chur isteach.

Sraith Léachtaí ar an Ghaeilge

Anton Mac Cába

BEIDH sraith sé léacht (i mBéarla) faoi chúrsaí Gaeilge gach seachtain i gceantar na hÓmaí sa bhliain nua. Tosnóidh na léachtaí Déardaoin an 13ú Eanáir ag 7.30. Labhróidh an Dr Séamas Ó Catháin leabharlann na hÓmaí ar 'What would the neighbours say? Traditions in contact'. Tá leabharlann na hÓmaí ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Beidh na léachtaí uilig ar an Ómaigh, díomaite de cheann amháin ar an Tearmann. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach glaoch ar Kevin Goodwin ag 00 44 28 82 256220, nó 086 2435218, nó ríomhphost a chur chuig kevin.goodwin@omagh.gov.uk.

3 TRÁCHTAIREACHT

Rún na hathbhliana arbh fhiú é a dhéanamh

Eoghan Ó Néill

Gach Aoine le 9 mí anuas bím ag brostú isteach sa Cheathrú Póilí, i gCultúrlann Bhéal Feirste, go gceannaím mo chóip de Ghaelscéal. Dála naíonán nuabheirthe is díol iontais, siamsa is cainte Gaelscéal agus é in aois naoi mí.

Ní furasta é ag nuachtán seachtainiúil Gaeilge nideog a aimsiú sa mhargadh agus cé go raibh beagán taithí ag go leor den fhoireann tá jab iontach déanta acu.

Is mór liomsa a bheith luaite leis an nuachtán agus an Nollaig bheag seo ólfaidh mé sláinte lucht bunaithe an nuachtáin, iad sin a choinníonn ag dul é agus iad sin a chuireann airgead ar an chuntar agus a cheannaíonn é.

Ach sula ngéillim don ól sláinte, don mharóg Nollag, do chnónna is don chiste, do scéal draíochtach bhreith Chríost agus do mhíle iontas is cathú eile na Nollag, cuimhneoidh mé daoibh gur cothrom an lae inniu dhá bhliain ó shin a foilsíodh an t-eagrán deiridh de Lá.

'Bás' an teideal a bhí ar an eagrán deiridh sin, ag tagairt do bhás an nuachtáin, go díreach mar a bhí 'Bás' ina cheannteideal ar an chéad eagrán de Lá in 1984, ag tagairt do mharú Sean Downes ag piléar plaisteach taobh amuigh d'oifigí an nuachtáin. 23ú Nollaig 2008 is beag a shíl mé go n-imeodh dhá bhliain gan bogadh ar bith a bheith déanta i dtreo nuachtán laethúil Gaeilge.

Ach ní heol dom gur tugadh aon chéim chun tosaigh nó go fiú gur luadh nuachtán laethúil go sonrach i dtuarascáil rialtais ná i bhfóraim údarásacha. Rud atá íorónta ar fad nó is fusa anois ná riamh sa stair, nuachtán laethúil a fhoilsiú.

Tá an t-idirlíon i ndiaidh fáil réidh le cuid mhór de na constaicí a bhí sa bhealach. Bhí costas mór ag baint le clóbhualadh nuachtáin chlóite. Agus, lena chois, costais mhóra ag baint lena dháileadh. Agus Dia idir sin agus an obair riaracháin a bhain leis an dáileadh.

Níl aon chuid de sin ag baint leis an nuachtán ar líne.

Níl costas clóbhuailte ná dáiliúcháin ann agus faigheann an Gael in Montreal nó i Nua-Eabhrac leagan de nuachtán laethúil ag aon am leis an léitheoir i gcríocha Fodhla.

Tá dul chun cinn dochreidte déanta. Agus ní amháin sin. Bíonn gach nuachtán clóite as dáta go fiú sula bhfeiceann a chuid léitheoirí é.

Ach caithfimid teacht ar dhaoine misniúla a bhfuil fíormheon na réabhlóide acu a thuigeann gur seo an áit a dtig leo réabhlóid a chur sa tsiúil i saol na Gaeilge. Mar sin ag barr mo liosta de rúin na hathbhliana cuirfidh mé romham oiread a dhéanamh agus a thig liom in 2011 chun nuachtán laethúil Gaeilge a thabhairt ar an tsaol.

Ach níl an fhadhb sin ag an nuachtán ar líne nó is féidir an leagan ar líne a uasdátú is a leasú de réir mar is gá. Nuachtán laethúil Gaeilge ar líne - níl sé dodhéanta.

Go háirithe má thosaíonn lucht a fhoilsithe le foireann bheag.

Gearrann an Irish Times €395 sa bhliain ar shíntiúsóirí a bhaineann tairbhe as a gcartlann.

Nach dtiocfadh le nuachtán laethúil Gaeilge €300 a ghearradh ar shíntiúsóirí as 'Lá ar Líne' nó a macasamhail a bheith á seachadadh chucu gach maidin?

Tá bealach eile chun sárú ar fhadhbanna dáiliúcháin an nuachtáin laethúil Gaeilge.

Tá Foinse ar fáil taobh istigh den 'Irish Independent.'

Tá Foinse ó thús deiridh slachtmhar snasta agus curtha in oiriúint go foirfe do lucht a léite - mar atá daltaí scoile.

Cruthaíonn an cur chuige ceannródaíoch s'acu go dtig leat nuachtán Gaeilge a fháil a fhad le 100,000 duine - scair mhór Ghaeilgeoirí ina measc.

Tá an tríú rogha ann maidir le nuachtán laethúil Gaeilge.

Seachas a bheith ag iarraidh nuachtán laethúil Gaeilge náisiúnta a bheith ann b'fhéidir go mba cheart tosú le nuachtáin laethúla ar bhonn réigiúnach. Go mbeadh nuachtán laethúil i gceantair mar a bhfuil dlúthphobal Gaeilge ann.

Abair nuachtán laethúil atá dírithe ar Bhaile Átha Cliath, nó ar Bhéal Feirste, nó ar Chonamara, nó ar Ghaoth Dobhair.

Nuachtán nach scaipfeadh ach roinnt céadta cóip sa lá.

Tá go leor féidearthachtaí ann ach le dhá bhliain anuas ní thig liom cuimhneamh ar aon mhórphlé i measc Gaeilgeoirí faoi nuachtán laethúil Gaeilge.

B'fhearr le go leor acu caoineadh faoi easpa tacaíochta rialtais nuair is iad féin an fórsa a dhéanfaidh rudaí a athrú - ní rialtais.

Tá lagtrá i margadh na nuachtán laethúil faoi láthair.

Ach níl mórphobal teanga ann nach bhfuil a leithéid acu ina dteanga féin. Is gléas iontach athbheochana is cothú pobal teanga é nuachtán laethúil.

Ar iomlán na n-iontais is na bhféidearthachtaí a thugann Facebook is YouTube dúinn, ar a tharraingtí is atá Gaelscéal is Foinse srl, tá nuachtán uainn a thugann eolas is tuairimí is nuacht is siamsa dúinn ar bhonn laethúil. Agus in aois seo na teicneolaíochta tá an taobh teicniciúil furasta go leor.

Ach caithfimid teacht ar dhaoine misniúla a bhfuil fíormheon na réabhlóide acu a thuigeann gur seo an áit a dtig leo réabhlóid a chur sa tsiúil i saoi na Gaeilge.

Mar sin ag barr mo liosta de rúin na hathbhliana cuirfidh mé romham oiread a dhéanamh agus a thig liom in 2011 chun nuachtán laethúil Gaeilge a thabhairt ar an tsaol.

Tá an rún cinn bhliana déanta agam gach bliain le 26 bliain anuas ach mothaím gur 2011 bliain na cinniúna. Bliain úr mhaith agaibh go léir.

An Nollaig, an t-am is fearr ... an t-am is measa

Bernie Ní Fhlatharta

Faoin am a bheas sibh á leamh seo, beidh an Ócáid Mhór tagtha - an Nollaig, tréimhse atá in ainm a bheith deas, séimh le béim ar an gcairdeas agus ar an gcineáltas.

Ach do chuid mhór seo é an t-am is measa sa bhliain. Má tá fadhb ólacháin sa teach, níl aon am is measa ná an Nollaig.

Má tá bochtanas sa teach, cuireann sé an-bhrú ar theaghlaigh coinneáil suas leis an tráchtálachas a bhaineann leis an séasúr seo, go bhfóire Dia orainn. Ní nach ionadh go mbíonn eagraíochtaí carthanachta gnóthach roimh an Nollaig.

Agus i mbliana níl aon dabht go bhfuil an bochtanas níos measa agus níos forleithne mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta.

Daoine agus postanna caillte acu, laghdú airgid go forleathan ach fós féin an brú céanna "Nollaig Mhaith" a bheith againn ar fad.

An bronntanas is fearr a d'fhéadfadh mo chlann a thabhairt domsa agus dá chéile, b'fhéidir, ná droim a thabhairt ar an tráchtálachas atá ag baint leis an Nollaig.

Nárbh iontach an turgnamh é gan bronntanais a cheannacht, díreach bliain amháin, gan aon turcaí a bheith ar an mbord agus an lá a chaitheamh ar nós aon lá eile - go simplí.

Ba dhúshlán cinnte a bheadh ann do chorrdhuine atá sáinnithe i dtraidisiún nua-aimseartha na Nollag. Cén fáth go bhfuil orainn an oiread bia agus óil a cheannacht roimh ré, gan caint ar an airgead a chaitheann muid ar bhronntanais, nithe nach bhfuil riachtanach ar chor ar bith.

An dtuigeann daoine go bhfuil nithe ar díol faoi Nollaig nach bhfuil sna siopaí aon am eile den bhliain mar nach mbeadh aon éileamh orthu, mar nach bhfuil aon bhrú ann bronntanais a cheannacht i rith na bliana ar an scála céanna.

Ní Scrooge mé as scéal Charles Dickens ach tá beagáinín den *Krank* ag baint liom, an cúpla sin i ngearrscéal Stephen King a thriail cúl a thabhairt leis an Nollaig. Bhí scannán bunaithe ar an scéal ar RTÉ i rith na seachtaine agus is cosúil go gceapann King freisin go bhfuil brú ar dhaoine cloí leis an rud atá gach uile dhuine a dhéanamh.

Fiú má admhaíonn tú nach bhfuil tú ag ithe turcaí ar an lá cuireann sé ionadh ar dhaoine.

Tuigim cén fáth a dtéann daoine thar lear ag an tráth seo bliana ach fós féin tá an Nollaig thall freisin, beagnach i ngach uile choirneál den domhan. Is deacair imeacht uaithi.

Ach é sin ar fad ráite, ní miste liomsa cén chaoi a ndéanann daoine ceiliúradh ar an Nollaig ach b'fhéidir go bhfuil sé thar am againn an méid airgid a chaitheann muid orainn féin agus ar an gclann a laghdú agus smaoineamh ar dhaoine atá i gcruachás - eacnamaíoch agus sóisialta. Is fíor nach féidir linn an saol uilig a leigheas ach is féidir le gach uile dhuine againn iarracht bheag a dhéanamh.

Nollaig dheas chiúin agus shábháilte daoibh ar fad.

Eagla ar na Gnáthoibrithe Bainc

Seán Fitzpatrick ar dheis, le David Drumm agus Tom Browne, sa lár. (Pic Photocall Ireland)

Conall Ó Móráin

Tharla rud gránna i mbrainse den bhanc AIB béal leis an Lárionad Feirme i mBaile Átha Cliath 12 seachtain ó shin. Rinne ball den phobal ionsaí ar fhoireann an bhainc agus i ndeireadh báire bhí ar na Gardaí teacht. Tá fearg ar dhaoine ach ní ar an ngnáthoibrí sa mbanc an lucht faoin méid atá tarlaithe sa gheilleagar. Bhí mé le cúpla baincéir le déanaí a dúirt liom go bhfuil scéalta cloiste acu faoi dhaoine ina n-eagras atá tar éis íde béil d'fhulaingt ón bpobal agus iad amuigh i dtithe tábhairne agus i mbialanna.

Ní deir a bhformhór a thuilleadh go n-oibríonn siad i mbanc mar go bhfuil eagla orthu. Sea, eagla. Gnáthdhaoine ag déanamh gnáthoibre agus gnáthdhaoine eile ag cur an mhilleáin orthu siúd de bharr a bhfuil tar éis tarlú. Ach seo iad na daoine míchearta, an sprioc mhícheart agus an gníomh mícheart.

Tabhair faoi deara go bhfuil olltoghchán ag teacht inár dtreo. Tabhair faoi deara freisin scéalta sna meáin ag rá linn go bhfuil Sean Fitzpatrick agus cúpla duine dá chomhghleacaithe le dul faoi scrúdú ag Bord Rialúcháin na gCuntasóirí Cairte. Má chiontaítear aon duine acu is féidir fíneáil €30,000 a chur orthu agus cosc a chur orthu bheith ag obair mar chuntasóirí arís. Mar a déarfadh mo chuid páistí '*whoopdedoo*'. €30,000? Ní chuirfeadh sé ionadh orm dá mbeadh bille fíona na Nollag níos mó ná sin acu agus, dá mbeadh, ní ar chuntasaíocht a bheidh siad ag smaoineamh nó ag canadh.

Ach nach ait é go mb'fhéidir go mbeidh cosúlacht air, i rith toghcháin, go bhfuil 'rud éigin ag tarlú'. Fanaigí ar an dá Bhrian bheith ag maíomh go bhfuil siad ar dhiantóir ar aon duine a rinne aon rud mícheart. Tá sé ceart go leor áfach. Ní chabhróidh sé leo. Tá a ré caite agus ní fheicfear arís i gcumhacht iad. Buíochas le Dia as ucht an daonlathais.

Nach ait an rud é freisin go ndearna Prime Time dianscrúdú ar na forbróirí móra chun súil a chaitheamh ar a bhfuil fágtha ina bpócaí acu. Arís ná bíodh sibh buartha i rith shéasúr na dea-thola. Tá siad go breá. Ní bheidh aon easpa turcaí orthu ar Lá Nollag. Tá na capaill rásaíochta fós ag rith, tá na héileacaptair fós san aer, tá peitreal fós sna Range Rovers agus Mercedes agus ní bheidh foscadh de dhíth orthu ach an oiread mar go bhfuil cuma ar an scéal go bhfuil suas le 30 teach ag bean chéile duine acu agus roinnt mhaith tithe ag an gcuid eile. Níl d'fhiacha ar an dream beag seo ach thart ar €17 míle milliún. Drochscéal amháin a chuala mé le déanaí ná go raibh ar dhuine acu, Derek Quinlan, an bád aige a bhí suite amach ó chósta na Fraince a dhíol. Bád seoil a thugtar ar an tsórt báid a bhí aige ach ní raibh seol in aon chor air. Pálás óil a thugann fíormhairnéalaigh ar bhád dá leithéid. Chosain an bád €6 mhilliún air. Dhíol sé mí ó shin ar €2 mhilliún é. Ach dea-scéal áfach atá sa mhéid seo do Derek mar nár bhain sé mórán úsáide as an mbád. Ní raibh sé ábalta dul ar bord loinge rómhinic mar gur fhulaing sé go rídhona ó bhreoiteacht farraige. Má bhí tú riamh sa riocht céanna tá fhios agat go mbeadh tú sásta breis agus €4 mhilliún a chaitheamh chun é a stopadh, mar sin d'fhéadfá a rá go bhfuair sé margadh maith ar a bhád.

Ní deir a bhformhór a thuilleadh go n-oibríonn siad i mbanc mar go bhfuil eagla orthu. Sea, eagla. Gnáthdhaoine ag déanamh gnáthoibre agus gnáthdhaoine eile ag cur an mhilleáin orthu siúd de bharr a bhfuil tar éis tarlú. Ach seo iad na daoine míchearta, an sprioc mhícheart agus an gníomh mícheart.

In áit bheith ag piocadh ar oibrithe AIB agus más ar thóir 'na ndaoine gránna' atá tú, seo dúinn iad. Fós ag iarraidh cleasa d'imirt lena gcuid airgid, fós ag iarraidh gan a gcuid iasachtaí d'aisíoc, fós ag iarraidh maireachtáil ar mhuin na muice. Cuireann an méid seo fearg ghlan ar ghnáthdhaoine, daoine go bhfuil tar éis a gcuid gnóthaí nó a gcuid post a chailliúint, agus an ceart acu. Tá ár gcuid srón dá mbrú sa chacamas acu. Rud dainséarach ar fad é seo. Creidim go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh gnáthdhuine rud éigin gránna.

Tuigtear dom go bhfuil daoine a bhíodh an-saibhir agus atá tar éis na milliúin a chailliúint le Derek Quinlan ar mire leis. Ní bheidh na daoine seo ag canadh "Athbhliain faoi mhaise, a Derek."

Sa bhliain seo chugainn is dóigh liom gur chóir dóibh ar fad bheith an-chúramach agus na Range Rovers a dhíol, na báid a dhíol, na tithe móra a scaoileadh leo agus gníomh aithrí poiblí de shórt éigin a dhéanamh mar, go dtí sin, go dtí go bhfaigheann pobal na tíre sásamh éigin (agus níl cuma deifre ar na Gardaí ná ar Stiúrthóir na n-Ionchúiseamh Poiblí), tá na forbróirí seo i mbaol agus tar éis clár Prime Time tá fhios ag 500,000 duine eile cá bhfuil cónaí orthu. Tá cruth gránna ar chúrsaí.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Nollaig, 2010

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An Straitéis

MAITH nó olc, tá an Straitéis anois linn agus tá ráiteas misin éigin déanta ag an rialtas seo i leith thodhchaí na Gaeilge.

Tá lochtanna ar an Straitéis seo.

Ní léir ar chor ar bith go ndéanfadh an Straitéis a dhul i ngleic leis an ghéarchéim teanga sa Ghaeltacht, tá gníomh de dhíth, ní plámás.

Ní léir go mbeidh go leor airgid ar fáil don Straitéis ach an oiread.

Thar aon rud eile, cé go dtacaíonn Fine Gael leis an Straitéis, tá polasaithe s'acu i leith na Gaeilge ag teacht salach air; mar sin an féidir mórán dóchais a bheith againn go leanfaidh siad ar aghaidh leis?

Bhí sé le sonrú nach raibh Glasach ar bith ag an tseoladh, an é nach dtacaíonn siad leis nó nach dtacaíonn siad leis an rialtas féin níos mó?

Is beag an clúdach a bhí sna meáin chlóite Bhéarla ar an tseoladh. Léiríonn sé sin an dúshlán roimh an Straitéis seo, go háirithe nuair atá sé bunaithe ar níos mó Béarlóirí a thiontú i dtreo na Gaeilge.

Mar sin féin, cuirimis fáilte roimh an Straitéis. Ná ligimis don Rialtas dearmad a dhéanamh faoi. Tógaimis air. Déanaimis mar phobail na lochtanna a dheisiú. Bainimis úsáid as. Níl an rialtas seo ná an chéad rialtas eile dul an Ghaeilge a shábháil ach b'fhéidir leo a héascú agus b'fhéidir leo tacaíocht mar is ceart a chur ar fáil di. B'fhéidir leis an Straitéis a bheith mar chuid den phróiseas sin. Tá go leor soiniciúlachta ann i measc phobail na Gaeilge ar ndóigh agus ní chreideann ach naimhde na Gaeilge go bhfuil an Stát ar dhóigh ar bith dáiríre faoi Ghaeilge agus tá muintir na tíre seo bréan den 'chur i gcéill' i gcoitinne.

Ní dócha go gcuirfidh páistí, tuismitheoirí agus múinteoirí Ghaelscoil Ráth Tó mórán dóchais ann, nó a fhad is nach mbeidh aitheantas ag an scoil sin, beidh a fhios againn nach bhfuil sa Straitéis ach cur i gcéill iomlán faraor.

Eacnamaíocht an tsneachta

AR ndóigh, is rud contúirteach an aimsir chrua agus, faraor, cailleadh daoine mar gheall air an tseachtain seo. Taobh amuigh de na tragóidí seo áfach, tá costais ollmhóra eacnamaíochta leis chomh maith.

Cuireadh isteach ar chúrsaí iompair, ar chúrsaí gnó, ar shiopadóireacht na Nollag agus ar go leor leor eile.

Arís eile, ba léir nach raibh muid réidh ná ábalta dó.

Caithfidh an rialtas (agus an chéad cheann eile) suí síos agus na suimeanna eacnamaíochta a dhéanamh ar an cheist seo.

Arbh fhiú dúinn infheistíocht a dhéanamh chun sinn féin agus geilleagar na tíre seo a chosaint níos fearr ón sneachta agus ó aimsir chrua nó an é nach dtarlaíonn sé minic go leor agus nárbh fhiú a leithéid a dhéanamh?

An mbeadh na costais níos mó ná na coigiltí?

Ar a laghad ba chóir go mbeadh a fhios againn faoi seo an chéad uair eile a chaithfear an tír seo a dhúnadh agus a stopadh mar gheall ar chúpla orlach de shneachta.

Feicfidh muid in 2011 sibh

NOLLAIG Shona agus bliain úr faoi mhaise dár léitheoirí go léir. Beidh foireann Gaelscéal ar saoire an tseachtain seo chugainn ach beidh Gaelscéal ar ais sna siopaí ar fud na hÉireann agus ar líne Dé hAoine 7ú Eanáir 2011.

Glasach ar bith, cha raibh le feiceáil ann

An tAire Noel Dempsey, an Taoiseach Brian Cowen, an tAire Pat Carey agus Éamon Ó Cuív TD ag seoladh na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge an tseachtain seo. Ní raibh TD de chuid na nGlasach ag an tseoladh. Agus Gaelscéal ag dul i gcló níor tháinig aon mhíniú air seo ó na Glasaigh go fóill.

3 fhoilseachán dhamanta in aon tseachtain amháin agus na forbróirí fós chun cinn?

Páidí Ó Lionáird

An tseachtain seo caite chaitheas luach an cholúin seo ag déanamh achainí agus ag tacú le tuairim Ombudsman na Faisnéise Emily O'Reilly nuair a d'iarr sise Binse Fiosraithe de shórt. Binse na Fírinne, ann a bheadh deis ag na páirtithe leasmhara ar fad teacht agus lom na fírinne a insint maidir lenar tharla sna chéad deich mbliana den mílaois seo agus conas go bhfaighimíd sinn féin sa riocht ina bhfuilimíd - briste, brúite agus ar an gcúlchois go geilleagrach.

An tseachtain seo áfach, tá cúpla ábhar le cur i gcrích roimh Nollaig. Ní ábhair róthaitneamhacha iad áfach ach caithfear déileáil leo. Baineann an chéad cheann le foilsiú caibidle eile as tuairisc Bhinse Fiosraithe Murphy, a chaith na blianta seo caite ag fiosrú mí-úsaid ghnéis ar leanaí in Árd-Deoise Bhaile Átha Cliath. Baineann ceann eile le foilsiú thuairisc iar-bháis an chraoltóra Gerry Ryan, a fuair bás in Aibreán na bliana seo. Baineann ábhar eile le foilsiú na straitéise 20 bliain don Ghaeilge agus ar deireadh cé atá fós ag magadh fúinn, ach na forbróirí is mó atá i bhfiacha linn!

I gcás an chéad scéil, tá an ghaoth séidte as mo sheol agam, é sin nó tá mo sheol stróicthe go faic leis an gcaibidil is déanaí le bheith foilsithe i dtaobh mí-úsáid leanaí in Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath. "Caibidil a 19" atá bronnta mar theideal ar an méid is déanaí le solas an lae a fheiceáil.

Tá sé díreach léite agam agus caithfidh mé a rá go bhfuil a bhfuil ann go dona, uafásach, déistineach agus tragóideach, dóibhsean ar deineadh leatrom orthu. Tá sé uafásach freisin do ghaolta agus clanna iad siúd atá ciontach as na coireanna uafáis seo a ghníomhú ar na páistí a bhí gan chosaint, fiú's gur chabhraigh an iomarca measa a bhí againn ar an gcléir lena gcás agus lena ndeiseanna mí-úsáide.

Is dócha go raibh cuid díbh sa bhaile ag léamh m'ailt i gcaitheamh an deireadh seachtaine agus ag ceapadh go raibh corrbhearna mhantach ann toisc nár luaigh mé Binse Fiosraithe Murphy. Bhí deacrachtaí ann go dtí go raibh na ceisteanna dlí ar fad freagartha, go háirithe i leith an iar-shagairt Tony Walsh. Tá tréithe an fhir seo, ní hea, an ainmhí seo, i bhfad níos cosúlaí leis an diabhal ná mar atá le Dia.

Tugadh cabhair dó a chuid peacaí a chleachtadh. Tugadh cead dó agus tugadh cosaint dó, na nithe baileacha a bhí séanta ar a chuid íobartach.

Tugann airteagal 4.68 cur síos anbheacht ar an scéal nuair a deirtear ann go raibh "...níos mó foinn aon scannal a sheachaint seachas aird a thabhairt ar an dochar a bhí déanta do na híobartaigh."

Ar ábhar toradh coiste cróinéara ar chúis bháis an chraoltóra Gerry Ryan, is dócha nach bhfuil an oiread iontais faoi nó an bhfuil? Cuimhneoidh go leor dá lucht éisteachta air agus é ag tabhairt amach faoi mhí-úsáid drugaí d'aon tsórt seachas na cinn lenar bhain sé féin, fuisce agus todóga. Ní raibh aon bhá phoiblí aige le drugaí ar nós an chinn a tugadh faoi deara ina lorg iar-bháis, cócaon. Agus sin é an rud nach dtaitníonn liomsa faoin scéal seo ar fad. Cur i gcéill. Dá thoradh san, is baolach nach n-íocfar aon árachas iar-bháis toisc gur mhí-úsáid sé druga mídhleathach. Tá ciúnas a chomhghleacaithe agus an easpa anailíse ag éirí as an tuairisc iar-bháis cáinte ag Airí Rialtais, an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta Pat Carey ina measc.

Gerry Ryan.
(PIC. JAMES HORAN/ PHOTOCALL IRELAND)

Agus bhí an tAire céanna gnóthach arís ar an Mháirt seo caite nuair a sheol an rialtas an plean straitéise 20 bliain don Ghaeilge. Bhí go leor le tabhairt faoi deara sa straitéis. Go háirithe a laghad airgead is atá geallta le bheith caite d'fhonn líon cainteoirí na teangan a mhéadú ón 83,000 atá ann faoi láthair go 250,000 faoi cheann 20 bliain. Níl aon mhaoiniú luaite in aon chor. Faoi mar a sheasann an scéal, nílim dóchasach agus bheadh sé ró-éasca a rá gur de bharr easpa airgid é ach, i bhfírinne, baineann m'amhras faoin phlean seo le hiomarca ceannairí agus easpa cur chuige. Gan ach beagán déanta, i bhfad ródhéanach.

Ar ábhar toradh coiste cróinéara ar chúis bháis an chraoltóra Gerry Ryan, is dócha nach bhfuil an oiread iontais faoi nó an bhfuil? Cuimhneoidh go leor dá lucht éisteachta air agus é ag tabhairt amach faoi mhí-úsáid drugaí d'aon tsórt seachas na cinn lenar bhain sé féin, fuisce agus todóga. Ní raibh aon bhá phoiblí aige le drugaí ar nós an chinn a tugadh faoi deara ina lorg iar-bháis, cócaon.

Ar deireadh, baineann an teip seo leis an dteip chéanna a bhaineann leis an méid atá nochtaithe faoi shaol na bhforbróirí a thug Éire go leath-ghlúin. Tá fianaise ann a thaispeánann go bhfuil na forbróirí in ann a saol rachmasach a chaitheamh in ainneoin go bhfuil fiacha na gcéadta agus na mílte milliún orthu, fiacha atá faoi bharrántas uaitse agus uaimse. Agus mar bharr ar an masla, tá cuid acu ag gearradh cíosa orainn d'úsáid oifigí! An bhfuilimíd as ár meabhair?

Nuair a chríochnaíos colún na seachtaine seo caite le rá gur bliain úr, Éire úr atá de dhíth orainn, bhíos lán-dáiríre ach ní a leithéid d'Éirinn a cheadódh cur amú mar seo go brách arís.

Nollaig faoi shéan is faoi mhaise daoibh ar fad.

4 SÚIL SIAR AR 2010

Anois agus muid ag druidim i dtreo 2011, tá sé in am breathnú ar seisear daoine éagsúla spléachadh a thabhairt dár léitheoirí

An tUrramach, an Dr John Neill

Ardeaspag Bhaile Átha Cliath (Eaglais na hÉireann)



Ar bhealach aisteach, is dócha go bhfanfaidh 2010 i m'aigne mar an tréimhse a chuir deireadh le mo mhinistreacht mar Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, ach is cinnte nach bliain chiúin a bhí ann! Inár saol teaghlaigh féin, an rud ba mhó a tharla ná gur rugadh ár gcúigiú garpháiste, Evelyn, i mí Feabhra. Is í Evelyn an chéad pháiste ag ár mac is óige agus a bhean chéile. Lasmuigh den bhaile agus den teaghlach, ba í 2010 an chéad bhliain inar oirnigh mé sagairt nua sna paróistí ar a raibh siad ag freastal.

Mar gheall air seo, bhí ceithre cheiliúradh iontacha áitiúla ann. Go deimhin, ceann de na cúiseanna áthais is mó a bhain le mo mhinistreacht ná na caidrimh a chothaigh mé leo siúd a bhí ag réiteach le haghaidh oirniú. Bhain mé an-taitneamh freisin as an mhinistreacht do dhéagóirí i seirbhísí cóineartaithe i rith na bliana.

Ní féidir le héinne smaoineamh faoin mbliain seo gan tagairt a dhéanamh don ghéarchéim eacnamaíochta. Tá sé seo i ndiaidh tionchar a bheith aige ar gach uile dhuine, agus tá na paróistí ag déanamh iarrachta cuidiú le daoine atá i dtrioblóid, ar bhealach ar bith gur féidir leo.

Bunaíodh togra deoise chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá dífhostaithe freisin, trí chomhairle agus traenáil d'agallaimh a chur ar fáil.

Mhúin 2010 do go leor againn an difríocht idir na rudaí is tábhachtaí agus na rudaí gur féidir linn déanamh gan iad a aithint. Tá go leor de na rudaí a ndearna muid talamh slán díobh i gcónaí imithe anois, agus níor cheart dúinn fáiltiú roimhe sin, ach is féidir linn cur chuige nua a bheith againn i leith ár gcuid tosaíochtaí. Tá sé seo chomh tábhachtach céanna don eaglais agus atá sé do go leor codanna de shochaí na hÉireann.

In 2010, bhí níos mó agus níos mó comhoibriú ann idir na traidisiúin Chríostaíochta éagsúla i mBaile Átha Cliath, agus is dea-scéala ar fad é seo. Lasmuigh den éacúiméineachas, ach sa spiorad céanna, tá an bhliain ag críochnú le bunú Chomhairle idir-reiligiúnach Bhaile Átha Cliath, rud atá ag tabhairt go leor daoine ó chreidimh éagsúla le chéile, ó laistigh agus lasmuigh den chreideamh Chríostaí. Is léiriú dearfach é seo ar Éirinn nua agus aitheantas ar an ról atá ag pobail chreidimh i sochaí níos leithne.

Áine Durkin

Blagadóir agus scríbhneoir Mise Áine

Ó tharla obráid agam roinnt seachtainí roimh thús na bliana, chaith mé formhór na bliana seo ag teacht chugam féin. Ar na laethanta siúd a raibh mé chomh lag le héan gé, scríobh mé ar mo bhlag, agus roinn mé rámhaille nó dhó le mo léitheoirí, rud a d'fhág nár airigh mé uaigneach, ná díomhaoin, agus mé ag cneasú sa bhaile.

Go deimhin, ní bhíonn néal gan ghealán. Chuir sé go mór le mo bhliain nuair a d'éirigh le mo bhlag, Mise Áine, duais a bhaint ag Comórtas Liteartha an Oireachtais. D'airigh mé gur shroich mé áit i mo shaol lena raibh mé ag fanacht le blianta fada, blianta a chaith mé, go sonasach, ag tógáil clainne. Bhí mé anois ag scríobh go rialta, agus á dhéanamh sin i mo theanga dhúchais. Buaic-bheannachtaí!

Ba dhúshlán dom an easpa fuinnimh a tháinig ar shála m'obráide, ach d'fhoghlaim mé go leor uaidh. Bhí sláinte iontach agam ar feadh mo shaoil, ach d'fhág sé, sílim, nach raibh tuiscint iomlán agam ar thábhacht an bhronntanais sin, go dtí gur tógadh uaim é. Anois, táim thar a bheith buíoch nach bhfuilim tinn, agus beannaím do m'fhuinneamh go laethúil, mar a bheadh seanchara dílis ann. Ar na laethanta fánacha úd nach mbíonn mo sheanchara liom, táim fós buíoch. Scaoilim saor mo smaointe rámhailleacha ar na laethanta sin. Bé bheannaithe!

I mbliana, chuaigh deirfiúr liom i ngleic leis an ailse, den dara huair. D'ardaigh mo chroí, agus mo mheas uirthi, nuair a fuair sí an lámh is fearr ar an ngalar, le céim sa bhanaltracht bainte amach aici i lár a comhraic. Líon mo chroí le háthas, arís eile, nuair a fuair iníon liom post buan. Díreach roimhe sin, bhí sí á réiteach féin don bhád bán. Deora deoraíochta na máthar seo seachanta. Beannachtaí bronnta!

Mar sin féin, bhí an bhliain iontach crua ar go leor daoine, le timpistí bóthair dár gcrá arís. Bhí drochscéalta ag teacht chugainn ó chuile chearn, ó rialtais, airm agus eaglaisí. Drochscéalta iad a chuir go mór le buairt agus streachailt pobal; fírinní ceilte, bréaga inste, neamhaird tugtha; fulaingt, díchreideamh, brón agus éadóchas méadaithe dá dheasca.

Ní bhíonn sochar gan dochar. Ní bhíonn bua gan dua. Teastaíonn ceannasaíocht atá cothrom, measúil, tuisceanach agus féaráilte. Pobal slán roimh phóca lán! Sin mo mhana, agus sin mo mhian don athbhliain.

Beannacht bhur gCé oraibh, a léitheoirí!

Seán Ó hAdhmaill

Gníomhaí Gaeilge, Tuismitheoir, agus Reathaí

Bhí an t-ádh liom a bheith bainteach le RITH 2010, ceann de bhuaicphointí na Gaeilge in 2010. Rith sealaíochta a bhí ann, a nasc pobal na tíre seo leis an Ghaeilge agus lena chéile trí mhodh spraíúil an reatha. Spreagadh Gaeil (agus lucht an chúpla focal) chun gnímh ina gceantair féin agus bhí fáilte rompu. Léiríodh thar an 9 lá sin gur féidir tabhairt faoi thogra uaillmhianach ach an meon, an phleanáil agus na daoine cearta a bheith taobh thiar de. B'onóir dom a bheith ag obair le Lárchoiste RITH atá ag obair go dícheallach cheana ar RITH 2012!

Sheas mé d'Uachtaránacht Chonradh na Gaeilge i mbliana chun daoine (óga go háirithe) nua a mhealladh isteach sa Chonradh agus íomhá sheanfhaiseanta an Chonartha i measc an mhórphobail Bhéarla a athrú. Tá iarrachtaí maithe déanta chuige seo le blianta beaga anuas. Cé nár éirigh liom an bua a bheith agam ar an lá, is cinnte gur mheall an comórtas spéis san eagraíocht agus mealladh daoine óga nua chun bheith níos gníomhaí ná roimhe san eagras, mar sin bhí fiúntas leis an iarracht.

Má tá muid chun daoine a mhealladh is gá dúinn na bacanna ar a rannpháirtíocht a bhaint, mar shampla, deireadh a chur leis an pholasaí Ardfheis an Chonartha a rith le linn am scrúduithe, agus a thuiscint nach bhfuil sé d'acmhainn ag daoine áirithe an tír a thaisteal agus fanacht in óstán 4 Réalta don deireadh seachtaine, gan trácht ar tháillí na hArdfheise féin. Tá réitigh éasca ar go leor de na dúshláin seo; d'fhéadfaí, mar shampla, vóta poist a bheith ar fáil dóibh siúd gur mian leo é.

Go pearsanta, cheiliúir mé féin agus Tara ár gcéad bhliain pósta agus ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair tháinig m'iníon ar an tsaol, deirfiúr bheag do mo mhac Fionn, Aoibh Eilis Ní Adhmaill. Is mór an meas atá agam orthu siúd a roghnaíonn an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh; is cinneadh dúshlánach í ach tairbheach mar a fheictear dom.

Scríobhaim é seo agus na polaiteoirí ar tí vótáil ar Phlean Tarrthála an AE/IMF. Bíonn fonn orm féin béicíl ar an teilifís níos minice na laethanta seo mar gheall ar an éagothromas rí-shoiléir - baint ó na bochtáin agus tabhairt do lucht an rachmais, bíodh úinéirí bannaí i gceist, polaiteoirí sna príomhpháirtithe, infheisteoirí, tiarnaí talún, baincéirí, breithimh nó státseirbhísí sinsearacha.

Tá bealach níos fearr ann chun ár dtír a rith agus caithfear tabhairt faoi go samhlaíoch, go daonlathach agus go Gaelach. Tá an tromluí tarluithe anois. Táimid ciontach, gach saoránach sa tír seo nár ghlac seasamh chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid. Beidh deis againn seasamh a ghlacadh go luath. Tá súil agam go roghnófar ionadaithe forásacha a bhfuil fís acu a chuimsíonn tír ina bhfuil pobal bríomhar gaelach, tír gurb é príomhthosaíocht an Stáit cúram a thabhairt do na saoránaigh, go háirithe daoine atá faoi mhíbhuntáiste, agus ní a mhalairt.

Táim dóchasach faoin todhchaí, faoin Ghaeilge agus faoin tír, ní mar go gceapaim go ndéanfaidh an chéad rialtas eile mórán dearfach, ach mar go gceapaim go bhfuil daoine ag múscailt, ag ceistiú líne oifigiúil na bpolaiteoirí agus a gcairde sna meáin bhunaithe. Mura ndéanaimid aon rud eile as seo ar aghaidh cinnteoidh muid go mbeidh ár dtír níos Gaelaí agus níos cothroime dár bpáistí agus do na glúine eile a thiocfaidh inár ndiaidh.

nós

iris ghaeilge don nua-aois

CEOL ÓN TODHCHAÍ
Léirmheas ar fhuaimrian Tron: Legacy

MOLTAÍ SAOIL ÓN BHRASAÍL
Comhairle don bhliain úr le Alex Hijmans

PLÉASCADH AN SCÁILEÁIN
Réamhamharc ar scannáin mhóra 2011

nollaig 10 eag. 17



TÓG AMACH MÉ!
forlíonadh speisialta le gaelscéal



fáilte

Sneachta agus spraoi

Nach iontach an rud é an dúlra? Taobh istigh de lá nó dhó is féidir leis domhan an chine dhaonna a iompú bunoscionn agus ár ngnáthshaol laethúil a athrú go hiomlán. Níl muidne anseo in Éirinn ró-chleachta le hollchumhacht an nádúir ach níl aon amhras gur bhuail sí go trom muid an mhí seo. Tá an tír ar fad faoi bhrat sneachta agus seaca leis an aimsir fhuar ag cur isteach ar gach gné den saol, ó thaisteal go hoideachas, ó obair go spórt.

Deirtear go mbeidh orainn bheith níos ullmhaithe do gheimhrí mar seo sna blianta amach romhainn – chonaic mé duine ag sciáil suas an tsráid an lá faoi dheireadh, agus níl mé ag magadh! – ach tá buntáistí áirithe a bhaineann leis an fhuacht bhán seo, cé nach léir iad i gcónaí. Beidh muid in ann páirt mar is ceart a ghlacadh i gCluichí Oilimpeacha an Ghreimhridh mar shampla... ní fada uainn anois Cluichí 2014 i Sochi na Rúise. Ach ceann eile ar ndóigh ná go mbeidh níos mó ama le caitheamh againn taobh istigh agus cén bealach níos fearr chun na huaireanta a chur isteach ná bheith ag léamh, ag éisteacht agus ag amharc ar na meáin Ghaeilge?

Ar an eagrán seo de nós*, cuir i gcás, tá léargas ar chuid na bronntanais is clúití ó dheireadh an chéid seo caite, chomh maith le heolas ar ghiuirléidí an lae inniu. Cuirfear spéis i léirmheas fhuaimrian an scannáin nua Tron agus sa spléachadh chun cinn ar cad a bheas le feiceáil ar an scáileán mór le linn 2011. Faigheann muid amach chomh maith go mbeidh an tsraith dheiridh de Seacht ar an scáileán beag i mí Eanáir agus tá comhairle againn duit fosta ar conas do chuid airgid a shábháil an tráth seo bliana.

Go dtí an chéad uair eile, beannachtaí na bhféilte oraibh ar fad,

Tomaí Ó Conghaile
Eagarthóir nós*

nós*

EAGARTHÓIR
Tomaí Ó Conghaile

RANNPHÁIRTITHE
Cillian de Búrca, Alex Hijmans,
Ian Mac Murchaidh, Ben Ó Faoláin,
Micheál Johnny Ó Meachair

TEAGMHÁIL
www.nosmag.com
eolas@nosmag.com

FÓGRA
Is é nós* atá freagrach as gach ábhar san fhorlíonadh seo.

DAFT PUNK 3/5

Tron: Legacy (Walt Disney Records)

Nuair a fógraíodh le déanaí go mbeadh an sár-ghrúpa damhsa leictreonach **Daft Punk** ag cumadh fhuaimrian an scannáin úir, **Tron: Legacy**, bhíothas ag súil go mór le tuilleadh den saothar céanna agus atá eisithe acu go dtí seo.

Ó tháinig siad chun tosaigh sna luath-90í, tá clú agus cáil ar an bheirt Fhrancach **Guy-Manuel de Homem-Christo** agus **Thomas Bangalter** as coirmeacha beo a mheasc a gcuid ceoil damhsa teic le seóanna ollmhóra solais, gan trácht ar na cloigne róbatacha a bhí á gcaitheamh acu agus iad ar an ardán.

Thar an 20 bliain sin atá imithe ó shin, tá stíl agus íomhá ar leith cruthaithe ag an bheirt atá chomh so-aitheanta leis na dordlínte troma a chuireann sluaite fud fad na cruinne i mbun damhsa.

Is mór an trua, mar sin, nach bhfuil mórán den fhuaim sin le cloisteáil san albam is déanaí seo dá gcuid.

Ba é an cumadóir mór le rá Wendy Carlos - bean a bhí freagrach as ceol A Clockwork Orange agus The Shining - a chum an scór don chéad scannán a bhuail an scáileán mór siar sa bhliain 1982 agus cé go bhfuil Daft Punk i ndiaidh an bhunfhuaim sin a uasdháthú ar bhealach sofaisticiúil go leor do chluasa an lae inniu, ní éiríonn leo iomlán a ndraíochta féin a chur leis an saothar.

Ba iad na mór-amhráin bhríomhara ar nós **Harder, Better, Faster, Stronger** agus **One More Time** a tharraing iomrá ar Daft Punk agus a thóg isteach sna cairteacha iad don chéad uair, ach is í an fhírinne ná nach bhfuil an fuinneamh sin le mothú in Tron: Legacy.

Tá an chuid is mó de na rianta san albam an-ghearr - is léir gur cruthaíodh don scannán amháin iad - agus cé go n-oireann siad don aicsean ar an scaileán, bheadh deacrachtaí ag aon duine éisteacht leo mar phíosaí ceoil leo féin.

Léiríonn rianta mar **Derezzed** agus **The Game Has Changed** go bhfuil an-chumas ag beirt Pháras go fóill agus caithfear a rá go dtógtar an fuinneamh agus luas de réir a chéile mar a leanann an t-albam ar aghaidh, ach ar an iomlán ní féidir ach bheith díomach nach mbaineann an grúpa leasa as an deis iontach a fuair siad chun cur leis an scannán seo, scannán a bhfuil an téama todhchaíoch leictreonach ag a chroí mar is amhlaidh acu féin.

Má thaitin an chéad Tron leat agus más suim leat an radharc thar aon ghné eile, bí ag amharc ar an scannán nua atá sna pictiúrlanna anois - is cinnte go mbainfidh tú sult as féin agus as an fhuaimrian a théann in éineacht leis.

Ach má bhíonn sé de nós agat cluaisíní a chur ort agus an airde a bhualadh go barr, ní bhfaighfidh tú an rud atá uait san albam seo... seans gurbh fhearr duit fanacht le Daft Punk clasaiceach nó Deadmau5.

FOCAIL **CILLIAN DE BÚRCA**

COMHAIRLE CHRIONNA

Tá mí Eanáir ag teacht chugainn, an t-am sin den bhliain nach mbíonn pingin rua fágtha i do phócaí.

An bhfuil cleasanna cliste ag éinne chun cumhacht chaithimh do euro nó do phuint a mhéadú?

Chuir **ALEX HIJMANS** ceist ar dhream a bhfuil cleachtadh maith acu ar an gceist: muintir Tancredo Neves, bruachbhaile bocht, nó favela, sa Bhrasaíl.

Comhairle ó dhaoine nach raibh thuas seal riamh dóibh siúd atá thíos seal an mhí (nó an bhliain) seo.

1. Breathnaigh thart! Nuair a théann Naná (51, ar dheis) ag siopadóireacht, déanann sí turas taighde timpeall ar shiopaí an cheantair ar fad, féachaint cá háit a bhfuil na margaí is fearr.

Lean a sampla agus déan camchuairt na n-ollmhargaí!

2. Ar an ábhar sin, déanann Naná an chuid is mó dá cuid siopadóireachta ag tús na míosa: ceannaíonn sí earraí nach dtéann ó mhaith (rís, caife, gallúnach, srl.) in aon bhabhta amháin, don mhí ar fad.

Ciallaíonn sé sin nach bhfuil an chontúirt ann go gcaithfidh sí airgead an bhia ar rudaí eile.

3. Breathnaíonn Naná ar bhillí mar chineál smorgasbord. Íocann sí bille an fóin mí amháin, bille an leictreachais mí eile, bille an uisce an mhí ina dhiaidh sin, agus mar sin de.

Is féidir leat féin seo a dhéanamh freisin: go hiondúil téann cúpla mí thart sula ngearrtar an líne!

4. Tá comhairle iontach ag Léo (24) dóibh siúd a cheapann go bhfuil a mbille idirlín ró-ard.

Ligeann Léo a cheangal leathanbhanda gan sreang ar cíos do sheisear eile ar an tsráid, rud a fhágann an t-idirlíon saor in aisce dó féin agus i bhfad níos saoire don seisear eile!

Is féidir leat féin seo a dhéanamh freisin má tá cónaí ort in áit le daonra dlúth.

5. Tá bealach ag aos óg an favela chun a

mbillí fóin a choinneáil íseal: cuireann siad scairt ar dhuine agus crochann siad suas sula bhfreagraítear an fón.

Feicfidh an duine sin 'glao caillte'.

Le cúnamh Dé, cuirfidh sé glao ar ais!

Bealach níos saoire fós ná úsáid a bhaint as seirbhís cosúil le Facebook chun teachtaireachtaí a chur agus coinní a dhéanamh.

6. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine: ní bhíonn drogall ar bith ar mhuintir Tancredo Neves iasachtaí a iarraidh – agus a thabhairt! – dá chéile.

Ná bíodh ortsa ach an oiread.

7. Moladh de chineál iomlán difriúil ag Léia (22), máthair shingil.

Ná caill do chuid féinmhuiníne toisc go bhfuil tú bocht!

Caith na héadaí is fearr atá agat, bí cinnte go bhfuil siad glan agus iarnáilte agus go bhfuil snas ar do bhróga.

8. Comhairle dheireanach ó Naná: ná caill an misneach, nó má bhíonn sé agat, do chreideamh.

Tá daoine ann i gcónaí a bhfuil an saol níos deacra acu ná mar atá agat féin.

Tá cónaí ar Alex Hijmans in Salvador, sa Bhrasaíl. Tháinig a leabhar Favela, cuntas ar an tréimhse a chaith sé ina chónaí sa sluma Tancredo Neves, amach anuraidh.

Tá fáil ar an leabhar ó coislife.ie, litriocht.com agus amazon.com agus i siopaí leabhar a bhfuil rannóg leabhar Gaeilge acu.

Tá blag Alex ag www.alexhijmans.com

plúr na mbronntanas

Amharcann Ian Mac Murchaidh ar chuid de mhór-bhréagáin na 80í mar aon le hearraí mór-ráchairte na linne seo...

Tá sé tríocha bliain go díreach an Nollaig seo ó tháinig Ciúb Rubik chun na seilfeanna i siopaí na hÉireann.

Is mór an t-athrú atá tágtha ar bhronntanais Nollag idir an dá linn agus tá éagsúlacht an-leathan i rogha na n-earraí a bhíonn ar éileamh ó Santa Claus na laethanta seo.

Amharcann nós* ar chuid de na seanbhronntanais is clúití dá raibh ann chomh maith leis na rudaí a bheas muid féin ag dréim le feiceáil faoin chrann maidin amárach.

CIÚB RUBIK

Le breis agus 350 milliún acu díolta ó tháinig sé amach, tá sé ar an chluiche puzail is mó díol riamh.

Bíonn comórtais ann go bliantúil le fáil amach cé an duine is gasta chun an puzal an réiteach. Is é Minh Thai an duine is gasta de réir an Guinness Book of Records - d'éirigh leis an beart a dhéanamh taobh istigh de 22.95 soic - agus tá an t-aitheantas seo aige ó bhí 1982 ann.

Níor chríocnaigh mé féin ceann acu riamh. Fair plé don aon duine a ghnóthaigh an bua seo riamh!

CABBAGE PATCH KIDS

Más cailín de chuid na n-ochtóidí thú, tá seans maith ann go raibh cuid de na bábóga seo ar an liosta a sheol tú go Daidí na nollag bliantaí ó shin.

Bhí Xavier, Ottis Lee, Bunnybees agus Lavendar McDade i measc na gcarachtar a bhí ar fáil.

Tá siad fós ar an mhargadh, agus má shíleann tú nach siad n-oireann duit mar bronntanas a thuilleadh agus tú fiche bliana níos sine, tá leagan Barack Obama ar fáil chomh maith le roinnt daoine clúiteacha eile.

TRIVIAL PURSUIT

Cluiche cláir a dhéanann scrúdú ar eolas ginearálta an imreora, bíonn leagan úr de dhíth gach cúpla bliain mar gheall go n-athraíonn na freagraí, ach tá stádas go fóill ag an chluiche iomráiteach.

Cé go bhfuil titim shuntasach ar an éileamh ar chluichí cláir, aithnítear Trivial Pursuit mar dhaidí mór na gclár cluiche a bhaineann le heolas ginearálta.

Tá sé ar fáil i 17 teanga ar fad, ach i ndiaidh domh roinnt bomaite a chaitheamh ar Google níor tháinig mé ar leagan Gaeilge den sár-chluiche seo, imreoimis Scrabble na Gaeilge mar sin!

iPAD

Bheadh an iPad ar an taobh níos daoire d'aon liosta chuig Santa ach is dócha nach páistí beaga atá ar lorg an earra is déanaí ó Apple.

Seo an chéad Nollaig don iPad, cé gur tháinig sé amach i rith na bliana, agus go leor acu feicthe agam ó shin ar fud na hÉireann.

Cad é a dhéanann sé a deir tú?

Bhuel is ríomhaire táibléid é atá dírithe ar na meáin amhairc agus fuaime, leithéidí leabhair, ceoil, scannán agus an idirlín.

Leis an fhirinne a dhéanamh, tá neart féidearthachtaí ann - seo ríomhaire le haghaidh na siamsaíochta, in áit na ngnáthcheann a rinneadh faoi choinne na hoibre.

CEAMARA FLIP

Níorbh fhada ó shin go raibh ceamthaifeadáin - nó camcorders d'aon duine nach bhfuil teacht acu ar focal.ie - ag teaglaigh D4 amháin, anois bíonn an teicneolaíocht le fáil ar ghútháin agus ar ríomhairí.

Ach seo Ceamara HD atá chomh simplí le húsáid agus atá nasc USB ann chun an taifeadadh a chur díreach isteach chuig iMovie nó a mhacasamhail.

Le níos mó físeán Gaeilge ag dul suas ar Youtube gach lá, fáigh greim ar cheann acu seo agus bí ag scannánú!

BÓTHAR

Mar fhocal scoir, níl bronntanas níos fearr ná na cinn a chuidíonn le daoine eile ar domhan.

Bíonn an carthanas Bóthar mar shampla ag cabhrú le daoine sna tíortha is boichte sa chruinne trí ghabhair agus ba a thabhairt dóibh ionas go dtig leo maireachtáil as a gcuid féin go fadtéarmach.

Muna bhfuil bronntanas socruithe agat do dhuine ar bith faoin am seo anois, nó má mhothainn tú flaithiúl am ar bith eile le linn na bliana, cuidigh le Bóthar nó tabhair bronntanas do dhuine de do mhuintir ag www.bothar.ie



FOCAIL **TOMAÍ Ó CONGHAILE**

amharc chun tosaigh

Fiú sula dtagann deireadh le bliain amháin, bíonn lucht scannán an domhain ag amharc chun tosaigh ar eisiúintí na bliana seo chugainn agus iad ag iarraidh buille faoi thuairim a thabhairt ar na scannáin a phléascfaidh an díoloifig nó a mheallfaidh aird an phobail ag féilte neamhspleácha sa bhaile agus i gcéin.

Agus ag caint ar fhéilte, díreach ag tús 2011 beidh suim Éireannach san fhéile iomráiteach Sundance, a bheas ar siúl in Utah SAM ag deireadh mhí Eanáir, mar taispeánfar dhá fhádscannán ón tír seo den chéad uair ann, mar atá **The Guard**, scéinséir grinn ina bhfuil Breandan Gleeson agus Don Cheadle, agus **Knuckle**, a dhíríonn isteach ar throdaíocht láimhe.

Beidh dhá ghearrscannán Éireannacha le feiceáil le linn na féile chomh maith, **The External World** ar beochan é le David O'Reilly agus an dráma gleoite de chuid Cathy Brady, **Small Change**, a bhuaigh gradam ag Féile Scannán Chorcaí i mbliana.

SÉASÚR NA nGRADAM

Is ag tús na bliana a bhíonn mórimeacht na scannán príomhshrutha, na hOscars, chomh maith ar ndóigh le hócáid 2011 ag titim amach ar 27 Feabhra.

Tá blas éigin Éireannach ar **The Fighter** a d'fhéadfadh bheith san iomaíocht le haghaidh gradaim.

Scannán faoi stiúir David O'Russell é a leanann scéal 'Irish' Mickey Ward (Mark Wahlberg), dornálaí ó Massachusetts a bhain clú amach sna 1980í agus a bhfuil amhrán ag banna mór Boston, Dropkick Murphys, ina ómós.

Tá na dearthóireacha Coen ar ais le **True Grit**, athdhéanamh de scannán buachaillí bó ó 1969 a raibh John Wayne é féin ann (tá Jeff Bridges agus Matt Damon sa leagan úr) agus tá sé ag tarraingt go leor moltaí ó léirmheastóirí cheana. An bheirt Coen i mbarr a réime a deirtear faoin cheann seo agus is cinnte go mbeidh sé gar do dhuais sna míonna amach romhainn.

Beidh deis ag an saothar is úire de chuid Danny Boyle, **127 Hours**, gradam a bhaint amach chomh maith agus tá caint áirithe ann faoi **The King's Speech** agus **Black Swan**.

Natalie Portman agus Mila Kunis na príomhaisteoirí in **Black Swan** agus tugann an bheirt acu taispeántais láidre uathu ina róil mar dhamhsóirí bailé atá in iomaíocht chasta le chéile.

SCANNÁIN LEANTACHA

Tá an chuma ar 2011 gur bliain eile lán *sequels* a bheas inti chomh maith le roinnt mhaith scannán leantach le teacht amach, thar an samhradh ach go háirithe.

Ina measc sin a bhfuil líon mór daoine ag fanacht air tá an ceathrú scannán sa tsraith **Pirates of the Carribbean, On Stranger Tides**.

Le heisiúint i mí na Bealtaine, beidh Johnny Depp ar ais i ról an ghealbhain é féin, an Captaen Jack Sparrow, ach ní bheidh réalta nó beirt eile ó na chéad scannáin, mar atá Orlando Bloom agus Keira Keightley, le feiceáil an babhta seo, rud a chuireas díomá ar idir fhir agus mhná.

Cé gur thaitin an tríú caibidil **At World's End**, a tháinig amach in 2007, leis an lucht féachana, ní bhfuair sé fáilte ró-the ón lucht léirmheasa agus beidh súil ag an stiúrthóir úr, Rob Marshall, a bhí sa suíochán stiúrtha do na ceoldrámaí **Chicago** agus **Nine**, beidh súil aige idir léirmheastóirí agus bhreathóirí a mhealladh an samhradh seo.

Beidh **X Men** ar ais ar an scáileán mór i mí an Mheithimh le **First Class** agus, ag cloí leis an fhicsean eolaíochta, tá **Transformers** le teacht ar ais

chomh maith faoin teideal **Dark of the Moon** cé go mbeidh na róbait gan Megan Fox a bhfuil á páirt á líonadh anois ag Rosie Huntington-Whiteley.

Bhí rácháirt nach beag ar **The Hangover** nuair a tháinig sé amach an bhliain seo caite, an greann áibhéalach áiféiseach ag cur daoine ag gáire i bpictiúrlanna ar fud an domhain, mar sin beidh dúshlán mór roimh an dara scannán sa tsraith an t-áischothú dearfach céanna a fháil sa samhradh.

Is i mBangkok na Téalainne a thiteann an chraic ar fad amach an iarraidh seo agus bí cinnte de go mbeidh eachtraí na mboc chomh craiceáilte céanna arís i mbliana.

Agus le **Harry Potter** ar ais faoi láthair le cuid a haon de **The Deathly Hallows**, ní féidir dearmad a dhéanamh ar chuid a dó a bheas ag bualadh na scáileán i lár 2011.

Seo an t-eagrán deiridh sa tsraith ollmhór a chuir draíocht ar óg agus aosta le roinnt blianta anuas agus táthar ag dreim le críoch chorraitheach le scéal an draoi agus a chairde ar fad ag Hogwarts.

Tá Pixar ar ais i mbun aicsin chomh maith leis an scannán leantach de **Cars** agus an príomhcharachtar Lightning McQueen - ní gaol ar bith é do Steve - anois ag taisteal an domhain agus ag iarraidh fanacht ar shiúl ó thrioblóid.

Feicfear Tom Cruise os comhair an cheamara arís i scannán eile de chuid **Misson Impossible** - ní raibh Cruise thart le tamall mar sin beidh sé spéisiúil fáil amach conas a éiriónn leis san eagrán seo a bhfuil **Ghost Protocol** air - agus, muna leor sin de na *sequels*, tiocfaidh Robert Downey Jr. agus Jude Law ar ais mar Sherlock Holmes agus Dr. Watson.

Iar-fhear Pixar, Brad Bird, atá ina stiúrthóir ar **Sherlock Holmes 2** agus táthar ag meas go dtabharfaidh sé gné éigin sa bhreis don iarracht.

Bliain eile lán aiscin agus eachtraí i saol na pictiúrlainne mar sin, bí cinnte go bhfaigheann tú blas de! *

AG SEACHT CHUN DEIRIDH

Tharraing Seacht go leor airde nuair a bhuail sé an scáileán beag den chéad uair cúpla bliain ó shin agus i mí Eanáir craolfar an ceathrú sraith, agus an ceann deireanach, ar TG4 agus BBC 2.

Mar an gcéanna leis na cláir a chuaigh roimhe, níl easpa conspóide i measc na mac léinn i mBéal Feirste an uair seo agus dírítear ar ábhar mar SEIF, dúnmhárú agus féinmhárú le linn na sraithe corraithí.

Díreach ón tús titeann sé ar na mic léinn déileáil le bás duine dá gcairde ag lámha an léachtóra, Steve Cassidy.

In ainneoin deacrachta i ndiaidh deacrachta, leanann siad lena n-iarrachtaí cothrom na Féinne a bhaint amach dá gcara.

Tá Paddy an-tógtha le hiar-ghrá léi agus tá Joanne ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach di féin mar láithreoir teilifíse.

Mar a shílfeá ag súil leis mar sin, tá baol, greann, grá, éad, náire agus gráin uilig fite fuaite le chéile le linn na gclár ar fad.

Cé gur thosaigh an seachtar amach mar strainséirí, feicfear sa chlár deireanach gur mar dhlúthchairde a scarann siad ag deireadh a dtréimhse ollscoile. Aaahhh...

Is cúis bhrón í do léiritheoir na sraithe Colin O'Donnell go bhfuil ceann scríbe bainte amach ag Seacht ach, mar sin féin, tá sé thar a bheith sásta le hardchaighdeán na sraithe.

"Is é mo thuairim gur éirigh linn dul ó neart go neart sa cheithre bliana seo, ní hamháin i dtaobh scéalaíochta de ach ar gach bealach," arsa sé.

"Bhí dul chun cinn le feiceáil sna haisteoirí ó bhliain go bliain agus tá lúcháir orm go bhfuil muid ag cur críche le ceithre bliana den dráma le sraith an-láidir."

Cé go bhfuil deireadh ag teacht le Seacht áfach, tá sraith eile á forbairt ag Stirling Film & Television, a léirigh Seacht ón tús.

Clár é Scúp atá lonnaithe in oifigí nuachtáin Ghaeilge - an mbeidh aon chosúlacht ann le hoifigí Gaelscéal? Beidh le feiceáil! - agus meastar go mbeidh sé le feiceáil ar a scáileáin le linn 2012.

Idir an dá linn, is féidir amharc ar eachtraí deireanacha Seacht gach oíche Luan ag 9.30 in ar TG4 agus ag 10.00 in ar BBC2 an tuaiscirt ó 3 Eanáir ar aghaidh.

Raidió Fáilte

Gaeilge
NUACHT
ceol
craic

107.1fm

www.raidiofailte.com

Ón Cheathrú Ghaeltachta, Béal Feirste
Broadcasting from Belfast to the world

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

siar ar an mbliain atá caite againn. D'iarr **Meadhbh Ní Eadhra** ar an mbliain a bhí acu féin in 2010.

Kate Harris

Aisteoir agus Gaeilgeoir óg

Ar cheann de na buaicphointí is mó a bhí ann dom i mbliana tá mo chéim a bhaint amach. Chríochnaigh mé leis an staidéar ar na Dána i mí na Bealtaine agus bronnadh mo chéim orm cúpla mí ó shin. Cé nach ndeachaigh mé chuig an searmanas sa deireadh, bhí sé fós mar cheann de na buaicphointí.

Ar ndóigh bhí scannánú Seacht mar bhuaicphointe ollmhór i mbliana. Níor cheap mé go mbeinn in ann níos mó spraoi a bheith agam ná anuraidh ach bhí dul amú orm! Táim ar bís chun an táirge deiridh a fheiceáil i mí Eanáir. Tá cuid de na scéalta sa chlár iontach i mbliana agus bhí sé andúshlánach scannánú a dhéanamh ar chuid acu ach bhí go leor leor spraoi agam ag obair ar an gclár.

Buaicphointe eile ná cúrsa aisteoireachta a rinne mé. Nuair a tháinig deireadh leis an scannánú ar Seacht, thosaigh mé ar chúrsa aisteoireachta le Coláiste Amharclannaíochta Core i nGaillimh. Dianchúrsa a bhí ann agus bhí go leor oibre i gceist ach bhain mé sult as gach nóiméad de.

Táim in Amharclann Óige na Gaillimhe agus chuireamar an dráma Yellow Moon ar siúl i mbliana mar chuid d'Fhéile Drámaíochta Cúirt, a bhí ar siúl ar feadh seachtaine. Iarradh orainn an dráma a chur ar stáitse arís ag Féile Electric Picnic i mí Mheán Fómhair agus deis iontach a bhí ansin dúinn.

D'éirigh liom páirt bheag a fháil i ndráma ar TV3 a ndearnadh scannánú air an mhí seo caite. Bhuail mé le daoine an-deasa agus bhain mé an-sult as an scannánú.

An plean atá agam don Nollaig anois ná a bheith ag ithe, ag ithe agus ag ithe tuilleadh, ag tabhairt bronntanas agus ag dul amach le mo chairde. Ar aghaidh leis an cheiliúradh! Beidh mé ag dul chuig trialacha d'aisteoirí i scoileanna drámaíochta san athbhliain. Le cúnamh Dé tiocfaidh rud éigin as sin agus beidh mé ag tosú ar chúrsa aisteoireachta lánaimseartha i mí Mheán Fómhair seo chugainn. Méaracha agus barraicíní trasnaithe le bhur dtoil! Tá sé i gceist agam an samhradh a chaitheamh in áit éigin seachas Gaillimh, b'fhéidir Ceanada. Ag an am seo an bhliain seo chugainn, is cuma liom cá háit ar domhan a bheidh mé, ach go mbeidh mé sásta agus sláintiúil.

Frank Feighan TD

Urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael

Ó ceapadh mar urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael mé i mí Iúil seo caite, táim i ndiaidh dul ar thuras iontach cultúrtha. Ar an turas sin, táim i ndiaidh an obair mhór a dhéantar chun ár dteanga dhúchais a choinneáil beo, a fheiceáil mé féin.

Bhí go leor buaicphointí ann le sé mhí anuas agus mé ag taisteal fud fad na tíre. Bhuail mé le Gaeilgeoirí a spreag mé agus a chuidigh liom tuiscint a fháil ar thábhacht na Gaeilge dár gcultúr agus dár n-oidhreacht, mar gheall ar a bpaisean don teanga.

Ó Inis Toirc go Cill Rois go Ros Comáin, táim i ndiaidh an deis a fháil bualadh le daoine, grúpaí agus eagraíochtaí iontacha, iad go léir ag iarraidh an teanga a choinneáil beo. Is cuma más Gaelscoileanna, grúpaí pobail, nó eagraíochtaí níos foirmiúla ar nós Chonradh na Gaeilge atá i gceist, táim an-tógtha leis an díograis agus an tiomantas atá acu ar son na cúise.

I measc na mbuaicphointí is mó a bhí ann ná an pháirt a bhí agam sna hiarrachtaí chun pobal Gaeilge a chothú ar an oileán álainn, Oileán Chliara, amach ó chósta Mhaigh Eo. Tá an fhreagairt agus an dearcadh ó Dhonal Ó Sé agus muintir an oileáin an-dearfach ar fad agus tá súil agam gur féidir le tuilleadh tograí mar seo an teanga a chur chun cinn.

Bhí an-bhród orm cuireadh a fháil ó Ghaelscoil i mBaile Ros Comáin, i mo thoghcheantar féin, chun crann a chur agus an deichiú bliain den scoil a bheith ar an bhfód a cheiliúradh.

Ag leibhéal na roinne, d'oibrigh mé leis an Aire Gaeltachta Pat Carey, agus thug mé mo thacaíocht pholaitiúil iomlán don Straitéis 20 Bliain. Nóiméad bródúil a bhí ann dom freisin nuair a labhair mé as Gaeilge sa Dáil den chéad uair riamh.

Ar leibhéal pearsanta, tá feabhas mór tagtha ar mo chuid Gaeilge, buíochas den chuid is mó do Mháire Ní Chatháin, a thug ranganna Gaeilge dom. Tá dualgas orm anois a chinntiú nach sócmhainn phearsanta a bhíonn sa teanga ach rud éigin gur féidir a chur chun cinn ag aon deis a fhaightear.

Seasaimse do na céadta míle duine ar fud na hÉireann a chaith os cionn deich mbliana sa chóras oideachais ag foghlaim na Gaeilge, ach a lig dá tionchar imeacht thar am. Mar ionadaí tofa, tá sé de phribhléid agamsa anois athcheangal a dhéanamh leis an teanga. Tá sé de fhreagracht orm cuidiú le daoine eile tábhacht na Gaeilge a thuiscint, teanga gur cheart a chosaint mar sheoid náisiúnta.

Freda Hughes

Cathaoirleach Náisiúnta ar an IPSC

Is máthair shingil agus múinteoir mé, agus táim i mbun máistreachta in Oideachas na Forbartha faoi láthair. Bliain an-ghnóthach a bhí in 2010 don IPSC (Ireland Palestine Solidarity Campaign). Cé go ndéanann muid ceiliúradh ar ár ngníomhaíochtaí agus ar ár rathúlacht, caithfimid cuimhneamh ar na cúiseanna atá leis an méid a dhéanann muid.

Tá an saol ag na Palaistínigh i ndiaidh éirí níos deacra le bliain anuas agus tá an cás polaitiúil uafásach go fóill. Cúis díomá a bhí ann do gach duine a bhfuil luach ag baint le príomhaíocht an dlí idirnáisiúnta dar leo gur theip ar an Uachtarán Obama stop a chur leis na lonnaíochtaí atá á dtógáil ag Iosrael, agus, ar ndóigh, na lonnaíochtaí mídhleathacha atá acu cheana féin a bhaint óna chéile.

Níl aon ghníomhaíocht cheart tógtha ag an AE maidir le tuarascáil Goldstone ar Gaza a chuir coireanna cogaidh i leith Iosrael. Go deimhin, cinnteoidh teacht i réim Iosrael san OECD go leanfaidh siad ar aghaidh ar an mbealach atá siad agus go mbeidh níos mó ionsaithe ann.

Tá Gaza faoi léigear go fóill, agus rinneadh ionsaí orthu siúd a bhí ag iarraidh an t-imshuí mídhaonnachtúil a bhriseadh agus cabhair a thabhairt ar an bhfarraige ar 31 Bealtaine i sléacht a d'fhág naonúr gníomhaí ceart daonna marbh.

D'oibrigh an IPSC le ceardchumainn, le páirtithe polaitiúla, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le dlíodóirí, le hiriseoirí agus le gníomhaithe ceart daonna lena chinntiú go bhfuil tacaíocht Éireannach ann do na Palaistínigh.

Rinneamar comhordú ar Ghealltanas na nEalaíontóirí Éireannacha chun baghchat a imirt ar Iosrael, rud stairiúil a raibh iomrá air go hidirnáisiúnta. D'eagraíomar feachtas gníomhach freisin chun tacú leis an achainí chuig Dunnes Stores a d'iarr orthu stop a chur le hearraí as Iosrael a dhíol. Bhíomar i gceannas ar fheachtas rathúil eile in aghaidh Fhórsaí Cosanta na hÉireann a bhí ag ceannach piléar ó Iosrael.

Tá ár bhfeachtas in aghaidh ligean don chomhlacht ilnáisiúnta CRH brabús a dhéanamh as an mBalla agus as lonnaíochtaí a thógáil sa Phalaistín ag dul ó neart go neart.

Le linn Chabhlachán na Saoirse go Gaza, d'oibríomar níos crua ná riamh le sábháilteacht na bpaisinéirí agus an chriú a chinntiú. Chun é seo a dhéanamh bhí feachtas mór sna meáin ann, gníomhaíochtaí ar fud na tíre ag leibhéal áitiúil, comhordú le ceardchumainn agus grúpaí eile gníomhaithe agus feachtas stocaireachta polaitiúla.

Táimid ag obair le healaíontóirí sráide agus le ceoltóirí go fóill chun Éire a nascadh leis an bPalaistín. Beimid ag seoladh ár gclár Oideachas Forbartha ar an bPalaistín go luath san athbhliain.

In 2010, bhí athrú sa mheon poiblí agus bhí fás ar thacaíocht don Phalaistín i sochaí shibhialta na hÉireann. Cé gur rud dearfach é seo, caithfimid cuimhneamh nach bhfuil an Phalaistín saor agus go bhfuil cearta daonna agus náisiúnta mhuintir na Palaistíne á ndiúltú dóibh ag lámha Stát Iosrael. Tá dualgas orainne a chinntiú gur bliain é 2011 a bheidh lán le gníomhaíocht dhearfach chun cuidiú leis an bPalaistín saoirse a bhaint amach.

5 IDIRNÁISIÚNTA

AUNG SAN SUU KYI – 'BANPHRIONSA AN DAONLATHAIS'

Tomás Ó hOisticín, ar an teorainn idir Burma agus an Téalainn

Sa bhliain 1988 bhí Aung San Suu Kyi measartha úr ar pháirc na polaitíochta - ag déanamh a cion féin ar son an daonlathais. I mí Lúnasa an bhliain chéanna bhí agóidí poiblí ar son an daonlathais. Ach chuir an t-arm faoi chois iad go mí-thrócaireach - agus dhúnmharaigh siad na mílte duine.

Rinne Aung San Suu Kyi - iníon leis an laoch náisiúnta ó Chogadh na Saoirse, Aung San - rinne sí óráid stairiúil ag Rangoon ag Pagoda Ahwedagon - os comhair 500,000 duine. I mí Mheán Fómhair ghlac an t-arm ceannas ar Bhurma - agus bunaíodh an NLD (*National League for Democracy*) - agus mar aidhm acu dul in éadan an junta agus an daonlathas a chur i bhfeidhm.

Go gairid ina dhiaidh sin, i mí Iúil 1989, cuireadh "an bhean uasal" (mar a thugtar uirthi) i bpríosún ina teach féin. I mí na Bealtaine 1990 bhuaigh páirtí s'aici (NLD) 392 suíochán as 485 sa toghchán náisiúnta. Ach dhiúltaigh an junta míleata aitheantas a thabhairt do thorthaí an toghcháin. Bhain an bhean uasal í féin an Duais Nobel ar son na Síochána sa bhliain 1991. Coinníodh i ngéibheann í ach níor ghéill sí don daorsmacht.

I mí Mheán Fómhair 1994 bhí comhráití aici le beirt de na ginearáil ón junta - "deartháir uimhir 1" agus "deartháir uimhir 3"....an Ginearál Than Shwe (atá ann go fóill) agus an Leifteanant-Ghinearál Khn Nyunt An bhliain dár gcionn ligeadh saor í - 1995 - i ndiaidh a bheith i ngéibheann ar feadh 6 bliana. Thit an lug ar an lag uirthi áfach: fuair a fear céile bás le hailse (Micheal Aris, scoláire acadúil as Sasana). Ní fhaca siad a chéile le ceithre bliana.

Mí Lúnasa 2000 crosadh uirthi Rangoon a fhágáil - ach chuaigh sí in éadan na rialach seo - agus chuaigh ar thuras go Mandalay. Coinníodh faoi ghlas arís í ar feadh bliain agus naoi mí. Arís dhiúltaigh sí luí síos faoi dhaorsmacht an junta. Ligeadh saor í mí na Bealtaine 2002. Is ag méadú a bhí an grá a bhí ag pobal na tíre uirthi i rith an ama.

Chuaigh sí ar thuras fríd an tuaisceart sa bhliain 2003 chun tacaíocht a fháil do pháirtí s'aici agus chun soiscéal an daonlathais a chraobhscaoileadh. Ach rinne fórsaí de chuid lucht leanúna an rialtais luíochán roimpi - le sleánna, le bataí agus le gunnaí, agus maraíodh na céadta sa chíréib - gí nach bhfuil an rialtas sásta seo a admháil. Bhí an t-ádh dearg uirthi nár maraíodh an babhta sin í. Caidé a rinne an rialtas ansin? Chuir siad an locht uirthise - gabhadh í agus cuireadh faoi ghlas arís í.

Aung San Suu Kyi. Tá a hathair, Bogyoke Aung San, 'athair shaoirse Bhurma' le feiceáil sa pictiúr taobh thiar di.

I mí Mheán Fómhair 2007 rinne sí paidreoireacht phoiblí leis na manaigh a bhí ag dul thar bráid ag teach s'aici - bhí na manaigh ag déanamh agóide in éadan an rialtais agus in éadan praghsanna breolsa a bheith ró-ard. Ba é seo an chéad uair a chonacthas go poiblí í ó bhí 2003 ann. Cuireadh síneadh ama leis an seal príosúnachta i mí na Bealtaine 2008. Chuaigh sí ar stailc ocrais i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2008. Cuireadh ar chothú inmheánach (ar "drip") í in éadan a tola.

Rinneadh achainí in éadan a cúisithe sa bhliain 2009 ach dhiúltaigh na húdaráis glacadh leis seo. Ní fhóirfeadh sé dóibh go mbeadh cead a cinn ná cead cainte go fóill aici. Tamall gairid sula raibh sí le bheith saor, tharla eachtra dho-chreidte - nuair a shnámh amadán Meiriceánach éigin anall trasna na locha ag teach s'aici agus, ar ndóiche, chuir sí fáilte roimhe agus tugadh bia agus dídean dó. Ach ba é seo an leithscéal a bhí go díreach de dhíth ar an junta - agus gearradh téarma eile príosúnachta uirthi (bliain go leith). Chinntigh seo go mbeadh sí faoi ghlas le linn an toghcháin i mí na Samhna 2010. D'iarr sí ar a lucht leanúna "boycott" a dhéanamh ar an toghchán - an céad toghchán sa tír le fiche bliain - as siocair gur mheas sí nach raibh rialacha an toghcháin ag tabhairt Chothrom na Féinne do lucht an daonlathais. Rinne "ginearáil" an junta bradaíl sa toghchán bréige agus is iad atá mórtasach as an "bhua iontach" a bhí acu - agus tá siad ag maíomh anois go bhfuil cuma cheart an daonlathais ar chúrsaí na tíre - rud nach bhfuil fíor ar dhóigh ar bith.

Agus coinníodh Aung San Suu Kyi féin faoi ghlas - go dtí go raibh an toghchán thart. Seachtain i ndiaidh don toghchán bradach a bheith thart, ligeadh "lóchrann geal álainn Bhurma" saor arís - go fóillín cibé ar bith! Chruinnigh na mílte míle taobh amuigh den teach chun tacaíocht a thabhairt di.

Deich lá ina dhiaidh sin bhí teacht le chéile cumhaidhiúil aici lena mac - mac nach raibh cead aici a fheiceáil ar feadh deich mbliana - céasadh millteanach do mháthair ar bith. Is iontach an bhean í cinnte.

Bhí macalla de "Groundhog Day" ar na cúrsaí seo uilig i mBurma (i.e. an rud céanna ag tarlú arís is arís eile). Tamall gairid i ndiaidh do bhuaiteoir amháin den duais Nobel a bheith ligthe saor, bhí buaiteoir eile den Duais Nobel - Liu Xiaobo - i ngéibheann sa tSín - in áit a bheith i láthair in Oslo ag an searmanas. Ná ní raibh cead ag duine ar bith dá mhuintir a bheith i láthair ach oiread (seo laoch eile atá isteach is amach as príosún le fiche bliain anuas as a bheith ag iarraidh guth a thabhairt don daonlathas). Tá fhios ag madaí na sráide gurb í an tSín an rialtas is mó a thugann tacaíocht don junta i mBurma. Aithníonn ciaróg ciaróg eile! Quelle surprise! Plus ca change! B'fhéidir gur chóir do John Hume bocht a bheith cúramach.

Tá sé contúirteach an Duais Nobel a bheith agat na laethanta seo.

Éifeacht an idirlín léirithe ag *Wikileaks*

Mícheál Johnny Ó Meachair

Tarraingíodh ar n-aird ar Wikileaks ar a 12:00 ar an 22 Deireadh Fómhair, 2010 nuair a d'fhoilsigh Wikileaks tuairiscí faoi ghníomhaíochtaí Arm Mheiriceá, ar thugadar SIGACT (giorrúchán ar *Significant Activities*) orthu, agus iad ag cogaíocht san Afganastáin.

Tá fíorscéal na cogaíochta san Iaráic foilsithe acu ó shin, agus 391,892 tuairisc ina measc. Tugann Wikileaks '*The Iraq War Logs*' orthu sin.

Léiríonn scéal Wikileaks éifeacht dhomhanda an idirlín, is cuma más Éireannach ná Seapáineach thú, beidh an fhadhb chéanna le sárú agat, caitheann lucht na cumhachta anuas ar an ngnáthdhuine ag am éigin, ach toisc go bhfuil eagraíocht sásta scéalta a fhoilsiú agus foinsí a chosaint, samhlaigh na fírinní a thiocfaidh chun solais faoi na daoine is cumhachtaí ar domhan toisc go sceithfear a rúin.

An rud is iontaí faoi Wikileaks is ea a theacht chun cinn sular rith sé leis na daoine i gcumhacht é seo a dhéanamh nó bac a chur ar a leithéid. Cé go raibh ar Julian Assange cúirtbhanna a íoc le go saoradh é le déanaí, tá an t-ádh leis gur glacadh leis an gcúirtbhanna.


Julian Assange

Dá mba rud é gur eiseachadadh Assange chun na Sualainne bheadh sé níos fusa ar rialtas Mheiriceá é a thógaint chuig Meiriceá agus é a chur i bpríosún de bharr comhoibrithe dlí idir an dá rialtas. Agus is é sin an phríomhchúis lena chás cúirte bheith sa tSualainn, is cosúil.

Níor ciontaíodh *Private First Class* Bernard Manning as an bhfíseán '*Collateral Murder*' a chur os comhair an phobail, agus é uaslódáilte ar Youtube aige, ach ní scaoilfear ó Phríosún Quantico go luath é.

Scríobhtar ríomhphoist go sciobtha agus seoltar timpeall na cruinne chomh sciobtha céanna iad. Faoi luas leictreachais, deirtear.

Deirtear focail go sciobtha ar an nguthán agus cloistear chomh sciobtha céanna iad. Faoi luas leictreachais, deirtear.

Seoltar an t-eolas seo go digiteach agus, dá bhrí sin, bíonn air gluaiseacht trí fhreastalaithe. Dá bhrí seo, is trí na freastalaithe seo a théann aistí ollscoile, pleananna an deireadh seachtaine, abairtí ó chroí leannáin chuig scáileán a leannáinse, agus, treoracha oibre agus rudaí i bhfad níos gruama, duairce, uafásaí leo.

Níl comhaid téacs mór i gcomhthéacs fhéidearthachtaí cuimhne na bhfreastalaithe seo agus, ag brath ar an bhfreastalaí, coimeádfar an t-eolas sa bhosca dubh seo ar feadh míosa, ar feadh bliana nó 'go deo' fiú. Sleamhnaíonn na focail uainn go sciobtha ach bíonn cuimhne orthu níos faide ná mar a cheapfá.

Más ea, agus is ea, tá taifead in áit éigin de ríomhphoist Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Bhainc Angla-Éireannaigh agus bhord bainistíochta an bhainc, tá taifead in áit éigin de ríomhphoist Theachtaí Dála agus bhaill foirne Oifig an Taoisigh.

Mar is eol do staraithe, ba é an chéad chéim an chéim is tábhachtaí i gcás eachtraí réabhlóideacha i gcónaí, agus thóg Wikileaks an chéad chéim sin.

Ó shin, tá iarracht déanta ag an tSín stop a chur leis an suíomh toisc gur fhoilsíodar pictiúir de dhúnmharú daoine sa Tibéid, agus sheol Wikileaks féin tuairisc 32 leathanach an CIA faoi Wikileaks.

Dúirt an tuairisc go raibh sé mar sprioc acu muinín daoine as Wikileaks a laghdú agus a scriosadh.

An Bua ag Loukachenko Arís

Diarmuid Johnson

Toghadh Alexander Loukachenko ina uachtarán ar an mBealarúis Dé Domhnaigh seo caite. De réir na bhfoinsí eolais atá ann, chaith os cionn 80% den phobal vóta sa toghchán. De réir na bhfoinsí céanna, is do Loukachenko a caitheadh idir 72% agus 80% de na vótaí sin. Maidir le Andreï Sannikov agus Vladimir Nekliaev, beirt iarrthóirí de chuid na bpáirtithe freasúra, ní bhfuair ceachtar acu ach 6.1% den vóta. Seo é an ceathrú téarma uachtaránachta ag an Uas. Loukachenko. Is é atá i réim sa mBealarúis ó 1994 i leith.

Ach tá taobh eile ar an scéal seo seachas na figiúirí agus na staitisticí. San oíche Dé Domhnaigh thug na mílte daoine sráideanna Mhinsk orthu féin le hagóid a dhéanamh faoi mhodhanna oibre an rialtais agus faoi chúinsí an toghcháin.

Thug cuid den slua aghaidh ar theach na Parlaiminte agus rún daingean acu an foirgneamh a ghabháil. Bhí bratach an Aontais Eorpaigh ar iompar ag cuid acu mar aon le bratach na Bealarúise agus iad ag fógairt "Saoirse, Saoirse" in ard a ngutha.

"Seo é an áit ar fógraíodh an Bhealarúis ina tír neamhspleách in 1991, agus seo é an áit a gcuirfear deireadh inniu le deachtóireacht Loukachenko," arsa an t-iarrthóir Andreï Sannikov leis an slua. Ach bhí na póilíní frith-chíréibe ar an láthair. Chaith siad grionáid leis an slua le hiad a cheansú agus d'imir siad an maide orthu. Gortaíodh an t-iarrthóir Vladimir Nekliaev le linn an scliúchais. De bharr buille a bualadh sa mblaosc air, b'éigean é a thabhairt chun an ospidéil de réir cosúlachta. Dé Luain, d'fhógair an ginearál Farmagueï, ceann feadhna na bpóilíní i Minsk, go raibh príosún á chur ar 580 de lucht na hagóide. Idir 5 lá agus 15 lá an téarma go fóill. Is éard a cuireadh ina leith go raibh siad ar an láthair agus rún acu ord agus síocháin na tíre a chur i mbaol.

Má chiontaítear iad ina leithéid, d'fhéadfaí blianta móra príosúin a ghearradh orthu. Ní raibh beann ar bith ag an Uachtarán Loukachenko ar lucht a cháinte an lá tar éis an toghcháin. Ní raibh unsa daonlathais san agóid a cuireadh faoi chois, ar sé. Gheall sé príosún do na daoine a gabhadh, seachtar iarrthóirí freasúra ina measc. Dhiúltaigh sé do na líomhaintí gur toradh bréige a bhí ar an toghchán agus shéan sé nach raibh aon bhunús leis na figiúirí.

I measc na dtíortha a cháin cúrsaí an toghcháin sa mBealarúis, bhí Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Pholainn, an Ghearmáin, agus an Iodáil. Cháin an tAontas Eorpach modhanna mídhaonlathacha Loukachenko. D'eisigh Eagras Comhoibre agus Slándála na hEorpa (OSCE) ráiteas chomh maith: "Níor thug an toghchán seo deis don Bhealarúis tús nua a chur i bhfeidhm faoi mar ba ghá," ar siad. Maidir le dearcadh na Rúise, dúirt Uachtarán na tíre sin Dmitri Medvedev gur "cheist inmheánach" a bhí ann. Níor chuir Loukachenko fiacail ann: "Ní bheidh aon réabhlóid ann sa mBealarúis," ar sé.

Treibh faoi léigear

Alex Hijmans, An Bhrasaíl

Tá treibh bhundúchasach in iardheisceart na Brasaíle fós faoi léigear ag arm d'fhir shlándála phríobhaideacha atá fostaithe ag feirmeoir beithíoch, in ainneoin ordú cúirte i bhfabhar na mbundúchasach. Níl teacht ag thart ar leathchéad ball den treibh Ypo'i ar uisce glan, ar bhia ó shiopaí ná ar sheirbhisí leighis le tamall de mhíonna.

Cuid iad na Ypo'i den phobal Guarani, an pobal bundúchasach is líonmhaire sa Bhrasaíl. Tá cónaí orthu sa stát Mato Grosso do Sul, ceann de na ceantair feirmeoireachta is mó sa tír sa lá atá inniu ann. Sampla é a gcás de chineál achrainn atá coitianta go leor sa Bhrasaíl faoi láthair: coimhlint ar toradh í ar mhoilleadóireacht an stáit maidir le tearmann atá geallta do phobal bundúchasach.

Thiar in 2007 gheall an eagraíocht stáit atá freagrach as pobail bhundúchasacha na Brasaíle, FUNAI, tearmann dá gcuid féin do na Ypo'i, ar pháipéar. I nDeireadh Fómhair 2009, nuair nach raibh méadar cearnach den talamh gheallta i lámha na treibhe, ghabh fiche teaghlach de chuid na Ypo'i cuid d'fheirm Firmino Escobar, atá suite ar a dtailte dúchasacha. Ceithre lá ina dhiaidh sin, chuir arm príobháideach an ruaig orthu. Dúnmharaíodh duine de cheannairí na treibhe, Genivaldo Vera, agus tá ceannaire eile, Rolindo Vera, ar iarraidh go dtí an la atá inniu ann.

I mí Lúnasa na bliana seo, chuaigh leathchéad Ypo'i isteach ar thalamh Escobar arís agus tá siad ann ó shin, á mbeathú féin leis an tseilg, timpeallaithe ag arm d'fhir shlándála phríobháideacha. De réir na mbundúchasach, talamh naofa dá gcuid é an limistéar de thailte Escobar atá gafa acu. An mhí seo caite, rialaigh an chúirt go bhfuil cead ag na Ypo'i fanacht ar chuid den talamh atá gafa acu. Mar sin féin, leanann an léigear ar aghaidh.

An mhí seo, rinne ball den eagraíocht cearta daonna Survival (www.survivalinternational.org) iarracht cuairt a thabhairt ar na Ypo'i atá ar thalamh Escobar, ach dhiúltaigh Escobar cead isteach di, ag rá nach raibh aon Indiaigh ar a chuid talún ar chor ar bith. Ach in agallamh leis an stáisiún teilifíse Globo dúirt Escobar go bhfuil súil aige go réiteoidh na cúirteanna ceist na talún chomh luath agus is féidir, le go mbeidh réiteach síochánta ar an trioblóid.

Idir an dá linn, tá ordú tugtha ag an gcúirt an tseachtain seo go gcaithfidh Escobar feidhmeannaigh de chuid FUNAI a ligint tríd chuig na Ypo'i dhá uair sa mhí, d'fhonn bia, leigheas agus uisce glan a sholáthar dóibh.

Guarani, Brazil. PIC. LE ALEX HIJMANS

6 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Opera ag cur brú ar Explorer

Amharcann **Diarmuid Ó Muirgheasa** ar na brabhsálaithe atá ag dul in iomaíocht le Internet Explorer

I 1997, bhí an chéad chath i gcogadh na mbrabhsálaithe faoi lánseol. Ag an am sin, ní raibh ag *Internet Explorer* de chuid Microsoft ach céatadán fíorbheag den mhargadh, ach bhí súil ag an bhfathach i Redmond ar an margadh céanna sin a ghabháil.

Thar tréimhse 5 bliana nó mar sin, is é sin díreach an rud a rinne siad. Tá nach mór gach uile chustaméir a bhí ag *Netscape* sciobtha acu, comhlacht a raibh os cionn 90% den mhargadh acu ag pointe amháin. Faoin mbliain 2002, bhí uileláithreacht, beagnach, bainte amach ag Microsoft.

Ach ní bhíonn monaplachtaí mar sin riamh chun leasa an mhargaidh, agus ba é tuairim na coitiantachta go raibh Microsoft ag éirí díomhaoin i ndiaidh *Netscape* a chloí nuair a tháinig *Mozilla Firefox* ar an bhfód timpeall 2003. Ach cé gur fíor gur iomaíocht a bhí in Mozilla, fós féin bhí tromlach iontach mór den mhargadh faoi smacht ag Microsoft, agus ba bheag an duine ar an tsráid a mbeadh cloiste aige nó aici faoi *Firefox*.

Idir sin agus seo tá athrú mór tagtha ar chúrsaí. Tá eolas an ghnáthdhuine ar an teicneolaíocht ag méadú i gcónaí, agus tá daoine ag smaoineamh níos mó faoi na bogearraí a úsáideann siad, go háirithe agus slándáil sonraí cártaí creidmheasa i gceist.

Le cúpla bliain anuas tá cúrsaí ag éirí rud beag teasaí idir na hiomaitheoirí arís eile, agus tá an iomaíocht idir Microsoft, Google, Apple, Mozilla agus Opera níos géire anois ná mar a bhí riamh.

An tseachtain seo caite eisíodh an t-eagrán is déanaí de *Opera*, *Opera 11*, agus é in iomaíocht dhíreach le leaganacha nua de tháirgí Microsoft, Mozilla agus Google chomh maith.

Níl ag Opera faoi láthair ach céatadán fíorbheag den mhargadh - idir 1% agus 3%, ag brath ar fhoinse na bhfigiúirí - ach tá cáil amach orthu mar gheall ar nuálaíocht a gcuid táirgí, agus tá sceitimíní ar dhaoine le tamall anois maidir leis an eisiúint seo.

Go minic ní fiú mórán caint dá leithéid, ach le *Opera 11* tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil éacht déanta ag an gcomhlacht beag san Iorua. Ní hamháin go bhfuil brabhsálaí eisithe acu atá chomh sciobtha, snasta agus slán le *Internet Explorer*, *Mozilla Firefox*, *Google Chrome* nó *Apple Safari*, ach tá gnéithe curtha acu leis nach bhfuil ag aon cheann de na brabhsálaithe sin.

Cuirtear i gcás an bealach a láimhseálann sé mórán táb a bheith ar oscailt ag aon am amháin. Ar ghnáthscáileán is féidir deich nó, b'fhéidir, 15 tháb a bheith ar oscailt agat sula n-éiríonn sé ró-phlódaithe. Le córas nua *Opera* is féidir na táib a chur i ngrúpaí le chéile - na cinn a bhaineann leis an obair in áit amháin, na cinn a bhaineann leis an tsaoire sin atá á pleanáil agat in áit eile, na cinn a bhaineann le *Facebook*, *Twitter* srl i ngrúpa eile arís - agus breathnú ar ghrúpa amháin ag an am. Tá leithéidí Mozilla ag obair ar an gcineál céanna ruda agus tá sé ar fáil sa leagan beta de *Firefox 4*, ach oibríonn iarracht Opera ar bhealach i bhfad níos snasta.

Tá gnéithe eile a bhaineann leis atá iontach nuálach chomh maith, rud a fhágann go mbíonn sé deacair agat filleadh ar aon bhrabhsálaí eile. Tá cnaipe beag leis an lipéad "*Opera Turbo*" ag bun na fuinneoige ar clé, mar shampla, a luasghéaraíonn luchtú leathanaigh trí leagan a iarraidh ina bhfuil caighdeán na bpictiúr íseál. Má tá nasc mall agat leis an idirlíon, bheadh sé beagán áiféiseach úsáid a bhaint as aon bhrabhsálaí eile.

Le bogadh 'siar' in *Opera*, is féidir, ar ndóigh, na gnáthchnaipí a úsáid, ach más mian leat bheith níos éifeachtúla d'fhéadfá an cnaipe deas ar do luchóg a bhrú agus an luchóg a bhogadh leathorlach ar clé - tá sé deacair a leithéid de rud a shamhlú, ach creid uaim é, nuair a théann tú i dtaithí air tá sé deacair filleadh ar aon bhealach eile le rudaí a dhéanamh.

Tá *Opera* ag feidhmiú in earnáil atá iontach baolach ar fad: áit a bhfuil arm beag de ríomhchláraitheoirí deonacha ag obair ar son Mozilla, agus na carnta airgid gan deireadh ag Microsoft, Google agus Apple, tá Opera ag brath beagnach ar fad ar an ioncam a fhaigheann siad ó Google le go mbeadh an bosca cuardaigh in Opera réamhshocraithe le Google a úsáid.

Ina ainneoin sin, agus in ainneoin gur éasca a shamhlú gurb é Opera a bheidh ar an gcéad taismeach sa chath áirithe seo i gcogadh na mbrabhsálaite, tá táirge eisithe acu le cúpla lá anuas atá chomh maith céanna, nó níos fearr fiú, ná aon bhrabhsálaí eile le haon chomhlacht eile.

Agus déarfaidh mé níos mó ná sin: i ndiaidh dom tosú ar úsáid a bhaint as *Opera* ar mhaithe le taighde, nílim i ndiaidh smaoineamh oiread is uair amháin ar fhilleadh ar *Chrome*.

Ní féidir moladh níos fearr ná sin a thabhairt.

Cén chaoi a saothraíonn siad airgead?

In ainneoin go bhfuil nach mór 2 billiún duine ar líne mórthimpeall na cruinne ag baint úsáide as brabhsálaí éigin, níl an oiread airgid agus a cheapfá á dhéanamh acu siúd a dhearann na brabhsálaithe. Íocann Google suas le $100 milliún in aghaidh na bliana do Apple le go mbeadh Google mar an rogha inneall cuardaigh réamhshocraithe ina dtáirgí siúd, agus suim éigin níos lú ná sin le Opera agus Mozilla. Ar ndóigh ní bhíonn Apple ag brath ar an ioncam úd ó Google, ach is ar Google a bhíonn Mozilla agus Opera ag brath, beagnach go hiomlán. I gcás Google féin agus Microsoft, ní mheastar go bhfuil aon ioncam ar chor ar bith á thuilleadh acu go díreach ó Chrome nó Internet Explorer.

(Athfhógairt) Ag teastáil

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Post lánaimseartha: trí bliana
Feabhra 2011-Mí na Nollag 2013

Is iad cuspóirí Gaeilge Locha Riach úsáid agus infheictheacht na Gaeilge in Oirthear na Gaillimhe a fhorbairt, an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de phobail an cheantair agus seirbhísí Gaeilge a bhaint amach nó a chur ar fáil do mhuintir an Eachréidh.
Tá Oifigeach Forbartha le ceapadh anois ag Gaeilge Locha Riach. Beidh sé de chúram ar an Oifigeach ceannródaíocht a léiriú agus bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar sheachadadh chlár gníomhaíochta an eagrais.
Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Bord Stiúrtha Ghaeilge Locha Riach, atá maoinithe tríd an Scéim Phobail Gaeilge 2011 – 2013 faoi Fhoras na Gaeilge.

Ionad Oibre: Beidh an t-oifigeach lonnaithe i mBaile Locha Riach. Mar go bhfuil ceantar leathan i gceist le hobair na hoifige beidh taisteal i gceist freisin.

Tuilleadh Eolais:
Suíomh an eagrais: www.lochariach.com
Is féidir cóip den chlár gníomhaíochta a fháil ach ríomhphost a chur chuig polmagl@gmail.com

Critéir Riachtanacha:
- Ardchumas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge
- Tuiscint agus taithí ar chúrsaí forbartha teanga.
- Na scileanna ceannaireachta a theastaíonn chun an clár gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn.
- Scileanna idirphearsanta agus margaíochta chun cuspóirí an chláir a bhaint amach.
- Taithí ar dhéileáil leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn agus cearta teanga a bhaint amach.
- Taithí ar oibriú leis an aos óg.
- Scileanna maithe teicneolaíochta.

Tuarastal Túsphointe Scála € 29,029 ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí.

Seoltar CV chuig:
Pól Mag Lionáin, Cathaoirleach an Bhoird Stiúrtha,
Gaeilge Locha Riach, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe
Spriocdháta iarratais: 10 Eanair 2011. (Agallaimh i rith mhí Eanair 2011.)

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge
Is fostóir comhionannas deiseanna é Gaeilge Locha Riach.

Foras na Gaeilge

Fáilte GAEILGE LOCHA RIACH

Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: (091) 593307 Facs: (091) 593362
R-phost: cic@iol.ie www.cic.ie

Eagarthóir Cúnta

Tá post lánaimseartha mar **Eagarthóir Cúnta** á fhógairt ag Cló Iar-Chonnacht, foilsitheoirí leabhar Gaeilge.

Ní mór d'iarrthóirí:
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, a bheith acu.
- Céim onóracha B.A., Céadonóracha nó Dara Onóracha Grád I sa Ghaeilge, nó a comhionann.
- Saineolas ar ghramadach na Gaeilge agus ar mhórchanúintí na Gaeilge.
- Taithí ríomhaireachta.

Scála tuarastail idir €26,000 – €35,000.
Beidh an té a cheapfar ag obair ag an seoladh thuas.

Seoltar litir iarratais mar aon le Curriculum Vitae chuig
Bainisteoir Chló Iar-Chonnacht ag an seoladh thuas

roimh 21 Eanáir 2011.

Tuilleadh eolais faoin bpost le fáil ar www.cic.ie

Stiúrthóir Naíonra

Iarratais á lorg do Stiúrthóir Naíonra ag Áras Chrónáin Ionad Cultúrtha, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

Muintir Chrónáin
Gaeilge Lenár Linn

Cáilíochtaí: Ar a laghad Teastas FETAC Leibhéal 5 (Mórdhámhachtain), cáilíocht choibhéiseach, nó níos airde i gcúram leanaí, le taithí agus le líofacht i nGaeilge labhartha agus scríofa.

Post Lánaimseartha atá i gceist

Tuarastal: Pá iomaíoch ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí

Litir Iarratais agus CV chuig:
An Cathaoirleach, Muintir Chrónáin Teo,
Áras Chrónáin Ionad Cultúrtha,
Bóthar an Úlloird, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
eolas@araschronain.ie

Dáta Deireadh Iontrála: **Aoine 14/01/2011**

NDP National Development Plan 2007 - 2013 | Office of the Minister for Children Oifig an Aire do Leanaí | pobal supporting communities

---

Scoil Chuimsitheach Chiaráin
ARDTEIST '86

Tá iarscoláirí ARDTEISTE 1986 i S.C.C. An Cheathrú Rua ag teacht le cheile idTigh Josie ar an 03/06/2011.
Má tá suim agat freastal ar an ócáid seo dean teagmháil le duine den coiste

Michael 087 4154962.
Treasa 087 9530216
Baba 087 9024601
Carmel 087 2405739

Bhfuil folúntais agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.
Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

7 BEATHA

Údar – Clasaicí mhórscríbhneoirí

Treasa Bhreathnach

Sa tsraith nuálach drámaíochta 'Údar' tá saothar clasaiceach próis na Gaeilge athscríofa don scáileán beag ar bhealach fisiúil cruthaitheach. Tugann scríbhneoirí agus stiúrthóirí ár linne léargas úr dúinn ar na mothúcháin chéanna a chuaigh i bhfeidhm ar scríbhneoirí agus ar léitheoirí thar na blianta agus a théann i bhfeidhm orainne sa lá atá inniu ann: an grá, an streachailt, an cruachás, an dúil agus na gnéithe uile a mbíonn tionchar acu ar an gcine daonna. Is iad na mórscríbhneoirí a bhfuil athchóiriú déanta ar a gcuid saothair ná Pádraig Ó Conaire, Pádraig Mac Piarais, Liam Ó Flaithearta, Micheál Ó Conghaile agus Pádraig Ó Siadhail.

Forbraíodh an tsraith dhrámaíochta seo thar tréimhse 6 mhí le ceardlanna agus máistir-ranganna le leithéidí an stiúrthóra Dearbhla Walsh, a bhfuil gradam Emmy buaite aici dá gcuid stiúrthóireachta. Is ar mhúnla oiliúna a forbraíodh an comhfhiontar seo idir TG4 agus Líonra Meán Skillnet le tacaíocht ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Tá meascán de stiúrthóirí, scríbhneoirí agus aisteoirí seanbhunaithe agus nua páirteach ann.

Cuirfear tús leis an tsraith seo ar TG4 ar 6 Eanáir leis an ngearrscannán '*Malartú Intinne*' faoi stiúir ag Cóilín Ó Scolaí. Is scéal é seo atá suite i nGaeltacht Cheanada agus é bunaithe ar ghearrscéal le Pádraig Ó Siadhail, '*Uisce Breallántachta*'. Ag deireadh an chogaidh in 1945, tá Aisling agus a clann ag tnúth go mór lena fear céile, Eoghan, a fhéiceáil atá ar an mbealach abhaile ón gcogadh. Tá sí faoi strus, áfach, nuair a thuigeann sí nach bhfuil an Ghaeilge ar a cumas aige a thuilleadh, ach an Béarla amháin.

Cé go bhfuil an scéal bunaithe i dTalamh an Éisc is i gceantar an Spidéil i gCo na Gaillimhe a rinneadh an taifead agus é sách deacair ag an stiúrthóir láthair a roghnú don taifead i gceartlár Chois Fharraige a bhí cosúil le Ceanada i 1945. Bhí an t-ádh orthu teacht ar charr a bhí déanta i gCeanada i 1944 agus tá suímh áille aimsithe acu a bhfuil fírinneacht na haoise sin le tuiscint uathu. Is é Tom Ó Suilleabháin atá i bpríomhpháirt an tsaighdiúra atá ag streachailt agus é ag iarraidh dul i dtaithí ar a shaol tar éis an chogaidh, agus scoth na haisteoireachta le feiceáil uaidh.

Scéal álainn, mealltach is ea 'An t-Ádh' a léiríonn an caidreamh idir cairde go soiléir agus iad ar thóir na heachtraíochta. Ba í Medb Johnston a scríobh '*An t-Ádh*' bunaithe ar ghearrscéal le Pádraic Ó Conaire. Tá an script iontach nádúrtha agus é curtha inár láthair trí aisteoireacht den scoth le triúr aisteoirí óga, go háirithe Éamonn Ó Ceallaigh atá i bpáirt an phríomhcharachtair. Luíonn an stíl stiúrthóireachta go réidh le scéalaíocht na scripte, í ag luascadh go compordach le casadh an scéil. Tá an triúr príomhcharachtar ag iarraidh dul go hÁrainn i gcomhar cluiche peile agus iad ar thóir bealach ar bith chun iad a thabhairt ann. Sa deireadh thiar thall roghnaíonn siad dul i bhfolach ar bhád iascaireachta, ach níl spás ach do bheirt ann, rud a chiallaíonn go bhfágtar Liam sa bhaile agus é croí-cráite dá dheasca. Ach an leisean atá an t-ádh i ndeireadh an lae? Is seanscéal é seo faoin gcairdeas idir buachaillí óga agus iad ar thóir eachtraíochta, ach is aistear é a iompaíonn ina thragóid.

Léirítear meas sa chlár seo ar an scéalaíocht trí na focail agus tríd an bhfísiúlacht faoi stiúir ag Colm Bairéad. Is fiú éisteacht go géar leis an amhrán ag an deireadh, é canta ag duine eile de na príomhcharachtair, Bertie Ó Domhnaill.

Is ar an ngearrscéal le Pádraig Mac Piarais '*Íosagán*' atá '*Jesus, Mary agus Mattie*' bunaithe agus é ag díriú ar sheanfhear a bhfuil faitíos air roimh an domhan mór agus nach bhfuil uaidh ach é a fhágáil agus bualadh lena bhean chéile arís sna flaithis. Gach seans go bhfuil aithne níos fearr agaibh ar scríbhneoir an scéil seo, Doireann Ní Chorragáin, mar Ali in Fair City. Seasann Úna Ní Fhlatharta amach i bpáirt Mary sa scannán seo agus í soineanta agus lán le beocht na

na Gaeilge athscríofa don teilifís

hóige agus grá don saol agus is í a théann i bhfeidhm ar an seanfhear Mattie agus a thugann beagán sóláis dó. Léirítear an ghruaim agus an dólás atá ar Mattie trí radhairc dhorcha, ghruama a léiríonn go bhfuil néaltrú ag teacht ar Mattie. Is é Diarmuid Goggins a stiúraigh an scannán seo agus is é Breandán Conroy, de cháil Kings, atá i bpáirt Mattie.

Scéal aisteach, draíochtúil, mealltach agus mearbhlach é '*Seacht gCéad Uaireadóir*' a bhfuil ardchaighdeán scríbhneoireachta agus stiúrthóireachta lámh le láimh ann. Scríofa ag Greg Ó Braonáin agus bunaithe ar ghearrscéal le Micheál Ó Conghaile, dírítear ar choimhlint an tsaoil nua-aimseartha i leith úsáide agus mí-úsáide an ama. Téann fear óg (Seán T Ó Ceallaigh) ag spaisteoireacht lá sa chathair agus é lán lena thábhacht féin go dtí go mbuaileann sé isteach ar shiopa lán le huaireadóirí, nó an é an t-am? Ní mór dó féachaint go géar ar a shaol féin agus ar an gcaoi a bhfuil sé á chaitheamh. Is é Macdara Ó Fátharta atá i bpáirt úinéir an tsiopa agus cur i láthair cumhachtach aige mar an t-úinéir aisteach a bhfuil smacht iomlán aige ar an am agus ar shaol an tsiopa. Coinnigh súil amach don anamúlacht stoptha (*stop motion*) a chuireann go mór le láidreacht na scéalaíochta agus éist le fuaim na gclog sa scannán seo faoi stiúir ag Tomás Seoighe.

Téann muid ó choimhlint an tsaoil go coimhlint phearsanta sa scannán '*An Buille*' scríofa ag Tristan Rosenstock bunaithe ar ghearrscéal le Liam Ó Flaithearta agus é ag cur spotsolais ar an streachailt a bhaineann le caidreamh idir mac agus athair. Díríonn an scéal seo ar ghnáthfhear agus é ag snámh in aghaidh easa ag iarraidh dul i ngleic lena chuid féinmhuiníne agus é ag obair le daoine nach bhfuil uathu ach é a chur faoi chois. Tar éis dá mhac buille a thabhairt do bhuachaill ar scoil, caitheann sé an lá lena athair agus léirítear dó an bealach a chaitear leis féin agus an bealach a phléann sé féin leis an gcoimhlint. Ní go deireadh an scannáin seo, stiúrtha ag Marion Ní Loingsigh, a fheiceann muid go bhfuil seans ann cúrsaí idir an mac agus an t-athair a chur ina gceart tar éis eachtra fisiciúla. Is iad Mícheál Ó Dubhghaill agus Eoin Ó Dubhghaill atá i bpáirt an athar agus an mhic agus an teannas fadtéarmach eatarthu le haireachtáil.

Dírítear ar dhornálaí in athscríobh ar an ngearrscéal '*An Seabhac*' le Liam Ó Flaithearta. Bíonn air troid ar son a bheatha, a chlainne agus a mhoráltachta sa scannán seo atá scríofa ag Tomás Seoighe. Cé go dtugtar '*an Seabhac*' ar an dornálaí is léir go bhfuil níos mó ná éan seilge amháin sa scéal nuair a thugtar deis don dornálaí mála mór airgid a thabhairt abhaile leis ach titim i mbabhta ceannais dornálaíochta. Pól Ó Gríofa atá i bpáirt an dornalaí fhíochmhair agus is é Pádraig Ó Tuairisg atá i bpáirt an duine atá ag iarraidh é a chur ar an mbóthar mícheart. Tá an bheirt acu láidir sna páirteanna seo. Is é Trevor Laffey a stiúraigh an scannán seo agus tá allas, fuil agus foréigean na dornálaíochta le feiceáil go soiléir ann, taobh istigh agus taobh amuigh den fháinne dornálaíochta.

Cuirfear tús leis an tsraith seo ar 6 Eanáir ag 8in ar TG4.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Nollaig, 2010

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Leabhair 2010

Le Meadhbh Ní Eadhra

Caitheann beirt ó Chumann na Scríbhneoirí Óga, an file Caitríona Ní Chléirchín agus an scríbhneoir Proinsias Mac an Bhaird, súil siar ar na leabhair is mó a chuaigh i gcion orthu in 2010.

Caitríona Ní Chléirchín

NA leabhair is mó a thaitin liom i mbliana ná, *Púca gan Dealramh* le Ceaití Ní Bheildiúin, *Gabháil Syrinx* le *hAifric Mac Aodha, Faigh Greim ar an Ghrian* le Prionsias Mac an Bhaird agus *An Fear sa Ghealach* le Philip Cummings (agus *Buile Shuibhne* le Seán Ó Sé). Leabhair filíochta iad ar fad agus is dócha toisc gur file mé féin go mbíonn an claonadh ionam filíocht a léamh seachas prós. Ar cheann de na leabhair is mó a thaitin liom i mbliana tá an dara cnuasach le Ceaití Ní Bheildiúin , *Púca gan Dealramh*. Lón anama atá sa leabhar seo. Baineann toise spioradálta, taibhsiúil leis na dánta ann. Tráchtann an dán '*Púca gan dealramh*' ar an dúshlán a bhaineann le saol agus le ceird an fhile.

Dán draíochtúil is ea '*Torrámh na bPeidhleacán*' agus is cinnte gur cleitearnach a chuireann sé ar sciatháin na teanga agus ar chroí an léitheora. Baineann cumhacht leis an dán '*An Babóg Rúiseach*' fosta a chuireann síos ar an taithí bhaineann. Tá tuiscint an-domhain ag an fhile seo ar an fhulaingt fosta mar a léiríonn sí sa dán '*Ar Lic na bPian*' faoi Ghaza. Is gá an leabhar seo a cheannach, tá an oiread sin de sheoda ann.

Is beag nár bhris *Gabháil Syrinx* le hAifric Mac Aodha mo chroí agus mé á léamh, tá sé chomh híogair agus chomh grástúil sin. Labhair mé faoin chnuasach seo cheana in áiteanna eile ach ceann de na dánta is mó a thaitníonn liom ann ná '*Eachtraí Conlae*'. Tá Echtra Chonlai ar cheann de na samplaí is luaithe d'fhinscéalta an "echtra". Tugann bean ón sídh cuireadh do Chonlae, mac le Conn Cétchathach, imeacht léi agus iarrann a athair ar dhraoi geasa a chur uirthi. Sa bhunscéal tá Conlae á thointeáil féin idir dhá mhian: grá don bhean seo agus grá dá mhuintir. Sa deireadh, áfach, léimeann Conlae isteach i mbád criostail agus imíonn sé léi.

Cathú dochloíte agus céasadh croí is intinne a fhulaingíonn Conlae agus é ag géilleadh do bhean a mheallta. Imíonn sé leis lena leannán nua i mbád gloine, é cráite le míshuaimhneas an phaisin. Tugann Aifric Mac Aodha guth don fhear fealltach cráite seo in '*Labhraíonn Conlae*' is bíonn trua againn dó.

Agus mé ag léamh '*Faigh Greim ar an Ghrian*' le Proinsias Mac an Bhaird, thug mé suntas den dóigh a gcuireann sé focail ag damhsa le ceol na farraige. Is geall le haisling dhoshrianta é faoileáil na ndánta is fearr aige anseo. Baineann sé fómhar atá chomh hálainn le heorna, le speal faobhrach a theanga mar a chíonn muid in '*Driogadh*'.

Labhraíonn sé faoin mheirg ina luí ar lann na speile ach a dtiocfaidh an mhaidin 'nuair a bheas faobhar ar an speal'. Ní heagal do Phroinsias dul i ngleic le heangacha agus le tragóid an tsaoil ar uaire agus é ag éisteacht go cúramach leis na dúile.

Thaitin '*An Fear sa Ghealach*', leis an fhile Fheirsteach Philip Cummings, liom fosta, go háirithe '*Ar an Ghealach*' agus '*Geantraí na Gealaí*'.

Chuir an líne faoi 'bhlas searbh na teipe' Beckett i gcuimhne dom: *"Fail, fail again, fail better."* Tá roinnt den fhuath ban le brath ar an chnuasach sin ach seachas sin, is leabhar osréalach é a chritheann le hiontas na filíochta.

Proinsias Mac an Bhaird

AG smaoineamh siar ar a bhfuil léite agam i rith na bliana léimeann rudaí áirithe chun cuimhne. Ceann de na leabhair filíochta is mó a tharraing m'aird i mbliana ná '*An Fear sa Ghealach*' le Philip Cummings. Coincheap fíorspéisiúil atá taobh thiar den leabhar. Tugtar seans d'fhear ticéad a cheannach chun taisteal chuig an ghealach ar an choinníoll nach bpillfidh sé ar an domhan arís go deo. Mheall coincheap agus bardaíocht shnasta an leabhair mé. Tá Cummings ag treabhadh i ngort álainn dá chuid féin i bhfilíocht na nua-Ghaeilge.

Bhí '*Sceon na Mara*' le Liam Ó Muirthile i measc na leabhar a léigh mé i rith an tsamhraidh. Caithfidh mé a rá go ndeachaigh sé i bhfeidhm go mór orm. I mo shuí cois fuinneoige in Árainn Mhór a bhí mé á léamh, an fharraige os mo chomhair agus ar na leathanaigh romham. Tá cumas ealaíne iontach ag an údar agus scéal bleachtaireachta ar dóigh lena chois.

Ó thaobh na bpáistí de, ní thiocfadh le duine níos fearr a dhéanamh ná leabhar Dhoiminic Mhic Ghiolla Bhríde, '*Ící Pící*', a fháil. Is ar éigean a leag páistí s'againne as a lámha é i mbliana agus bhí mórchuid na n-amhrán ar eolas de ghlanmheabhair acu taobh istigh de sheachtain nó dhó. Rainn nuachumtha iad formhór na n-amhrán, iad maisithe go healaíonta sa leabhrán agus dlúthdhiosca ag gabháil leo.

Ní thig liom dearmad a dhéanamh ar Liam Carson agus '*Call mother a lonely field*'. Cé gur i mBéarla atá an tseoid bheag de leabhar seo, chuirfeadh fear léite na Gaeilge an-suim go deo ann. Cuimhní cinn atá ann ar an tógáil 'gaelach' a fuair sé agus é ag éirí aníos i mBéal Feirste.

B'fhiú go mór d'éinne ar chás leo an Ghaeilge, cúrsaí oidhreachta agus na haislingí uaillmhianacha a mheallann is a choinníonn i gcarcair muid é a léamh.

An bhliain seo chugainn? Tá an t-iomrá amuigh go mbeidh cnuasach úr Chathail Uí Shearcaigh ar an mhargadh roimh i bhfad agus is cinnte go mbeidh mé ag réiteach spáis ar na seilfeanna dó.

Tá mé ag dréim fosta le leabhar úr Phádraig Uí Shiadhail ar bronnadh duais Oireachtais air i mbliana a fheiceáil sna siopaí.

Táthar ag rá cheana féin go mbeidh sé ar cheann de na leabhair is fearr – idir Ghaeilge agus Bhéarla – a léifear in 2011!

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Treasa Bhreathnach

Ros na Rún ag déanamh aithrise ar fhíorshaol an aisteora

Is aithris ar an bhfíorshaol é i gcónaí sobaldráma, ach cén chaoi gur féidir le haisteoir déileáil leis nuair atá a shaol oibre ag déanamh aithrise ar a shaol pearsanta? Labhraíonn **Treasa Bhreathnach** leis an mbean óg, **Lisa Ní Laoire** atá i bpáirt Molly sa sobaldráma Ros na Rún faoin gceist seo agus tuilleadh.

Ó cuireadh Molly in aithne dúinn i Ros na Rún trí bliana ó shin níl déanta aici ach raic agus réabadh a thógáil, agus tá sí ar tí an rud céanna a dhéanamh i gcás Jason thar an Nollaig.

Is í Lisa Ní Laoire, Corcaíoch atá 22 bliain d'aois, atá i bpáirt Molly agus síleann sí go mbíonn sé tábhachtach scéal mór a bheith ag gach aisteoir chun dúshlán a thabhairt dóibh.

A fhad agus a bhí muidne ag breathnú ar Molly ag iarraidh déileáil le scaradh a tuismitheoirí óna chéile bhí an rud ceannann céanna atá tarlú i saol pearsanta Lisa. Cosúil lena lán aisteoirí bhí sí in ann inspioráid a fháil óna saol pearsanta ar mhaithe leis an aisteoireacht, agus an aisteoireacht a úsáid chun dul i ngleic lena saol pearsanta. Chabhraigh a taithí féin léi mothúcháin Molly a chur in iúl.

"Ceapaim go raibh tionchar iontach mór [ag an scaradh] ar Molly agus an chaoi a mbreathnaíonn sí ar chaidrimh, agus sílim go bhfuil sé mar an gcéanna domsa. Ó thaobh na haisteoireachta de, bhí mé in ann mo mhothúcháin féin

a úsáid ar bhealach dearfach. Is bealach maith í an aisteoireacht chun a chinntiú go mbíonn tú ag déileáil le do chuid mothúchán féin. Mar shampla, bheinn ag dul ar an seit agus ag aisteoireacht i radharcanna a raibh orm a bheith fearg iontu an lá uilig, so, nuair a bhí mé críochnaithe le mo lá oibre bhí an fhearg uile imithe uaim agus bhí mé in ann a bheith deas agus cairdiúil le daoine i mo shaol féin."

Is carachtar í Molly a bhí corraitheach agus conspóideach ón chéad lá a thug sí cuairt ar bhaile beag Ros na Rún ach síleann Lisa nach bhfuil inti ach bean óg atá scanraithe agus measctha suas.

"Thit sí i ngrá le Jason an-tapa agus ba ghrá an-*intense* a bhí ann di. Níor chodail sí ach le duine nó beirt roimh Jason agus tá sí ag iarraidh go mbeadh an grá i gceist leis an gcaidreamh le Jason. I ndáiríre is *all talk, no action* atá inti," a deir Lisa.

An tseachtain seo, chonaic muid an chóisir mhór a bhí ag Molly agus Lee agus é i gceist ag Molly Jason a mheal-ladh. Ós rud é go raibh Lee ite le héad shocraigh sí ar phlean Molly a scriosadh. Bhí sé i gceist aici piollaire a chur isteach i ndeoch Jason ach, trí thimpiste d'ól Molly an deoch in áit Jason agus chaill sí smacht uirthi féin agus tharraing sí Jason léi go dtí an seomra codlata. Thosaigh an réabadh uile an mhaidin dar gcionn nuair a dhúisigh Molly, gan cuimhneamh ar bith aici ar an méid a thit amach an oíche roimh ré. Shíl sí gur Jason ba chúis lena mearbhall agus gurbh eisean a thug an piollaire di. Feicfimid thar an Nollaig an mbeidh Jason in ann a neamhchiontacht a chur in iúl do na Gardaí, do Molly agus don bhaile uile nach bhfuil cinnte cé acu atá ag insint na fírinne - Molly nó Jason. Caithfidh Jason iarracht a dhéanamh athair Molly, Johnny, a sheachaint chomh maith nó tá seisean ag iarraidh é a mharú ós rud é go gcreideann sé scéal Molly.

Craoltar Ros na Rún ag 8.30in gach Máirt agus Déardaoin ach an bhfuil sé róluath sa lá do scéalta lán gnéis, drugaí agus baol foréigin ar an teilifís? Síleann Lisa, "Níl aon am maith gur féidir leat scéalta dá leithéid a chraoladh ach tá sé tábhachtach go dtabharfar aitheantas do scéalta mar é. Tá sé réalaíoch agus is cuid den fhíorshaol é."

Is in 2008 a thosaigh Lisa i bpáirt Molly agus í ag aisteoireacht agus bhí an t-aisteoir clúiteach, Mick Lally, sa chéad radharc a rinne sí sa sobaldráma. "Is mór an onóir domsa a bheith ag aisteoireacht leis na haisteoirí is mó sa tír, ní amháin Mick Lally ar mór an chailliúint é, ach sa tseachtain chéanna bhí mé ag déanamh radharcanna sa phub le Tadhg agus le Séamus; bhí an tseachtain beagán *overwhelming* dom," a deir Lisa. Is bean í Lisa nach bhfuil sé i gceist aici díriú ar ghné amháin de ghairm na teilifíse. Tá sí díreach tar éis céim a bhaint amach sa chumarsáid, agus ba mhaith léi bheith ag scríobh nó ag stiúradh sa todhchaí. Ní sa drámaíocht amháin a luíonn a suim ach i ngearrscannáin agus i gcláir faisnéise chomh maith. Tá spéis faoi leith aici i mionteangacha agus amach anseo tá gach seans ann go ndéanfar ceangal idir an dá shuim sin. "Ar an taobh eile de," a deir sí, "dá gcuirfeadh duine éigin glaoch orm amárach chun scannán a dhéanamh, cinnte dhéanfainn é!"

Féach ar: Blaiseadh de sceideal na Nollag ar TG4 (Féach ar gaelsceal.ie chun na buaicphointí uile a fheiceáil)

Dún Chaoin, Daichead Bliain
Lá Nollag 22.00
Clár nua álainn faoi cheann de na bailte beaga Gaeltachta is deise agus is cáiliúla ar fad. Bhí triall na scoláirí ann ó thús na hAthbheochana agus cáil ar leith ar na seanchairde agus ar na carachtair a bhí ann, ina measc Muiris "Kruger" Caomhánach, tábhairneoir agus fear seoigh. Rinne Ollscoil Los Angeles scannán faisnéise faoi Dhún Chaoin i 1967 agus tá an chartlann luachmhar sin mar chnámh droma an scannáin nua seo le Brenda Ní Shúilleabháin ina bhfeicfear mar a bhí agus mar atá. Clár gleoite do Lá Nollag.

Darragh Ó Sé - Rí na Ríochta
Lá 'le Stiofáin 19.05
Clár nua faoi cheann de na peileadóirí is fearr a d'imir riamh i lár na páirce agus a thuill clú agus cáil - agus sé bhonn Craoibhe le Ciarraí - go dtí gur éirigh sé as an imirt idirchontae i mbliana. Áirítear é ar na peileadóirí Gaeltachta is fearr - ardghradam i bhfianaise na hiomaíochta óna dheartháireacha féin agus óna uncail iomráiteach, Páidí. Seo Darragh ag caitheamh súil siar ar a shaol peile agus lucht an eolais ag meas a chumais, ina measc a mhuintir féin, a chomhimreoirí agus saineolaithe ó chontaetha eile.

Éist le: Blaiseadh de sceideal na Nollag ar RTÉ Raidió na Gaeltachta (Féach ar gaelsceal.ie chun na buaicphointí uile a fheiceáil)

Lá Nollag 'An Caifé Ceoil'
Beidh deis ag éisteoirí éisteacht an athuair leis an gclár seo a craoladh den chéad uair i mí Mheán Fómhair. Beidh an láithreoir scannán Bob Quinn ag comhláithriú an chláir le Colmán Seoighe, agus beidh sé ag dul siar ar bhóithrín na smaointe agus ag casadh cuid den cheol is mó a chuaigh i bhfeidhm air thar na blianta. 10in

Lá 'le Stiofáin 'Barrscéalta'
Tá 100 bliain ann i mbliana ó saolaíodh an tAthair Séamus Mac Duibhir i gCill Riain sna Gleanntaí agus craoladh an clár seo beo ó Oideas Gael i nGleann Cholm Cille cothrom a lá breithe, 14 Meán Fómhair. Ceannródaí a bhí san Athair Mac Duibhir a tharraing aird na tíre ar pharóiste Ghleann Cholm Cille, áit ar chaith sé cúig bliana déag agus fiche mar shagart. Bhunaigh sé go leor tograí san Iarthuaisceart, cuid acu atá ag feidhmiú go fóill, le stop a chur le taoide na himirce. Ina measc sin a raibh aithne acu air agus a bheidh le cluinstin ar an chlár beidh Liam Ó Cuinneagain ó Oideas Gael agus an tAthair Éamonn Ó Gallchóir, sagart paróiste Chill Chartha a chaith cúig bliana ina chuideachta sa Ghleann.

8 OIDEACHAS

Peil, sacar, cispheil, agus anois IÓGA - trí Ghaeilge!

Tá clár úrnuaióga(yoga) do bhunscoileanna na Gaillimhe á fhorbairt ag an lánúin Dáibhí Ó Cuinneagáin agus Laragh Ní Chuinneagáin, a ritheann an Yoga Shala i nGaillimh. Is clár é seo ina mbeidhióga á mhúineadh do dhaltaí bunscoile trí mheán na Gaeilge, sa chathair agus sa chontae. Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** le **Dáibhí Ó Cuinneagáin** faoin gclár spéisiúil seo.

"Tá plean againn chun múinteoirí atá ar an dól a thraenáil chunióga a mhúineadh do pháistí scoile," a deir an tUasal Ó Cuinneagáin. "Tá an tAire Coimirce Sóisialaí Éamon Ó Cuív ag tacú leis an bplean. Tháinig sé chuig ceann de na rangannaióga sna scoileanna agus tá sé i ndiaidh ansuim a léiriú ann.

Tá tacaíocht agamsa agus ag Laragh ó bheirt fhear, Mark da Costa, atá mar cheann ar mháinliacht chosanta croí in Ospidéal na Gaillimhe, agus Francis Finucane, atá mar speisialtóir ar mhurtall. Beidh os cionn fiche múinteoir á dtraenáil i scileanna nua, agus beidhióga á mhúineadh ag gach múinteoir do 500 páiste gach seachtain, agus iad ag múineadh i dtrí scoil an duine. Ciallaíonn sé sin go mbeidh 10,000 páiste ar fud na Gaillimhe ag foghlaimióga gach seachtain. Beidh tionchar ollmhór aige sin ar a saol!"

Ní hiad na páistí ná na scoileanna a bheidh ag íoc as na rangannaióga. Tá scéim ag an Roinn a thugann €5000 breise do dhaoine ar an dól atá ag obair ar bhealach éigin agus ag úsáid scileanna nua.

"Rud dearfach a bheidh ann do na múinteoirí seo, agus bheadh buntáiste acu siúd a bhfuil Gaeilge acu," a deir Dáibhí. "Tabharfaidh sé seans dóibh airgead breise a thuilleamh, scileanna nua a fhoghlaim, teastas atá aitheanta go domhanda a bhaint amach (íocann daoine trí nó ceithre mhíle chun an traenáil seo a dhéanamh de ghnáth), agus ar ndóigh na scileanna sin a úsáid chun grúpaí eile a mhúineadh freisin, mar shampla foirne peile. Freisin, ní bheadh mórán costas ag baint leis seo don Stát."

Cé gur i nGaillimh a bheidh an clár ag feidhmiú ar dtús, deir Dáibhí nach stopfaidh siad go dtí go leathnófar amach ar fud na hÉireann é. Ní amháin sin, ach tá muintir na hAstráile ag léiriú spéise sa chlár, agus deir siad go mbeidh siad féin ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh má éiríonn leis in Éirinn.

"Níl móránióga sa tír seo do pháistí. Bhí muid san Astráil ar feadh ceithre mhí i mbliana agus bhí muid ag obair le cuid de na múinteoiríióga is fearr ar domhan. Tá siad ag múineadhióga sna scoileanna i Sydney ar scála beag. Má éiríonn linn an scéim seo a chur i bhfeidhm, beidh sé mar an scéim is mó dá chineál ar domhan!" a deir Dáibhí.

Tá Dáibhí agus Laragh le bualadh leis an Aire Ó Cuív i mí Eanáir, chomh maith leis an gcarthanas Croí, a dhéanann iarracht fadhbanna croí a laghdú. Beidh Croí mar pháirtí acu sa scéim seo agus beidh ról tábhachtach acu ann.

"Beidh Croí ag obair linn chun teachtaireachtaí a thabhairt do na páistí," arsa Dáibhí. "Ní faoinióga amháin atá an clár seo. Is clár ollmhór é, le go leor rudaí éagsúla fite fuaite ann."

Táthar ag súil go gcuirfear an t-iarratas don chlár isteach roimh dheireadh mhí Eanáir.

"Ba mhaith linn an clár a thosú i mí Aibreáin. Caithfidh mé féin agus Laragh cúpla mí ag traenáil na múinteoirí nua agus ansin beidh siad réidh don chéad scoilbhliain eile," arsa Dáibhí. Labhraíonn sé go paiseanta faoinióga agus é ag míniú dom go dtugann sé seans do gach páiste aclaíocht a fháil, fiú mura bhfuil suim acu sa pheil ná san iománaíocht.

"Tá an córas corpoideachais ceart go leor ach ní bhaineann na páistí nach bhfuil go maith ag sacar nó peil nó rugbaí mórán taitnimh as. Saióga, bíonn gach duine páirteach ann agus bíonn daoine le siondróm Down in ann é a dhéanamh taobh leis na páistí eile. Tugann sé seans do gach páiste teacht chun tosaigh. Níl iomaíocht ann, ach a mhalairt. Táimid ag iarraidh go mbeidh meas ag na páistí ar an gcorp," ar sé.

Cuireann sé an-bhéim ar an meas seo agus ar an tábhacht a bhaineann le meas a bheith agat ort féin agus orthu siúd mórthimpeall ort. Deir sé go gceanglaíonn anióga an corp agus an intinn le chéile. Creideann sé féin agus Laragh go bhfuil paistí bunscoile ag an aois cheart chunióga a fhoghlaim.

Dairíona Nic Con Iomaire, Príomhoide Ghaelscoil Mhic Amhlaigh i gCnoc na Cathrach, Gaillimh, Laragh Ní Chuinneagáin, an tAire Coimirce Sóisialaí Éamon Ó Cuív TD, agus Dáibhí Ó Cuinneagáin. Taobh thiar dóibh tá cuid de na híomhánna a úsáideann Laragh agus Dáibhí agus iad ag múineadhióga sna scoileanna.

"Bíonn na cailíní ag iarraidh é a dhéanamh den chuid is mó agus chun na buachaillí a spreagadh deirim leo go mbím ag múineadh foireann rugbaí Chonnachta agus peileadóirí na Gaillimhe agus taispeánaim cúpla headstands dóibh!" ar sé. Is trí Ghaeilge a bheidh an clár nua seo ag feidhmiú, agus deir Dáibhí go mbíonn na múinteoirí scoile an-sásta duine a fheiceáil ag teacht isteach sa scoil agus ag úsáid na Gaeilge ar bhealach comhaimseartha.

"Baineann daoine taitneamh as an ngluaiseacht agus spraoi leis an gcorp agus bíonn craic againn, le ceol ag casadh agus mar sin de," ar sé. "Tugann na múinteoirí an-tacaíocht dom. Deir siad go mbíonn sé níos éasca na páistí a mhúineadh tar éis anióga. Bíonn páistí le ADHD in ann an ceangal idir a gcorp agus a n-intinn a aithint níos fearr. Déanann muid 20 nó 25 nóiméad leis na páistí.

Taitníonn sé leis na páistí a bheith ag déanamh staidiúir (postures) éagsúla cosúil leis an leon agus leis an gcrann ach rud atá suimiúil ná go dtaitníonn chivasna (nuair a bhíonn orthu sos a ghlacadh ag an deireadh) go mór leo freisin. Socraíonn sé iad."

Deir Dáibhí go mbíonn na páistí ag iarraidh an obair bhaile a fháil gach seachtain, ionas gur féidir leo cleachtadh a dhéanamh sa bhaile, rud atá ar fheabhas ar fad.

"Táimid ag iarraidh go mbeidh meas ag na páistí ar an gcorp ... Má éiríonn linn an scéim seo a chur i bhfeidhm, beidh sé mar an scéim is mó dá chineál ar domhan!"

Thosaigh Laragh ag múineadhióga 10 mbliana ó shin, agus tá Dáibhí ag múineadh le 6 nó 7 de bhlianta. Is saineolaithe iad ní amháin ar anióga ach ar thionchar anióga ar ár gcoirp agus ár n-intinn. Tá seans iontach ag múinteoirí dífhostaithe anois scileanna nua a fhoghlaim agus a bheith mar chuid de chlár úrnua atá mar an chéad cheann dá chineál ar domhan. Go n-éirí go geal leo!

Is féidir eolas teagmhála do Dháibhí agus Laragh a fháil ar www.theyogashala.net.

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Saoirí poiblí ag an deireadh seachtaine

Ceist: Titfidh an Nollaig ag an deireadh seachtaine i mbliana. Cad iad na laethanta saoire a bhfuil mé i dteideal iad a fháil?

Freagra :

Is laethanta saoire poiblí iad Lá Nollag (25 Nollaig), Lá Fhéile Stiofáin (26 Nollaig) agus Lá Caille (1 Eanáir). Sa bhliain 2010 titfidh Lá Nollag ar an Satharn agus titfidh Lá Fhéile Stiofáin ar an Domhnach. Sa bhliain 2011 titfidh Lá Caille (1 Eanáir) ar an Satharn.

Níl aon fhoráil ar leith sa dlí faoina rialaítear an méid a tharlaíonn nuair a thiteann lá saoire poiblí ag an deireadh seachtaine. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil teidlíocht uathoibríoch dhlíthiúil agat an chéad lá oibre eile a thógáil saor ón obair. Tá tú i dteideal na gnáthshocruithe malartacha a dhéanamh le haghaidh laethanta saoire poiblí. Is iad sin:

- Lá saor íoctha taobh istigh de mhí amháin ón lá saoire poiblí
- Lá breise curtha leis an tsaoire bhliantúil
- Lá breise pá
- An lá saoire eaglaise is gaire don lá saoire poiblí a fháil mar lá saor íoctha.

Faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, féadann tú iarradh ar d'fhostóir, 21 lá ar a laghad roimh lá saoire poiblí, cé acu de na roghanna malartacha a bheidh i bhfeidhm i do chás. Ba cheart do d'fhostóir freagra a thabhairt duit ar a laghad 14 lá roimh an lá saoire poiblí. Sa chleachtas, tabharfaidh formhór na bhfostóirí lá saor dá bhfostaithe Dé Luain an 27 agus Dé Máirt an 28 Nollaig agus Dé Luain an 3 Eanáir in ionad na saoirí poiblí - ach tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne nach teidlíocht uathoibríoch í seo.

Féadann tú gearáin maidir le saoirí poiblí a dhéanamh le Coimisinéir um Chearta ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, Teach Thomáis Mac Sheáin, Bóthar Haddington, Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath 4, Teil: (01) 613 6700, Íosghlao 1890 220 227.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

Faisnéis do Shaoránaigh

Crosfhocal 24.12.2010



NODANNA

TRASNA

1 Nod, treoir i dtreo freagra atá le réiteach (4)
3 Rud atá scríofa ach a ndéanfar eagarthóireacht níos cruinne air ar ball (7)
7 'Stair' a théann siar go dtí aois an bhéaloidis b'fhéidir (8)
9 An rud a dhéantar mar nós nó cleachtar i gcónaí (5)
10 Sagart págánach (5)
12 Pobal, náisiún (4)
14 Déan tagairt dó (3)
15 Tá sé mór timpeall orainn. Bímid dá análú (3)
17 Príosúnach le linn cogaidh (4)
19 An chuid is lú (5)
22 Tarraing i dtreo ar leith as an lár (5)
23 D'inscne na bhfear; a mhalairt ar 'baineann' (7)
26 Na sagairt (5)
27 Oscailt nó bealach a dhéanann an iontráil níos éasca (8)
28 Cén uair? (7)
29 An líon contae i gCúige Uladh (4)

SÍOS

2 An lá atá ann (5)
4 Dath an tsionnaigh (3)
5 Uladh, Mumhan, Laighean nó Connacht (5)
6 Déan amach méid nó meáchan rudaí (6)
8 Mothúchán nuair nach bhfuil bród ort as do ghníomhaíochtaí (5)
10 Díograiseach, crua (4)
11 A bhaineann le dluth, teann, cúng (4)
12 Duine dílis duit (4)
13 Cónasc gramadaí - diúltach (4)
16 Rialóir a chaitheann coróin (2)
18 An áit a athraítear rudaí ó dhuine go duine (8)
20 Uirlis i gcomhair adhmaid a bhriseadh nó a ghearradh (3)
21 Páiste baineann (5)
23 Leisciúil (5)
24 Ullamh, eagraithe (5)
25 Fiche (4)
27 Scéal nár chóir a scaoileadh le daoine (3)

Crosfhocal 17.12.2010

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Caralín Cuirtís
1282 Townspark
Átha í, Cill Dara

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 22 Nollaig, 2010 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

9 I MEASC AN PHOBAIL

Imreoirí Chorcaí, Briege Corkery, Valerie Mulcahy, Rena Buckley, Angela Walsh, Juliet Murphy agus Nollaig Cleary ag ceiliúradh 10 mbliana ag TG4 mar urraitheoirí ar Chraobh na mBan i bPáirc an Chrócaigh. Bronnadh áit ar fhoireann shárimreoirí na tréimhse sin orthu.

(PIC. BRENDAN MORAN/SPORTSFILE)

Kathryn Thomas le hElizabeth Harling agus a hiníon, Katie, sé seachtaine d'aois, a bhí mar Íosa sa bheithilín ag seoladh an Beithilín Beo le déanaí. (Pic le Pearl Phelan)

Daltaí as Rang a 6 i Scoil Naisiúnta Cholm Cille, an Tulach, lena múinteoir Bairbre Ní Ghríofa i dteannta an aisteora chlúitigh, Stephen Fry, le linn dó a bheith ar cuairt ar an scoil le gairid. Bhí Fry sa scoil mar chuid de chlár atá á dhéanamh aige faoi mhionteangacha don BBC.

Bhronn an tOllamh Fidelma Dunne Gradaim Mhíochaine an Dr Henry Hutchinson Stewart ar Louise Ryan, Béal Átha na Sluaighe, mac léinn leighis in OÉ Gaillimh, agus ar Robert Piggott, an Gort, mac léinn máinliachta in OÉ Gaillimh. Bhí searmanas speisialta ann le déanaí le ceiliúradh a dhéanamh ar an 17 mac léinn in OÉ Gaillimh ar bronnadh na gradaim orthu.

Conor agus Michael Broderick, Robert Moore, Jade Andrews agus Craig Moore ag seoladh an Beithilín Beo i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath. (Pic le Pearl Phelan)

Ó Cinnéide: "Is linne Páirc an Chrócaigh agus ní Páirc an Chrócaigh PLC"

Gráinne McElwain

Le dhá bhliain anuas tá an laoch spóirt Dara Ó Cinnéide ag cur an chlár teilifíse Seó Spóirt i láthair gach oíche Dé hAoine ar TG4. Ar eagla nár chuala tú trácht air cheana, is iar-imreoir peile le Ciarraí é a bhí ina chaptaen ar an fhoireann nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann in 2004.

"Bhí an-bhliain CLG againn i mbliana. Bhí sé tuartha agam ag tús na bliana go mbeadh an bua ag Corcaigh i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann agus mar Chiarraíoch, ní raibh sé éasca é sin a rá ach bhí an ceart agam. Cheapamar go léir ar Seó Spóirt, seachas Ger Loughnane, go mbeadh Craobh Iomána na hÉireann ag Cill Chainnigh den gcúigiú huair as a chéile ach mhothaigh Ger go mbeadh áit chónaithe nua ag Liam Mac Carthaigh i mbliana agus sin a tharla."

Rinne CLG cinneadh conspóideach le linn an tsamhraidh gan cead a thabhairt do dhaoine dul amach ag ceiliúradh ar an pháirc ag deireadh na gcluichí mar gheall ar chúrsaí slándála agus sábhailteachta. Cuireadh geataí móra suas ar Chnoc 16 agus bhí feachtas mór cumarsáide ag CLG ag impí ar dhaoine gan dul ar an pháirc. Ní raibh gach duine sásta leis an chinneadh sin agus bhí Dara ina measc.

"Bhí an-díomá orm leis an gcinneadh sin agus b'fhéidir gurb é sin an díomá is mó a bhí orm i mbliana le CLG. Tuigim an chúis atá taobh thiar de ó thaobh árachais agus cúrsaí slándála de ach aontaím go láidir le Mickey Harte agus Joe Brolly nuair a deir siad gur ceiliúradh é dul amach ar Pháirc an Chrócaigh agus ba chóir go mbeimis in ann é a dhéanamh. Sílim go raibh an cinneadh sin maslach do ghnáthdhaoine an Chumainn agus is iad na gnáthdhaoine a imríonn na cluichí. Úsáideadh an eachtra leis an réiteoir Martin Sludden (tar éis Chluiche Ceannais Laighean agus lucht tacaíochta Lú a tháinig amach chun 'cainte' leis) mar leithscéal agus chuaigh an feachtas cumarsáide thar fóir. Sílim go bhfuil dearmad déanta ag CLG gur linne féin Páirc an Chrócaigh agus ní Páirc an Chrócaigh PLC."

Sa samhradh, feictear Dara ar *The Sunday Game* ar RTÉ nuair a bhíonn sé ag freagairt na gceisteanna, ach cé acu is fearr leis, láithreoireacht nó anailís? "Bíonn an-difríocht eatarthu agus mar láithreoir ní bhíonn tú in ann do thuairimí féin a nochtadh. Caithfidh tú an comhrá a threorú agus in amanna bíonn sé deacair tú féin a choinneáil siar agus gan easaontú leis na haíonna. Ach sin post an láithreora agus caithfidh mé a rá go mbainim an-taitneamh as."

"Bhí anailísithe an-mhaith againn ar Seó Spóirt i mbliana agus tháinig cúpla duine nua chun cinn ar nós Paul Galvin agus Charlie Vernon agus cuidíonn sé sin go mór. Is breá liom éisteacht leis na tuairimí difriúla ó na contaetha éagsúla agus bíonn andíospóireacht ann dá bharr. Caithfidh mé a rá chomh maith go bhfuil anmheitheal agus criú ag obair ann."

Is ar an Déardaoin 30 Nollaig a bheas Seó Spóirt deireanach na bliana ar siúl agus beidh Dara Ó Cinnéide, Seán Bán Breathnach, Darragh Ó Sé agus Ger Loughnane ag féachaint siar ar an bhliain mhór spóirt a bhí ann agus ag féachaint chun cinn ar 2011, ar na cluichí agus ar na himreoirí gur fiú súil a choinneáil orthu. Ach mar gur mhol Dara Corcaigh anuraidh do Chraobh Peile na hÉireann an bhfuil sé ag fanacht leo in 2011?

"Níl mé. Sílim go mbeidh Baile Átha Cliath in ann Craobh Peile na hÉireann a bhuachan i mbliana. D'fheabhsaigh siad go mór i mbliana agus tá an-deis acu. San iomáint, caithfidh mé dul le Cill Chainnigh mar déarfainn go mbeidh rud éigin fós ina mbolg acu. I bPeil na mBan, bualadh Corcaigh ach mothaím go mbeidh mná Chorcaí ar ais agus sa chamógaíocht, tá Cill Chainnigh tar éis an méid sin cluichí móra a chailliúnt gur cheart go seasfadh an taithí leo agus buafaidh siad i mbliana.

"Beidh 2011 ina bhliain an-mhór d'imreoirí rugbaí na hÉireann agus iad ag imirt i gCraobh an Domhain sa Nua-Shéalainn agus cé go bhfuil gach duine ag ceapadh go mbeidh an bua ag an bhfoireann bhaile mothaím go mbeidh an lá ag foireann na hAstráile," a deir Dara.

"Dom féin go pearsanta is é Conor Counihan, bainisteoir Chorcaí, réalta na bliana mar cé go raibh sé féin faoi bhrú ó thús na bliana, níor éist sé leis an gcáineadh ar fad agus níor thaispeáin sé mothúcháin riamh. Caithfidh go leor creidiúint dul dó mar sin."

Agus cén sórt seans atá ag a fhoireann féin i mbliana? "Ní dóigh liom go mbuafaidh siad Craobh na hÉireann ach ní bheidh siad i bhfad as. Níl siad chomh dona agus a cheaptar.". Ní bhíonn siad riamh.



Dara Ó Cinnéide (Pic: Ray McManus / SPORTSFILE)

Súil a choinneáil amach do ...

BÍ ag coinneáil súile amach ar chúpla clár spóirt thar an Nollaig. Ar an Mháirt seo chugainn, beidh *The Fields of Athenry* á chraoladh ar RTÉ 1 ag 10.45in. Seo amhrán a chum Pete St. John in 1979 ach anois atá le cloisteáil ag ócáidí móra spóirt ar fud fad an domhain. Déanfar iniúchadh ar an tábhacht a bhaineann leis an amhrán seo le clubanna spóirt ar nós Learphoill, Celtic, Cúige Mumhan agus foireann sacair na hÉireann. Cuirfear daoine ar nós Roy Keane, Donnacha O'Callaghan, Jerry Flannery, Ronnie Whelan agus Paddy Reilly faoi agallamh agus feicfimid an ceangal atá acu siúd leis an amhrán.

Ar an oíche chéanna ag 7.15in, beidh Hector i lár Ceist GAA na hAll Stars ar TG4. Feicfear Páidí Ó Sé agus Ger Loughnane mar chaptaein na bhfoirne agus beidh Valerie Mulcachy (Corcaigh), Aoife O'Connor (Loch Garman), Paul Galvin (Ciarraí) agus Seán Ó Domhnaill (Gaillimh) ag glacadh páirte ann.

Agus ar Lá Nollag ar TG4, beidh na cúil pheile agus iománaíochta is fearr le feiceáil ó 2010 mar a vótáil lucht féachana TG4. Sin ag tosnú ag 6.25in.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Nollaig, 2010

Ag amharc chun tosaigh ar an bhliain seo chugainn



John Allen

Tá deireadh na bliana beagnach tagtha agus pleananna déanta cheana féin don séasúr nua. Seo an chuid is daonlathaí den bhliain nua spóirt . An t-am seo bliana tá chuile fhoireann ar aon dul lena chéile (ar pháipéar pé scéal é).

Tá dóchas éigin ann go dtiocfaidh foireann nua éigin chun cinn i mbliana. Ach neosann na staitisticí peile scéal eile ar fad mar taobh amuigh de Chúige Uladh - trí chraobh ag Tír Eoghain agus ceann amháin ag Ard Mhacha, Doire agus Dún na nGall, níor bhuaigh aon fhoireann eile, seachas na contaetha láidre, ó bhí 1952 ann nuair a bhí an bua ag an gCabhán. Tá scata maith contaetha nár bhuaigh oiread is craobh amháin ó bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael.

Thuas ar bharr an dréimire a shuíonn an Ríocht agus trí dhosaen craobh acu agus gach glúin imreoirí ag iarraidh bheith níos fearr ná an dream a tháinig rompu.

Bíonn siad ar an ngearrliosta gach bliain. Is iontach an contae iad. Tá sé thar barr freisin go mbeidh laoch mar an Gooch Cooper mar chaptaen orthu nuair a bheidh siad ag déanamh iarrachta Sam a sciobadh ar ais thar an teorainn ó na Corcaígh.

Faraor, tá rud amháin ionann is cinnte agus is é sin nach mbeidh seaimpíní nua againn (club nár bhuaigh an chraobh seo riamh) i mbliana. Bheadh sé an-deacair féachaint thar Chrócaigh Chill Airne agus Chill Mochuda, Raonaithe Nemo agus Chrois Mhic Lionnáin chun an chraobh seo a bhuachaint nuair a thiocfaidh Lá Fhéile Pádraig.

Ar an ngearrliosta céanna beidh na gnáthainmneacha: Corcaigh ,Tír Eoghain, Baile Átha Cliath, agus, is dócha, an Dún agus Cill Dara. Is deacair féachaint thar na contaetha sin.

É sin ráite, níl aon dabht ach go bhfuil an córas atá ann i láthair na huaire i bhfad níos fearr ná an seancheann nuair nach raibh ach cluiche amháin ag a lán contaetha gach bliain.

Le cúpla bliain anuas chonaiceamar sárthaispeántais ag leithéidí Fhear Manach, Luimní, Shligigh, Lú agus Ros Comáin. Bíonn cúpla cluiche iontach againn gach bliain ach i ndeireadh na dála níl aon fhoireann nua ag briseadh tríd (taobh amuigh de na foirne Ultacha a luaigh mé) le Corn Sam a bhreith leo.

I gCraobh na gClub sa pheil tá an aimsir ag cur isteach ar chúrsaí i láthair na huaire. Faraor, tá rud amháin ionann is cinnte agus is é sin nach mbeidh seaimpíní nua againn (club nár bhuaigh an chraobh seo riamh) i mbliana. Bheadh sé an-deacair féachaint thar Chrócaigh Chill Airne agus Chill Mochuda, Raonaithe Nemo agus Chrois Mhic Lionnáin chun an chraobh seo a bhuachaint nuair a thiocfaidh Lá Fhéile Pádraig.

San iomáint idirchontae is deacair seans réasúnta a thabhairt d'aon fhoireann eile seachas Tiobraid Árann agus Cill Chainnigh sa séasúr nua. Beidh brú ollmhór ar Dhéaglán Ó Riain nuair a chuirfidh sé air léine an bhainisteora agus na Tiobrádaigh ag iarraidh craobh eile a chur leis an gceann a bhuadar i mbliana. Thóg se trí bliana ar Liam Ó Síodaigh, Éamonn Ó Sé agus Mícheál Ó Riain an meascán ceart a fháil chun na Cait a leagadh.

Beidh sé deacair ar na fir nua nach raibh sa chúlseomra i mbliana an caighdeán céanna a shroichint go tapa cé go bhfuil imreoirí den scoth acu agus cuid maith imreoirí óga ag feitheamh go mífhoighneach ar an imeall. Ceapaim, fós, go mbeidh sé deacair orthu.

Beidh Gaillimh agus, b'fhéidir, Port Láirge nó Corcaigh ann ag druidim le lár mhí Lúnasa ach níl mórán dóchais agam as aon chontae eile.

Caithfimid fanacht do dtí go dtosóidh an tSraith Náisiúnta chun breithiúnas a dhéanamh ar Luimneach faoi cheannas Dhónaill Uí Ghráda agus ar Bhaile Átha Cliath agus Antoin Ó Dálaigh leo den tríú bliain as a chéile. Beimid ag caitheamh súil ghéar freisin ar na hógánaigh a bheidh ag caitheamh geansaí an Chláir faoi stiúir an Sparrow O'Loughlin.

Beidh dul chun cinn ag teastáil ó gach contae ach i ndeireadh an lae ní bhíonn ach buaiteoir amháin ann. Ach fanfaimid go dtí go mbeidh an turcaí ite agus na laethanta níos faide agus an aimsir níos fearr chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu a bheidh an lámh in uachtar an chéad Domhnach i mí Mheán Fómhair, ach bheadh sé amaideach féachaint thar an dá fhoireann a thug dhá chluiche craoibhe iontacha dúinn i mbliana agus anuraidh.

In iomáint na gclub níl ach club amháin fágtha a bhuaigh an chraobh seo cheana, Seamróga Loch gCaol. Tá sé go maith go bhfuil ainmneacha nua ag dul ar aghaidh go dtí na leathchraobhacha i mbliana.

Tá De La Salle Phort Láirge ag feabhsú i ngach cluiche agus bhuaigh Droichead an Chláirín as Gaillimh craobh chontae, rud atá an-deacair a bhaint. Pé foireann a bhuafaidh Craobh Chúige Laighean, Olart de Ballagh nó Gaeil Uí Lochlainn, caithfear meas a léiriú orthu.

Mar sin, táimid ag súil le críoch spleodrach leis an gcomórtas seo i bPáirc an Chrócaigh i mí na Márta agus na sluaite móra ag tabhairt tacaíocht ghlórmhar do na clubanna is fearr sa tír.

Bíodh Nollaig chiúin, shláintiúil agaibh go léir.

Beir bua.

Súil Siar

Michael Murphy

Imreoir agus Captaen, Dún na nGall

Go pearsanta, sheas an bua i gCluiche Ceannais Peile Uladh Faoi 21amach domsa agus b'shin an buaicphointe is mó a bhí agam i mbliana. Go ginearálta cheap mé go raibh an bua ag Tiobraid Árann ar Chill Chainnigh i gCluiche Ceannais Iomána na hÉireann an-mhaith mar tháinig Tiobraid Árann ar ais ón gcluiche anuraidh chun na Cait a stopadh agus iad ag lorg an chúigiú Craobh Éireann as a chéile.

Tá sé fuarasta a rá cad é an chúis díomá is mó a bhí orm - ag cailleadh Cluiche Ceannais Peile na hÉireann Faoi 21 agus nuair a chaill mé féin an cic éirice sna bomaití deireanacha. Bhí mé trína chéile ach sin an pheil agus caithfidh tú foghlaim faoi rudaí mar sin. Beidh an chailliúint sin i gcónaí i mo chloigeann ach caithfidh tú smaoineamh air go mbeidh laethanta níos fearr agat sa todhchaí agus bhí orm leanstan ar aghaidh leis an chlub agus leis an chontae. Chuidigh sé sin liom.

Thaitin an Pheil Idirnáisiúnta go mór liom agus cé gur bhuaigh na hAstrálaigh an tSraith, bhain mé an-sult as an taithí agus go háirithe a bheith ag bualadh le imreoirí eile. De ghnáth, bíonn tú ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar na himreoirí seo ar an pháirc ach bhí sé iontach a fháil amach cén dóigh a réitíonn siad iad féin don chluiche agus na bealaí difriúla atá acu. Mar shampla, Tommy Walsh agus Tadhg Kennelly, is imreoirí proifisiúnta iad agus bhí sé spéisiúil na rudaí a dhéanann siad féin a fheiceáil - searradh agus dul go dtí an linn snámha agus mar sin de.

In 2011, is mór an onóir domsa a bheith ceaptha mar chaptaen na foirne. Beidh foireann dheas againn i mbliana idir imreoirí óga agus imreoirí le taithí. Tá Jim McGuinness linn i mbliana agus é i gceannas tar éis do John Joe Doherty éirí as, beirt laochra peile iad i nDún na nGall. Beidh mé féin ag súil go mbeidh muid in ann cluiche i gCraobh Uladh a bhaint. Níl muid tar éis cluiche a bhaint le trí bliana anuas agus is cuimhin linn gur tháinig Aontroim anseo agus go raibh an bua acu orainn le cúilín amháin dhá bhliain ó shin. Ba mhaith liom go mbeadh íomhá pheil Dhún na nGall níos fearr ná mar atá sé faoi láthair ach tá dúshlán mór romhainn. Ba mhaith liom go mbeadh Sraith mhaith againn agus b'fhéidir ardú céime a fháil ach tá sé an-luath fós.

Tuaranna do 2011

Craobh Iomána na hÉireann: Cill Chainnigh. Beidh cíocras orthu i mbliana.

Craobh Peile na hÉireann: Sílim go bhfuil an-seans ag Tír Eoghain.

Craobh Peile na mBan: Corcaigh

Craobh Camógaíochta na hÉireann: Loch Garman

Craobh Domhanda Rugbaí: An Nua-Shéalainn

Réalta Spóirt na Bliana 2010: Caithfidh tú dul leis na himreoirí gailf, Rory McIlroy agus Graeme McDowell, as an méid a bhain siad amach i mbliana.

ar Spórt 2010

Le Gráinne McElwain

Juliet Murphy

Imreoir peile le Corcaigh

Sheas dhá eachtra spóirt amach domsa i mbliana, an chéad cheann nuair a bhuaigh na peileadóirí fir ó Chorcaigh Craobh na hÉireann tar éis tréimhse fada. Bhí sé iontach Corcaíoch mar Graham Canty a fheiceáil ag ardú Chorn Mhic Uidhir agus bhí óráid Conor Counihan i ndiaidh an chluiche go maith nuair a thaispeáin sé cé chomh paiseanta is a bhí sé agus é ag tabhairt buíochais don lucht leanta as a bheith chomh dílís sin don fhoireann.

B'é an dul chun cinn atá déanta ag an snámhóir óg Gráinne Murphy an dara scéal spóirt is mó a sheas amach. Bhuaigh sí bonn airgid sa rás 1500m saorstíle san Eoraip i rith an tsamhraidh agus ansin bhuaigh sí dhá bhonn créumha i gCraobhchomórtais Ghearrchúrsa na hEorpa chomh maith. Is cuimhin liom ár mbainisteoir Éamonn Ryan ag insint dúinn faoin gcailín óg seo cúpla bliain ó shin agus í ag traenáil ag a cúig a chlog ar maidin agus ansin ag dul ar scoil agus ag teacht abhaile ina dhiaidh sin chun tuilleadh traenála a dhéanamh. Bhí sé ag iarraidh a chur ina luí orainn an íobairt a bhí an cailín óg seo a dhéanamh agus a chaithfidh muid féin a dhéanamh chun an corn a thabhairt abhaile. Tá sé iontach go bhfuil an cailín óg seo a raibh Éamonn ag caint fúithi dhá bhliain ó shin anois ina réalta domhanda agus maith í.

B'é an chailliúint in aghaidh Thír Eoghain i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann i bPeil na mBan an chúis díomá ba mhó a bhí orm i mbliana. Tuigim go gcaithfidh tú cailliúint am éigin agus bhí go leor de na cailíní cleachtaithe leis sin ach b'é an bealach a chaill muid an cluiche a chuir as dúinn. Bhí a fhios againn ar an bpáirc go raibh an cluiche ag sleamhnú uainn agus, leis sin, ár mbrionglóidí ar fad. Ghortaigh Gearldine O'Flynn agus Ciara O'Sullivan an ballnasc croiseach an lá sin agus ag féachaint ar a n-aghaidheanna tar éis an chluiche, cinnte, b'shin an pointe is ísle a bhí agam i mo shaol spóirt go dtí seo.

Mhothaigh mé nár thraenáil muid chomh dian i mbliana i gcomparáid le blianta eile. Dom féin go pearsanta, bhí mé ag cur rudaí eile ar chomhchéim leis an bpeil ar nós a bheith ag bualadh le cairde nó an obair agus sin rud nach ndearna mé cheana. Bhí an pheil i gcónaí tábhachtach ach níor thaispeáin muid sin inár gcuid imeartha i mbliana. Ní dóigh liom go raibh an díograis chéanna ann.

Don bhliain seo chugainn tá muid uilig aontaithe ar iarracht mhór amháin eile a dhéanamh. Ba bhreá linn Craobh na hÉireann a bhaint ach ba mhaith linn taispeántas níos fearr a thabhairt; sin an príomhrud. Tá go leor de na cailíní fós óg, timpeall 24 nó 25 bliain d'aois, ach tá roinnt eile níos sine agus tá a fhios agam nach mairfidh sé seo go deo. Ach, táim ag súil leis an mbliain seo chugainn.

Tuaranna do 2011
Craobh Iomána na hÉireann: Cill Chainnigh
Craobh Peile na hÉireann: Caithfidh mé dul le Corcaigh.
Craobh Peile na mBan: Corcaigh, tá súil agam.
Craobh Camógaíochta na hÉireann: An croí a rá Corcaigh.
Craobh Domhanda Rugbaí: An Nua-Shéalainn
Réalta Spóirt na Bliana 2010: Gráinne Murphy

Willie Mullins

Traenálaí Capall

Baile Phúinse i mbliana is mó a sheas amach domsa go pearsanta. Bhí 12 bhuaiteoir againn in 2009 agus d'éirigh linn an t-éacht céanna a dhéanamh i mbliana. Bhí sé sin fíor-speisialta agus bhí mé thar a bheith sásta. Sílim gur tháinig go leor rudaí le chéile go maith ag an am ceart. Ach caithfidh mé a rá gur thug sé ansásamh dom agus, cinnte, sin buaicphointe na bliana domsa.

"Ó thaobh spóirt go ginearálta de, bhí mé an-tógtha le taispeántas Thiobraid Árann in aghaidh Chill Chainnigh i gCluiche Ceannais Iomána na hÉireann. Cé gurb as Cill Chainnigh mé féin, bhí na Tiobrádaigh an-mhaith ar an lá. Chuaigh an bua a bhí ag an imreoir gailf Graeme McDowell i bhfeidhm orm nuair a chroch sé leis an US Open, an chéad Eorpach chun é sin a dhéanamh le daichead bliain anuas."

"In 2011, táim ag súil go mbeidh muid in ann an fhoireann a choinneáil le chéile agus go mbeidh muid gan ghortuithe. Beidh muid ag súil leis na féilte rásaíochta in Cheltenham, i dTeach na Sióg agus i mBaile Phúinse. Tá an capall Hurricane Fly ag feabhsú agus tá muid ag súil go mbeidh sé ag rith in Cheltenham an bhliain seo chugainn mar nach bhfuair sé an deis sin i mbliana ná anuraidh."

Tuaranna do 2011
Craobh Iomána na hÉireann : Caithfidh go mbeidh Cill Chainnigh ar ais níos láidre.
Craobh Peile na hÉireann : Táim ag súil go mbeidh an bua ag Contae na Mí chun Noel Meade a choinneáil gnóthach agus as an slí!
Craobh Domhanda Rugbaí: An Nua-Shéalainn. Beidh sé an-deacair iad a stopadh.

James "Cha" Fitzpatrick

Iománaí Chill Chainnigh

Is aoibhinn liom rásaíocht capall agus mar sin b'é an bua a bhí ag Tony McCoy ar Don't Push It chun an Grand National a bhuachan den chéad uair an eachtra spóirt is mó a sheasann amach domsa i mbliana. Bhí sé sin spéisiúil. Tá an-mheas agam air mar mharcach agus ar JP McManus agus an méid atá bainte amach acu. Níor chuir mé aon gheall air áfach.

"Is é an díomá is mó a bhí orm i mbliana ná gur chaill muid in aghaidh Thiobraid Árann i gCluiche Ceannais na hÉireann. Bhí an-díomá orainn tar éis an chluiche ach bhuaigh an fhoireann is fearr ar an lá."

"Chuir na gortuithe isteach orainn, cinnte, agus b'fhéidir, ag féachaint siar, go rabhamar ró-thógtha le gortuithe a bhí ag cur as do Henry Shefflin agus John Tennyson, gan a bheith ag smaoineamh ar Thiobraid Árann. Ach bhí an-ocras ar Thiobraid Árann ar an lá agus ní raibh aon fhreagraí againn dóibh."

"In 2011, táim ag súil le tús a chur leis an mbliain iomána arís. B'fhéidir nach bhfuil mé ag súil chomh mór sin leis an traenáil i mí Eanáir ach tá súil agam go mbeidh Sraith mhaith againn agus samhradh fada."

Tuaranna do 2011
Craobh Iomána na hÉireann: Tá súil agam Cill Chainnigh, ach beidh sé an-deacair Tiobraid Árann a stopadh.
Craobh Peile na hÉireann: Baile Átha Cliath mar gur fheabhsaigh siad an méid sin i mbliana.
Craobh Domhanda Rugbaí: Tá súil agam go n-éireoidh go maith le hÉirinn.
Réalta Spóirt na Bliana 2010: Tony McCoy as an mbealach a bhuaigh sé an Grand National i mbliana agus as an méid a gcuireann sé a chorp féin tríd -gan ithe - agus is cuma cé mhéad uaireanta a ghortaíonn sé é féin, tagann sé ar ais i gcónaí. Tá an-mheas agam air.

Jane Adams

Imreoir Camógaíochta, Aontroim

Bhuaigh muid Craobh Shóisir na hÉireann i mbliana agus bhí sé anspeisialta domsa mar tháinig mé ar ais ó ghortú ballnaisc chroisigh i mí Aibreáin. Bhí mé mar chaptaen ar an fhoireann chomh maith. Bhí mé ag súil go mór le himirt i bPáirc an Chrócaigh in aghaidh Phort Láirge ach bhí díomá orm nár bhuaigh muid an cluiche an chéad lá. Níor imir muid go maith agus bhí díomá orm le mo thaispeántas féin. Ach nuair a bhuaigh muid an dara cluiche, bhí sé iontach. Sílim go raibh an fhoireann is fearr ag Aontrim le fada an lá ag imirt i mbliana agus tá moladh mór tuillte ag an bhainistíocht.

"Do 2011, tá súil agam go n-éireoidh go maith lenár gclub Ó Donabháin Rossa i gCluiche Leathcheannais Club na hÉireann in aghaidh Inis Cara ó Chorcaigh (beidh an cluiche á imirt i mí Feabhra) agus bheinn ag súil go mbeadh tionchar mór againn sa ghrád idirmheánach".

Tuaranna do 2011
Craobh Iomána na hÉireann: Cill Chainnigh
Craobh Peile na hÉireann: An Dún.
Craobh Peile na mBan: Baile Átha Cliath
Craobh Camógaíochta na hÉireann: Sinsir: Loch Garman; Idirmheánach: Aontroim; Sóisir, ba bhreá liom go mbeadh an bua ag Port Láirge.
Craobh Domhanda Rugbaí: Muiníneach go mbeidh Éire go maith.
Réalta Spóirt na Bliana 2010: Eoin Kelly ó Thiobraid Árann. Tá aithne agam air agus bhí sé iontach go raibh an deis aige Corn Liam Mhic Cárthaigh a ardú.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

Gaelscéal
● 24.12.2010

Sneachta agus Sioc ann ach leanann an Rugbaí ar aghaidh

Dúshlán mór roimh Chúige Chonnacht. (Pic: David Maher / SPORTSFILE)

Babhta 11 i Sraith Magners

Gráinne McElwain

Fillfidh cúigí na hÉireann ar Shraith Magners an deireadh seachtaine seo tar éis dóibh uile a bheith ag imirt i gcomórtais na hEorpa ar an deireadh seachtaine. As siocair go bhfuil an Nollaig ag druidim linn ní bheidh orthu mórán taistil a dhéanamh le himirt in aghaidh a chéile an deireadh seachtaine seo i mbabhta 11 agus an chéad deireadh seachtaine sa bhliain nua i mbabhta 12 chomh maith.

Is ar bhóthar an N18 a bheidh foireann Chúige Mumhan ar an Domhnach agus iad ag imirt sa Sportsground in aghaidh Chúige Chonnacht. Níl aon amhras faoi ach go mbeidh díomá orthu tar éis an chluiche a chaill siad in aghaidh na Ospreys (19-15), go háirithe an scrios a rinneadh orthu sa chlibirt, agus beidh neart oibre le déanamh acu chun é sin a chur ina cheart. Tá siad ag barr Shraith Magners, níl caillte acu ach dhá chluiche sa chomórtas agus an dá chluiche sin as baile in aghaidh Chúige Laighean agus Dhragain Newport Gwent.

Cúis imní do Chúige Chonnacht an cluiche seo mar ní go ró-mhaith atá cúrsaí leo faoi láthair. Chaill siad sna Sportsgrounds in aghaidh Harlequins (9-15) i gComórtas Dúshláin Amlin Dé hAoine seo caite agus tá deireadh an bhóthair buailte leo sa chomórtas sin. I Sraith Magners tá siad áit amháin os cionn Aironi atá ag tóin an tábla, níl aon chluiche buaite acu sa tsraith ó bhí mí Mheán Fómhair ann, agus tá sé chluiche as a chéile caillte acu idir Comórtas Dúshláin Amlin agus Sraith Magners. Bhris captaen na foirne, John Muldoon, a lámh in aghaidh Harlequins agus ní bheidh sé ar fáil don chluiche.

Is aisteach an mianach atá i gCúige Mumhan. Tá siad gortaithe tar éis na Ospreys agus beidh fonn orthu an freasúra a ghortú anois, is cuma cé hiad féin. Anuraidh b'iad Cúige Mumhan a bhuaigh an cluiche seo sna Sportsgrounds (12-18) agus cuireadh stop le sodar Chonnacht mar go raibh ocht gcluiche as a chéile buaite sa bhaile ag na Connachtaigh roimh an gcluiche sin.

Tá Cúige Uladh agus Cúige Laighean sa chúigiú agus sa séú háit ar an tábla, cé go bhfuil cluiche sa bhreis fós le himirt ag Cúige Uladh. Ba cheart go mbeadh an-mhisneach ag an dá fhoireann seo agus iad ag tabhairt aghaidhe ar a chéile i gCnoc an Fhéich, Ravenhill, tar éis an méid a bhain siad amach le coicís anuas.

Ceithre chluiche as a chéile atá buaite ag Cúige Uladh, dhá chluiche i gCorn na hEorpa in aghaidh Bath le coicís anuas agus dhá cheann i Sraith Magners. Tá níos mó dóchais ag lucht tacaíochta na nUltach as an fhoireann seo ná mar a bhí le fada agus bí cinnte go mbeidh slua breá i láthair agus iad ag iarraidh an dóchas sin a láidriú agus an bua a fháil ar na cuairteoirí. Ní bheidh aon easpa misnigh orthu mar bhuaigh siad i gCnoc an Fhéich anuraidh in aghaidh Chúige Laighean (16 -14), toradh a bhrúigh na hUltaigh suas go barr na sraithe.

Cé go bhfuil díomá ar roinnt daoine nár éirigh le Cúige Laighean an pointe bónáis a chrochadh leo in aghaidh Clermont Augerne i gCorn na hEorpa, is beag duine atá ag gearán faoin taispeántas agus an chaoi go bhfuil an fhoireann ag teacht le chéile anois faoi stiúir Joe Schmidt. Beidh le feiceáil an roghnófar na himreoirí móra ar nós O'Driscoll agus Heaslip don chluiche seo ach fiú muna roghnófar tá neart imreoirí óga eile tagtha chun cinn. Is deas a bheith ag féachaint ar an stíl bhreá imeartha atá acu, an mhuinín atá acu as a chéile agus an fhéinmhuinín atá ag na himreoirí seo. Cuimhnigh siar dhá mhí ó shin nuair a bhí daoine ag iarraidh fáil réidh le Joe Schmidt - níl aon duine á rá sin anois.

An Domhnach, 26ú Nollaig
CONNACHTA v MUMHAIN
Sportsground @ 5.00 - Beo ar TG4
Dé Luain, 27ú Nollaig
ULAIDH v LAIGHIN
Cnoc an Fhéich @ 4.00 - Beo ar RTÉ/BBC NI